AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2016
COM(2016) 731 final

2016/0357 (COD)

Tograa le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/794 agus (AE) 2016/1624

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Cúlra

Is é an tosaíocht uileghabhálach atá againn slándáil na saoránach a áirithiú san Eoraip oscailte. De bharr brú ó ghéarchéim na himirce agus ó ghéarchéim na ndídeanaithe, mar aon le roinnt ionsaithe sceimhlitheoireachta, cuireadh dúshlán chreataí imirce agus slándála an Aontais Eorpaigh. Bíonn saoránaigh an Aontais ag súil go ndéanfar teorainneacha seachtracha limistéar Schengen a bhainistiú go héifeachtach chun cosc a chur ar imirce neamhrialta agus chun slándáil inmheánach fheabhsaithe a áirithiú[1]. Tá éifeachtúlacht na bainistíochta ar theorainneacha seachtracha ina réamhchoinníoll riachtanach le haghaidh na saorghluaiseachta laistigh de Limistéar Schengen agus chun éascú do thrasnú teorainneacha seachtracha an Aontais i ndomhan ina bhfuil an tsoghluaisteacht i réim. Gach bliain, trasnaíonn saoránaigh den Aontas teorainn Schengen timpeall is 400 milliún uair, agus trasnaíonn saoránaigh tíortha nach bhfuil san Aontas iad timpeall is 200 milliún uair.

Sa lá atá inniu ann, is féidir le thart ar 1.4 billiún duine ó thart ar 60 tír ar fud an domhain leas a bhaint as taisteal gan víosa chuig an Aontas Eorpach. Fágann sé sin go bhfuil an tAontas Eorpach ar an gceann scríbe is fáiltí sa domhan tionsclaithe, agus, ar bhonn phrionsabal na cómhalartaíochta, téann sé chun leasa shaoránaigh an Aontais freisin trí éascú don taisteal gan víosa thar lear. Leanfaidh an méadú ar líon na náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a rachaidh go dtí tíortha Schengen, agus meastar go dtiocfaidh méadú breis is 30 % ar líon na náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a thrasnóidh teorainneacha Schengen faoi 2020, ó 30 milliún in 2014 go dtí 39 milliún in 2020[2]. Léirítear leis na figiúirí sin an gá atá le córas a chur ar bun lenar féidir cuspóirí a bhaint amach amhail cuspóirí an chórais víosa, is é sin an baol féideartha imirce neamhrialta nó an baol féideartha slándála de bharr náisiúnaigh tríú tír a bheith ag tabhairt cuairt ar an Aontas a mheas agus a bhainistiú, ach é sin a bheith ar shlí níos éadroime agus níos báúla do chuairteoirí, i gcomhréir le cuspóirí bheartas léirscaoileadh víosa an Aontais.

Dheimhnigh an Coimisiún sa Teachtaireacht uaidh an 14 Meán Fómhair 2016 'Feabhsú na slándála i ndomhan ina bhfuil an tsoghluaisteacht i réim: malartú faisnéise feabhsaithe sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus teorainneacha seachtracha níos láidre'[3] an gá atá ann an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir soghluaisteacht a áirithiú agus slándáil a fheabhsú, agus éascú d'iontráil dhleathach chuig limistéar Schengen gan aon ghá le víosa. Tá sé léirithe go bhfuil léirscaoileadh víosaí ina uirlis thábhachtach i gcomhpháirtíochtaí le tríú tíortha a chothú, lena n-áirítear mar bhealach chun córais éifeachtacha fillte agus athghlactha isteach a áirithiú, agus chun cur le mealltacht an Aontais Eorpaigh i dtaobh gnó agus turasóireachta.

I gcomparáid le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceanglas víosa orthu, is beag faisnéis atá ag na húdaráis inniúla teorann agus forfheidhmithe dlí ar náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa ó

---

1 I suirbhé Eorabharaiméadair le déanaí, d'éiligh 71 % de na freagróirí gníomhaíocht bhreise ón Aontas Eorpach maidir le teorainneacha seachtracha agus d'éiligh 82 % acu gníomhaíocht bhreise maidir le frithsceimhlitheoireacht (Eorabharaiméadar Speisialta ó Pharlaimint na hEorpa, Meitheamh 2016).

2 Staidéar Teicniúil ar Theorainneacha Cliste, An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht HOME, 2014. http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-we-do/policies/borders-and-visas/smart-borders/index_en.htm Tá idirphlé ar léirscaoileadh víosaí le roinnt tíortha i gcomharsanacht an Aontais Eorpaigh tugtha i gcrích (cuireadh i láthair tograí ón gCoimisiún ar an tSeoirsia, ar an Úcráin, ar an Tuirc agus ar an gCosaiv).

3 COM(2016) 602 final.

thaobh baol a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo sula dtiocfaidh siad chomh fada le teorainn Schengen. Ach feidhmiú a dhéanamh ar an tsraith faisnéise agus measúnaithe riosca sin atá ar iarraidh i leith cuairteoirí gan víosa, chuirfí luach suntasach breise le bearta atá i bhfeidhm cheana chun slándáil limistéar Schengen a chothabháil agus a neartú, agus cuirfidh sé ar a gcumas do chuairteoirí gan víosa leas iomlán a bhaint as a stádas gan víosa.

Leagadh amach sa Teachtaireacht *'Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste i leith Teorainneacha agus Slándála'*[4] conas a d'fhéadfaí bainistiú teorainneacha éifeachtach, comhtháite a thógáil a bheadh bunaithe ar theicneolaíochtaí nua trí leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na hidir-inoibritheachta, agus cuireadh i bhfeidhm é i dtogra reachtach athbhreithnithe maidir le Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)[5] don Aontas Eorpach. Tá sé ina aidhm leis an togra EES nuachóiriú a dhéanamh ar bhailiú agus clárú na dtaifead ar dhul isteach agus imeacht na saoránach neamh-AE agus iad ag gabháil thar theorainneacha seachtracha an Aontais. Ag an am céanna, sheol an Coimisiún staidéar féidearthachta ar [6]Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú. Dhéanfadh ETIAS faisnéis a bhailiú ó náisiúnaigh tríú tír gan víosa, agus idir-inoibritheacht a áirithiú ó thaobh faisnéise agus bonneagar teicneolaíoch le EES agus córais faisnéise eile de chuid an Aontais. D'fhonn an idir-inoibritheacht agus chomhroinnt acmhainní is fearr is féidir a áirithiú, ba cheart forbairt agus cur chun feidhme EES agus ETIAS a dhéanamh le chéile agus ag an am céanna. Leag an tUachtarán Juncker béim ar an tábhacht a bhaineann le togra a dhéanamh go tapa i dtaobh Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil san aitheasc a thug sé faoi Staid an Aontais i mí Mheán Fómhair agus d'fhógair an Coimisiún go nglacfaí togra reachtach maidir le bunú an chórais sin faoi mhí na Samhna 2016.

Sa chomhthéacs sin, agus faoi réir na tagartha do ETIAS i dTreochlár na Bratasláive[7], i mí Dheireadh Fómhair 2016[8] thug an Chomhairle Eorpach cuireadh don Choimisiún togra a chur ar aghaidh maidir le ETIAS a bhunú, agus béim á leagadh aici ar an ngá atá le "*réamhsheiceálacha slándála a dhéanamh ar thaistealaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus diúltú dóibh dul isteach nuair is gá*".

Réasúnaíocht maidir le bunú ETIAS

Beidh ETIAS ina chóras uathoibrithe a chruthófar chun aon rioscaí a aithint a bhaineann le cuairteoir atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a bheith ag taisteal go dtí Limistéar Schengen. Tá córais dá shamhail á n-úsáid cheana féin ag tíortha ar nós na Stát Aontaithe, Cheanada agus na hAstráile agus measann siad go bhfuil na córais sin ina gcuid riachtanach dá gcreataí slándála – mar thoradh air sin, tá cur amach ag a lán de mhuintir na hEorpa ar na córais sin anois.

Baileoidh ETIAS faisnéis ar na taistealaithe sin roimh thaisteal dóibh, ionas gur féidir réamhphróiseáil a dhéanamh. I gcás na dtaistealaithe, fágfaidh an córas go mbeidh muinín acu go mbeidís in ann dul trasna na dteorainneacha gan stró.

---

4 COM(2016) 205 final.

5 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh COM(2016) 194 final, agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh Rialachán leasaitheach (AE) 2016/399 maidir le húsáid an Chórais Dul Isteach/Imeachta.

6 Staidéar Féidearthachta i leith Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), Tuarascáil Deiridh; http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-we-do/policies/european-agenda-security/legislative-documents/docs/20161116/etias_feasability_study_en.pdf.

7 http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/09/16-bratislava-declaration-and-roadmap/

8 EUCO 31/16 CO EUR 8, CONCL 4 www.consilium.europa.eu/en/../european-council/2016/10/21-euco-conclusions_pdf/

An bhainistíocht chomhtháite teorainneacha a neartú agus an tslándáil inmheánach a fheabhsú

I láthair na huaire, níl aon réamheolas ann i dtaobh cuairteoirí atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag teacht chuig teorainn sheachtrach Schengen. Ó thaobh gnéithe imirce agus gnéithe slándála araon de, is léir gur gá réamhsheiceálacha a dhéanamh chun aon rioscaí a bhaineann le cuairteoir atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a aithint agus é ag taisteal go dtí Limistéar Schengen. Faoi láthair, ní mór do ghardaí teorann cinneadh a dhéanamh ag teorainneacha seachtracha limistéar Schengen gan leas a bhaint as measúnú roimh ré. In 2014, diúltaíodh cead isteach do thart ar 286,000 náisiúnach tríú tír ag teorainneacha seachtracha AE-28. Taifeadadh an chuid is mó de na diúltuithe ag na teorainneacha seachtracha talún (81 %), agus ina ndiaidh sin bhí diúltuithe ag aertheorainneacha (16 %). Ba mar gheall ar gan víosa bhailí a bheith ag daoine a bhí thart ar an cúigiú cuid de na diúltuithe sin, ach bhain formhór na gcásanna le measúnú diúltach ar an mbaol imirce agus/nó slándála i dtaobh an náisiúnaigh tríú tír[9]. Dearbhaítear i measúnuithe riosca a rinne Europol agus an Garda Teorann agus Cósta Eorpach[10] gur ann do na rioscaí sin ó thaobh gnéithe imirce neamhrialta agus gnéithe slándála araon.

Dá bhrí sin, ba é príomhfheidhm ETIAS seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirfeadh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa isteach, trí iarratas ar líne sula dtiocfaidís chomh fada le teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, má tá rioscaí áirithe i gceist leo i dtaobh imirce neamhrialta, i dtaobh slándála nó i dtaobh na sláinte poiblí. Dhéanfaí an méid sin trí uathphróiseáil a dhéanamh ar gach iarratas arna chur isteach trí shuíomh gréasáin nó trí aip i gcoinne córais faisnéise eile de chuid an Aontais, liosta faire tiomnaithe ETIAS agus rialacha maidir le scagadh agus iad sainithe go soiléir. Leis an scrúdú sin, d'fhéadfaí a chinneadh nach bhfuil aon táscairí fíriciúla ná aon fhorais réasúnacha ann chun cosc a chur ar údarú taistil a eisiúint.

Trí bhunú ETIAS, bheadh sainordú á thabhairt don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach lena áirithiú trí mheán Láraonad ETIAS bainistiú Lárchóras ETIAS a bheidh nasctha agus comhtháite sna bonneagair náisiúnta gardaí teorann. Dhéanfaí iarratais a ndiúltófaí dóibh ón uathphróiseáil a aistriú chuig Láraonad ETIAS sa Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, a fhíoróidh go tapa cruinneas na faisnéise arna soláthar agus na bhfoláireamh arna sainaithint. Déanfar iarratais atá faoi réir foláirimh nó amais a chur ar aghaidh chuig an mBallstát freagrach nó na Ballstáit fhreagracha. Dhéanfadh an Ghníomhaireacht i dtaca le bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála faisnéise sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais ('eu-LISA') Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt agus a bhainistiú teicniúil a áirithiú. Thabharfadh Europol a ionchur i dtaobh gnéithe slándála.

Trína cheangal go mbeidh údarú taistil bailí ag gach náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, beag beann ar an modh taistil nó an pointe iontrála, áiritheoidh an tAontas Eorpach go ndéanfar gach cuairteoir a sheiceáil roimh theacht agus a stádas gan víosa á urramú go hiomlán aige. Tá ábharthacht ar leith ag an gcóras, áfach, i gcás teorainneacha talún mar nach ngineann na náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus atá ag taisteal ar tír (siúl na gcos, carr, bus, trucail, traein) Réamheolas Paisinéirí ná Taifid ar Ainmneacha Paisinéirí mar atá amhlaidh i gcás aerthaistil nó taisteal ar muir.

Dá réir sin, treiseoidh ETIAS slándáil inmheánach an Aontais ar dhá bhealach: ar an gcéad dul síos, trí dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol slándála a shainaithint sula dtiocfaidh siad chomh fada le teorainn sheachtrach Schengen; agus, ar an dara dul síos, trí fhaisnéis a sholáthar d'údaráis

---

9 http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Statistics_on_enforcement_of_immigration_legislation

10 Europol TE-SAT 2016 https://www.europol.europa.eu/activities-services/main-reports/eu-terrorism-situation-and-trend-report

náisiúnta um fhorghníomhú an dlí agus do Europol, nuair is gá sin i gcás sonrach a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Éascú don taisteal

Ina theannta sin, éascóidh ETIAS do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus teorainn sheachtrach Schengen á trasnú acu. Bheadh fáil ar údarú ETIAS trí phróiseas iarratais, a bheadh simplí, saor, tapa, agus nach mbeadh gá le céimeanna breise ina leith i bhformhór mór na gcásanna. De réir na taithí atá ag tíortha eile a bhfuil córais den chineál céanna acu i leith údaruithe taistil (SAM, Ceanada, an Astráil), is freagra dearfach a bheadh ar thart ar 95 % de na cásanna, a chuirfí in iúl d'iarratasóirí laistigh de chúpla nóiméad. Ní dhéanfaí méarloirg agus sonraí bithmhéadracha eile a bhailiú. Bheadh an t-údarú bailí ar feadh cúig bliana agus i leith turais éagsúla agus ní ghearrfaí ach táille iarratais EUR 5. D'fhágfadh an t-údarú roimh thaisteal go mbeadh soiléireacht ag náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a bheadh ag triall ar limistéar Schengen. Nuair a bheadh an t-údarú taistil faighte ag na hiarratasóirí, bheadh luathléiriú iontaofa acu i dtaobh cead isteach a bheith acu chuig limistéar Schengen. Feabhas suntasach a bheadh i gceist ansin do thaistealaithe i gcomparáid le cúrsaí mar atá faoi láthair.

Fiú más ag na gardaí teorann ag an teorainn sheachtrach a bheidh an cinneadh deiridh maidir le cead dul isteach i Limistéar Schengen, i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen, fágfaidh ETIAS go dtiocfaidh laghdú nach beag ar líon na gcásanna ina ndiúltófar cead isteach ag na pointí trasnaithe teorann. Beidh na gardaí teorann in ann a fheiceáil cibé acu an bhfuair an duine os a gcomhair údarú taistil nó nach bhfuair roimh theacht chuig an teorainn. Ar an gcaoi sin, beidh ETIAS in ann na costais a laghdú ar iompróirí i dtaobh paisinéirí a thabhairt ar ais ó theorainneacha muirí agus aertheorainneacha. I gcás daoine ar diúltaíodh údarú dóibh, ní chuirfidh siad amú am agus airgead ag taisteal go dtí limistéar Schengen. Is féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne na gcinntí sin sa Bhallstát a ghlac an cinneadh sin agus ní bheadh gá le próiseas iarratais víosa fada agus costasach a sheoladh mar atá amhlaidh i ndáil le córais den chineál céanna i leith údaruithe taistil.

Príomhghnéithe ETIAS

Sainmhíniú

Bheadh an córas atá beartaithe, Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), ina chóras de chuid an Aontais do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag trasnú na dteorainneacha seachtracha. Chumasófaí faoin gcóras a chinneadh an mbeadh baol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí ann de dheasca na daoine sin a bheith ar chríoch na mBallstát.

Chun na críche sin, thabharfaí isteach údarú taistil mar choinníoll nua i ndáil le teacht isteach i limistéar Schengen agus mura mbeadh údarú taistil bailí ETIAS ag duine dhiúltófaí cead isteach chuig limistéar Schengen dó nó di.

Ina theannta sin, i gcás inarb infheidhme, bheadh ar iompróirí a sheiceáil go bhfuil údarú taistil bailí ETIAS ag a gcuid paisinéirí roimh ligean dóibh dul ar bord a gcóra iompair chun triall ar thír Schengen.

Bheadh údarú taistil bailí ina léiriú iontaofa don chuairteoir go bhfágann na measúnuithe riosca a rinneadh roimh theacht chuig pointe trasnaithe teorann Schengen go bhfuil sé/sí, a priori, incháilithe chun dul isteach i limistéar Schengen. Chuirfeadh an garda teorann i gcrích na seiceálacha rialaithe teorann go fóill mar a fhoráiltear faoi Chód Teorainneacha Schengen agus dhéanfadh an té sin an cinneadh críochnaitheach maidir le cead isteach a dheonú nó a dhiúltú.

Bheadh ETIAS comhdhéanta de Chóras Faisnéise ETIAS, Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS.

Bheadh **Córas Faisnéise ETIAS** comhdhéanta de lárchóras chun na hiarratais a phróiseáil; Comhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta i ngach Ballstát a bheadh bunaithe ar na sonraíochtaí teicniúla céanna i gcás gach Ballstáit, le gur féidir ceangal a dhéanamh idir an lárchóras agus na bonneagair teorann náisiúnta dá gcuid; bonneagar cumarsáide idir an lárchóras agus na Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta; suíomh gréasáin poiblí agus aip le haghaidh gléasanna móibíleacha; seirbhís ríomhphoist; seirbhís cuntais shláin lena gcuirfí ar a gcumas d'iarratasóirí faisnéis bhreise agus/nó doiciméid bhreise a sholáthar, dá mba ghá; geata iompróra; seirbhís gréasáin lena gcumasófaí an chumarsáid idir an lárchóras agus páirtithe leasmhara seachtracha, agus bogearraí lena gcuirfí ar a gcumas do Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS na hiarratais a phróiseáil.

Chomh fada agus is féidir agus is indéanta go teicniúil, ath-úsáidfidh Córas Faisnéise ETIAS comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí EES agus a bhonneagar cumarsáide. Dhéanfaí idir-inoibritheacht a bhunú freisin leis na córais faisnéise eile a bheidh á gceadú ag ETIAS ar nós VIS, sonraí Europol, Córas Faisnéise Schengen (SIS), Eurodac agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS).

Bunófar **Láraonad ETIAS** laistigh den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, agus beidh sé ina chuid dá chreat dlí agus beartais. Ag feidhmiú dó ar bhonn 24/7, beidh ceithre chúram lárnacha ar Láraonad ETIAS: 1) a áirithiú go bhfuil na sonraí atá stóráilte sna comhaid iarratais agus na sonraí atá ar taifead i gCóras Faisnéise ETIAS ceart agus cothrom le dáta, 2) i gcás inar gá, na hiarratais ar údarú taistil a fhíorú chun fáil réidh le débhríocht ar bith i dtaobh chéannacht an iarratasóra i gcás amas a fuarthas le linn an phróisis uathoibrithe, 3) táscairí riosca sonracha de chuid rialacha ETIAS maidir le scagadh a shainiú, a thástáil, a chur chun feidhme, a mheasúnú agus a athbhreithniú tar éis dul i gcomhairle le Bord ETIAS um Scagadh, agus 4) iniúchtaí rialta a dhéanamh ar bhainistiú na n-iarratas agus ar chur chun feidhme rialacha ETIAS maidir le scagadh, go háirithe i ndáil lena dtionchar ar chearta bunúsacha agus i dtaca le príobháideacht agus cosaint sonraí.

Dhéanfaí **Aonaid Náisiúnta ETIAS** a bhunú i ngach Ballstát, agus is orthu a bheadh an phríomhfhreagracht maidir leis an measúnú riosca a chur i gcrích agus cinneadh a dhéanamh ar údarú taistil i gcás na n-iarratas a ndiúltódh an próiseas iarratais uathoibrithe dóibh. Níor mhór acmhainní leordhóthanacha a bheith acu chun a gcúraimí a chomhlíonadh ar bhonn 24/7. Dá mba ghá, rachaidís i gcomhairle le hAonaid Náisiúnta eile agus le Europol agus d'eiseoidís tuairimí nuair a rachadh Ballstáit eile i gcomhairle leo. Ghníomhóidís freisin mar lárphointí rochtana náisiúnta maidir le hiarratais ar rochtain ar shonraí ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a thagann faoina n-inniúlacht a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Ina theannta sin, bhunófaí **Bord ETIAS um Scagadh** ag a mbeadh feidhm chomhairleach laistigh den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach. Bheadh sé comhdhéanta d'ionadaí ó gach Aonad Náisiúnta ETIAS agus Europol, agus rachfaí i gcomhairle leis maidir leis na táscairí riosca a shainiú, meastóireacht a dhéanamh orthu agus iad a athbhreithniú, chomh maith le cur chun feidhme liosta faire ETIAS.

Raon feidhme

Beidh feidhm ag ETIAS maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, lena n-áirítear, agus nuair a thagann sé chuig seiceáil a dhéanamh ar an mbaol slándála agus ar an mbaol don tsláinte phoiblí, baill de theaghlaigh shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus de theaghlaigh náisiúnach tríú tír ag a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta, mura bhfuil cárta cónaithe acu.

Ní bheidh feidhm ag ETIAS maidir leo seo a leanas: sealbhóirí víosaí fadfhanachta, sealbhóirí ceadanna tráchta teorann áitiúil, saoránaigh na micreastát i limistéar Schengen, sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus baill de chriú long nó aerárthach agus iad ar dualgas, náisiúnaigh tríú tír ar baill de theaghlaigh shaoránaigh an Aontais iad nó baill de theaghlaigh náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus ag a bhfuil cárta cónaithe bailí, agus dídeanaithe aitheanta, daoine gan stát nó daoine eile a bhfuil cónaí orthu i mBallstát agus a bhfuil doiciméad taistil acu arna eisiúint ag an mBallstát sin.


Ní feidhm ag ETIAS maidir le saoránaigh an Aontais. Dá bhrí sin, i gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil náisiúntachtaí éagsúla acu, lena n-áirítear náisiúntacht Ballstáit den Aontas Eorpach, ní mór dóibh leas a bhaint as an bpas arna eisiúint ag Ballstát den Aontas Eorpach chun dul isteach i limistéar Schengen.

Tá sealbhóirí ceadanna tráchta teorann áitiúil eisiata ó raon feidhme Rialachán ETIAS, go dtí go ndéanfar measúnú críochnúil ar an mbaol slándála a bhaineann leis an gcatagóir daoine sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006, lena leagtar síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha seachtracha talún na mBallstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen. Scrúdóidh an Coimisiún Eorpach an gá atá le Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 a mhodhnú, lena áirithiú go bhfágfaidh na coinníollacha maidir le ceadanna tráchta teorann áitiúil a eisiúint go ráthófar measúnuithe cuí ar bhaol slándála, gan dochar a dhéanamh ar shlí ar bith don éascú atá ag sealbhóirí ceadanna tráchta teorann áitiúil de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 agus Chód Teorainneacha Schengen. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach scrúdú freisin ar ghnéithe slándála an cheada féin.

An Próiseas i dtaobh Iarratas ar Údarú Taisteal agus a Eisiúna

Leagtar amach go mion sa togra reachtach na céimeanna praiticiúla agus an próiseas maidir leis an údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú. Cuirtear i láthair san fhíor thíos forbhreathnú ar an bpróiseas ó thaobh an náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa.

Fíor 1: Turas taistealaí le ETIAS



Iarratas ar líne

Roimh an turas atá beartaithe, cruthaíonn an t-iarratasóir iarratas ar líne, trí shuíomh gréasáin tiomnaithe nó tríd an aip.

Chun an t-iarratas a chomhlánú, iarrfar ar gach iarratasóir na sonraí seo a leanas a sholáthar:

– An sloinne (ainm an teaghlaigh), an céadainm nó na céadainmneacha, sloinne breithe, gnáthainm nó gnáthainmneacha; dáta breithe, áit bhreithe, tír bhreithe, inscne, náisiúntacht reatha, céadainmneacha thuismitheoirí an iarratasóra; seoladh baile;

– Doiciméad taistil;

– Más infheidhme, aon náisiúntacht eile;

– Eolas faoin áit bhuanchónaithe;

– Seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

– Ballstát na chéad iontrála atá beartaithe;

– Sonraí oideachais agus sonraí na slí bheatha reatha;

– Freagraí ar shraith ceisteanna cúlra ETIAS (maidir le riochtaí a mbaineann baol eipidéime leo nó galair thógálacha nó galair sheadánacha ghabhálacha eile; taifid choiriúla; láithreacht i gcriosanna cogaidh; agus aon chinneadh roimhe sin chun filleadh ar theorainneacha nó orduithe i dtaobh imeacht ó chríoch Bhallstát den Aontas Eorpach),

– I gcás gur mionaoiseach é an t-iarratasóir, céannacht an duine atá freagrach as an mionaoiseach,

– Má tá an t-iarratas á chur isteach ag duine seachas an t-iarratasóir féin, céannacht an duine agus an chuideachta a bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta uirthi (más cuí).

– Maidir le baill de theaghlaigh shaoránaigh an Aontais nó baill de theaghlaigh náisiúnach tríú tír atá ag baint tairbhe as saorghluaiseacht gan cártaí cónaithe: a stádas mar bhall den teaghlach; sonraí céannachta an bhaill teaghlaigh lena bhfuil ceangal ag an iarratasóir; an gaol muintearais eatarthu.

Ní thógfadh sé níos mó ná 10 nóiméad i bprionsabal an fhoirm iarratais a chomhlánú ar líne. Seachas pas bailí a bheith ag duine, ní bheadh aon doiciméid bhreise ag teastáil chun freagra a thabhairt ar na ceisteanna a chuirfí.

Ghlacfadh ETIAS le hiarratais arna dtabhairt isteach thar ceann an iarratasóra i gcásanna nach féidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa iarratas a chruthú iad féin (mar shampla, mar gheall ar aois, leibhéal litearthachta, rochtain ar theicneolaíocht faisnéise agus easpa cumais leas a bhaint aisti). Sna cásanna sin, féadfaidh an tríú duine an t-iarratas a chur isteach ar an gcoinníoll go n-áireofar céannacht an té sin san iarratas.

I gcás iarratasóirí a raibh sé i gceist acu taisteal ó i bhfad ar shiúl, is iondúil go gceannóidís ticéad ar líne nó trí ghníomhaire taistil. Tá úsáid na teicneolaíochta faisnéise i gceist sa dá chás sin. Dá bhrí sin, beidh rochtain dhíreach ag an iarratasóir ar an teicneolaíocht is gá chun iarratas ETIAS a chur i láthair nó beidh an deis aige a iarraidh ar an ngníomhaire taistil an t-iarratas a chur isteach ar a shon nó ar a son.

An táille a íoc

Nuair a bheidh an t-iarratas ullamh, ní mór go n-íocfar táille EUR 5 in aghaidh an iarratais i ndáil le gach iarratasóir os cionn 18 mbliana d'aois. Íocaíocht leictreonach in euro a bheadh i gceist, le cárta creidmheasa nó modhanna íocaíochta eile. Féadfar na modhanna íocaíochta atá ar fáil a shonrú tuilleadh níos déanaí, chun modhanna íocaíochta breise atá cothrom le dáta a áireamh, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíocha agus ar an bhfáil atá orthu, i dtreo is nach gcuirfear bac ar náisiúnaigh tríú tír gan víosa a mb'fhéidir nach bhfuil rochtain acu ar mhodhanna íocaíochta áirithe agus iarratas ar údarú ETIAS á dhéanamh acu.

Dhéanfadh banc nó idirghabhálaí airgeadais an íocaíocht a bhainistiú. Ní sholáthrófaí na sonraí is gá i ndáil leis an íocaíocht a chur i gcrích ach amháin don chuideachta a oibríonn an t-idirbheart airgeadais agus ní phróiseálfadh ETIAS é i gcomhthéacs an iarratais.

Nuair a gheofar an íocaíocht, cuirfear iarratas ETIAS isteach go huathoibríoch.

Próiseáil iarratais


Thosódh an próiseas maidir le hiarratas a mheas agus cinneadh a dhéanamh ina thaobh láithreach tar éis íocaíocht na táille a dheimhniú.

Dhéanfaí an t-iarratas a uathphróiseáil. I gcás inarb infheidhme, dhéanfadh Láraonad ETIAS agus Aonad nó Aonaid Náisiúnta ETIAS próiseáil láimhe ar an iarratas.

Céim 1 – Uathphróiseáil

Faoin gcéim uathoibrithe sin, próiseálfar sonraí a bhaineann le sonraí céannachta, doiciméad taistil, agus na freagraí ar na ceisteanna cúlra. Laistigh de chúpla nóiméad, rachaidh an lárchóras ar aghaidh chuig cros-seiceáil lán-uathoibríoch ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an iarratasóir os coinne córais faisnéise eile, liosta faire arna bhunú in ETIAS agus os coinne rialacha ETIAS maidir le scagadh, rialacha a bheidh sainithe go soiléir.

Fíor 2: Uathphróiseáil iarratais



Is é cuspóir an uathphróisis sin an méid seo a leanas a áirithiú:

– nach bhfuil aon údarú taistil bailí eile ann cheana féin, nach bhfuil na sonraí arna soláthar san iarratas maidir leis an doiciméad taistil ag comhfhreagairt d'iarratas eile ar údarú taistil a ghabhann le sonraí céannachta éagsúla, agus nach bhfuil an t-iarratasóir ná an doiciméad taistil a ghabhann leis ag comhfhreagairt d'iarratas ar údarú taistil a diúltaíodh, a rinneadh a chúlghairm nó a cuireadh ar neamhní (ETIAS);

– nach bhfuil an t-iarratasóir faoi réir foláireamh um dhiúltú cead isteach (SIS) agus/nó nach bhfuil an doiciméad taistil a úsáideadh i gcomhair an iarratais ag comhfhreagairt do dhoiciméad taistil a tuairiscíodh gur cailleadh é, gur goideadh é nó gur cuireadh ó bhail é (SIS agus SLTD de chuid Interpol);

– nach bhfuil an t-iarratasóir faoi réir foláirimh ar bhonn Barántas Gabhála Eorpach agus nach bhfuiltear sa tóir air lena ghabháil chun críocha eiseachadta (SIS)

– nach bhfuil sé tuairiscithe gur rófhantóir é an t-iarratasóir, faoi láthair nó san am atá caite, ná gur diúltaíodh cead isteach dó (EES);

– nár diúltaíodh iarratas ar víosa don iarratasóir sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS – bheadh sé sin bailí i ndáil le náisiúnaigh tíortha ar deonaíodh stádas tarscaoilte víosa dóibh laistigh de chúig bliana nó níos lú agus i ndáil le hiarratasóirí a bhfuil níos mó ná náisiúntacht amháin acu);

– go gcomhfhreagraíonn an t-iarratasóir agus na sonraí arna soláthar san iarratas don fhaisnéis arna taifeadadh i sonraí Europol;

– go ndéanfar measúnú riosca i dtaobh baol imirce neamhrialta, go háirithe maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh an t-iarratasóir faoi réir cinneadh um fhilleadh nó ordú aistrithe a eisíodh tar éis aistarraingt nó diúltú an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta (EURODAC[11]);

– nach bhfuil aon taifead coiriúil ag an iarratasóir (ECRIS);

– nach bhfuil an t-iarratasóir agus an doiciméad taistil atá aige faoi réir foláireamh Interpol (TDAWN).

Dhéanfadh an t-uathphróiseas sin a áirithiú freisin nach bhfuil an t-iarratasóir ar liosta faire ETIAS agus dhéanfaí a fhíorú ar thug an t-iarratasóir freagra dearfach ar aon cheann de cheisteanna cúlra ETIAS.

Úsáidfear rialacha maidir le scagadh atá sainithe go soiléir laistigh de Lárchóras ETIAS chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhad iarratais. Cuimseofar sna rialacha sin algartaim lena gcuirfear i gcomparáid na sonraí arna dtaifeadadh i gcomhad iarratais ETIAS, agus táscairí riosca sonracha a léiríonn go bhféadfadh baol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte poiblí a bheith ann. Bunóidh Láraonad ETIAS na táscairí riosca sonracha tar éis dó dul i gcomhairle le Bord ETIAS um Scagadh (féach thíos).

Cinnfear an bhfuil baol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí ann ar an mbonn seo a leanas:

[11] COM(2016) 272 final.

– Staitisticí EES ar rátaí neamhghnácha rófhanachta nó diúltuithe cead isteach i gcás grúpaí sonracha náisiúnach tríú tír;

– Staitisticí ETIAS ar dhiúltuithe údarú taistil mar gheall ar bhaol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí a bhaineann le grúpaí sonracha náisiúnach tríú tír;

– Staitisticí arna ngineadh trí EES agus ETIAS araon lena léirítear comhghaolú idir an fhaisnéis a bhailítear tríd an bhfoirm iarratais ETIAS agus rófhanacht nó diúltú cead isteach.

– Faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le táscairí sonracha i leith baol slándála nó bagairtí sonracha slándála a d'aithin na Ballstáit sin.

– Faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit mar aon leis an Lárionad Eorpach um Chosc agus Rialú Galar (ECDC) maidir le baol sonrach don tsláinte phoiblí.

Beidh na rialacha sin maidir le scagadh agus baol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí spriocdhírithe, comhréireach agus sonrach. Ní bheidh imthosca ar bith i gceist ina mbeidh na tacair sonraí a úsáidtear i leith na rialacha sin bunaithe ar chine nó bunús eitneach duine, ar thuairimí polaitíochta, reiligiún nó creideamh fealsúnach, ballraíocht ceardchumainn, cleachtadh gnéis ná claonadh gnéasach.

Mura rud é gur thuairiscigh an t-uathphróiseas amas ar bith ná gné ar bith a éilíonn anailís bhreise, eisítear an t-údarú taistil go huathoibríoch agus cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas tríd an ríomhphost. Freagra dearfach den sórt sin a bheidh i gceist le formhór mór na n-iarratas (níos mó ná 95 % de na cásanna, a mheastar) agus cuirfear in iúl don iarratasóir é laistigh de chúpla nóiméad tar éis íoca.

Más rud é gur thuairiscigh an t-uathphróiseas amas ar bith nó gné ar bith a éilíonn anailís bhreise, déanfar measúnú breise ar an iarratas de láimh.

Céim 2 (más gá) – próiseáil láimhe a dhéanfaidh Láraonad ETIAS

Má thuairiscíonn an scrúdú uathoibríoch amas as córais faisnéise eile nó liosta faire ETIAS nó táscairí riosca sonracha, nó más neamhchinnte é toisc go bhfuil éiginnteacht ann faoi chéannacht an iarratasóra, dhéanfadh Láraonad ETIAS scrúdú láimhe ina dhiaidh sin. Seiceálfaidh Láraonad ETIAS an t-iarratas chun fáil réidh le débhríocht ar bith i dtaobh chéannacht an iarratasóra, ag úsáid na faisnéise a tuairiscíodh tríd an uathphróiseas. Arís, d'fhéadfadh cinneadh dearfach maidir leis an iarratas a bheith ina thoradh air sin, laistigh de 12 uair an chloig. Má tá amas deimhnithe ann, aistrítear an t-iarratas chuig Aonad Náisiúnta ETIAS Bhallstát na chéad iontrála, mar a dhearbhaigh an t-iarratasóir le linn an phróisis iarratais.

Tá súil go ndéanfaí cinneadh dearfach i dtaobh líon breise 3-4 % de na hiarratais tar éis do Láraonad ETIAS na sonraí a fhíorú. D'fhágfadh sé sin go mbeadh an 1-2 % eile de na hiarratais ETIAS ar tuairiscíodh amas nó amais ina dtaobh le haistriú chuig Aonaid Náisiúnta ETIAS le haghaidh próiseáil láimhe agus cinnidh.

Céim 3 (más infheidhme) – próiseáil láimhe a dhéanfadh Aonad Náisiúnta ETIAS Bhallstát na chéad iontrála beartaithe

Má bhraitheann an t-uathphróiseas a dhéanfaidh Lárchóras ETIAS amas (deimhnithe) i gcoinne aon cheann de na bunachair shonraí arna gceadú nó i gcoinne liosta faire ETIAS, agus/nó má thugtar le fios leis go bhfuil an t-iarratasóir ag comhfhreagairt do na rialacha maidir le scagadh, aistreofar an t-iarratas chuig Aonaid Náisiúnta ETIAS.

Chuirfeadh ETIAS an t-iarratas i leith Ballstát sonrach ar bhonn uathoibríoch, agus chuirfí é chuig Ballstát chéad iontrála beartaithe an taistealaí mar a dearbhaíodh san fhoirm iarratais.

Chomh luath agus a bheidh an t-iarratas aistrithe chuig Aonad Náisiúnta ETIAS atá freagrach, bheadh ar Aonad Náisiúnta ETIAS measúnú a dhéanamh ar an gcomhad iarratais agus a chur in iúl don iarratasóir, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis gur taisceadh an t-iarratas, cén cinneadh a glacadh (diúltach nó dearfach). Bheadh sé de chúram ar Aonad Náisiúnta ETIAS atá freagrach measúnú a dhéanamh ar an mbaol imirce neamhrialta, an baol slándála nó an baol don tsláinte phoiblí agus a chinneadh cibé acu údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú.

Sa chás ina bhfaighidh an t-iarratasóir cinneadh diúltach ar a iarratas, beidh sé de cheart aige i gcónaí achomharc a dhéanamh. Sheolfaí na hachomhairc sa Bhallstát a rinne an cinneadh maidir leis an iarratas agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Lena chois sin, foráiltear maidir le nós imeachta speisialta i gcásanna ar chúiseanna daonchairdiúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta, trína bhféadfadh Aonaid Náisiúnta ETIAS údarú taistil a eisiúint ag a bhfuil bailíocht chríochach agus ama theoranta.

I gcás nach gcuireann an fhaisnéis a thug an taistealaí san fhoirm iarratais ar chumas Aonad Náisiúnta ETIAS atá freagrach a chinneadh cibé acu údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú, féadfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS tuilleadh faisnéise agus/nó tuilleadh doiciméad a iarraidh ón iarratasóir. Chuirfí an iarraidh in iúl don iarratasóir tríd an ríomhphost agus léireofaí go soiléir ann an fhaisnéis nó na doiciméid a bhí ar iarraidh, nár mhór iad a chur ar fáil. Níor mhór an fhaisnéis a soláthar laistigh de 7 lá oibre, agus níor mhór d'Aonad Náisiúnta ETIAS an fhaisnéis sin a phróiseáil tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an dáta ar chuir an taistealaí isteach í. I gcásanna eisceachtúla, féadfar cuireadh a thabhairt don iarratasóir tríd an ríomhphost le haghaidh agallaimh ag consalacht ina thír chónaithe féin.

Agus measúnú láimhe á dhéanamh ar iarratais as a bhfuil siad freagrach, tá cead ag Aonaid Náisiúnta ETIAS leas a bhaint as faisnéis atá ar fáil i mbunachair shonraí náisiúnta nó córais dhíláraithe eile a bhfuil rochtain acu orthu. Sa phróiseas sin, rachfaí i gcomhairle freisin le húdaráis fhreagracha Ballstát eile agus Europol agus gheobhaidís rochtain ar an bhfaisnéis nó na doiciméid bhreise ábhartha, más iad atá freagrach as sonraí a bheith tar éis amas a spreagadh le linn na cros-seiceála ar chórais faisnéise eile. Ansin, laistigh de 24 uair a chloig, d'eiseodh Aonad Náisiúnta ETIAS na mBallstát lena ndeachthas i gcomhairle tuairim réasúnaithe, dearfach nó diúltach, ar an iarratas, a dhéanfaí a thaifeadadh ar an gcomhad iarratais. Sa chás ina n-eiseodh Aonad Náisiúnta ETIAS amháin nó níos mó tuairim dhiúltach ar an iarratas, dhiúltódh an Ballstát freagrach an t-údarú taistil.

I gcomhthéacs na próiseála láimhe sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag na húdaráis inniúla um fhorghníomhú an dlí ar fhaisnéis ábhartha atá sainithe go soiléir in ETIAS, nuair is gá sin chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Is léir cheana féin a éifeachtaí is atá rochtain ar shonraí sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) chun críocha fhorghníomhú an dlí i dtaobh cabhrú le himscrúdaitheoirí dul chun cinn mór a dhéanamh i gcásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht nó gáinneáil ar dhrugaí. Is amhlaidh, áfach, nach bhfuil sonraí sa Chóras Faisnéise Víosaí maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa.

I ré na coireachta domhandaithe, d'fhéadfadh sé gur ghá d'údaráis forghníomhaithe dlí rochtain a bheith acu ar fhaisnéis arna gineadh ag ETIAS in imscrúdú ar leith agus chun fianaise agus faisnéis a bhunú a bhaineann le duine a bhfuil amhras faoi go ndearna sé coir nó a ndearnadh coir ina choinne. D'fhéadfadh na sonraí atá stóráilte in ETIAS a bheith riachtanach freisin chun an té a rinne cion sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a shainaithint, go háirithe nuair a bhíonn gá le gníomh práinneach. Níor cheart rochtain a dheonú ar shonraí ETIAS chun na gcríoch

sin ach amháin tar éis iarraidh réasúnaithe ó na húdaráis inniúla agus iad ag tabhairt cúiseanna go bhfuil an rochtain riachtanach. Ba cheart an t-iarratas a bheith ina ábhar athbhreithnithe roimh ré ag cúirt nó ag údarás a thabharfaidh ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht iomlán. I gcásanna fíorphráinne, áfach, is féidir go bhfuil sé ríthábhachtach do na húdaráis forghníomhaithe dlí fáil láithreach a bheith acu ar shonraí pearsanta is gá chun cosc a chur ar dhéanamh coire tromchúisí nó ionas gur féidir a lucht déanta a ionchúiseamh. Sna cásanna sin, déantar an t-athbhreithniú ar na sonraí pearsanta arna bhfáil ó ETIAS chomh tapa agus is féidir tar éis rochtain ar na sonraí sin a bheith deonaithe do na húdaráis inniúla.

Ionas nach ndéanfaidh údaráis forghníomhaithe dlí cuardaigh chórasacha ar ETIAS, ní bheadh rochtain ar shonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS ach amháin i gcásanna ar leith, agus ach amháin nuair atá gá léi chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó coireanna tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Dá bhrí sin, níor cheart do na húdaráis ainmnithe ná do Europol rochtain ar ESTIAS a iarraidh ach amháin nuair atá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhfaighidh siad faisnéis de thoradh na rochtana sin a chuideoidh go mór leo cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Níor cheart do na húdaráis ainmnithe ná do Europol rochtain ar ETIAS a iarraidh ach amháin sa chás nach bhfuarthas an fhaisnéis arna hiarraidh mar thoradh ar chuardaigh roimh ré i ngach bunachar sonraí náisiúnta ábhartha de chuid an Bhallstáit agus i mbunachair shonraí ag Europol.

Má dhéantar an phróiseáil láimhe ar an iarratas de bharr bhrath amais i sonraí Europol, rachadh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh i gcomhairle le Europol i gcásanna a thagann faoi shainordú Europol. Sna cásanna sin, dhéanfadh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit sin a tharchur chuig Europol sonraí ábhartha an chomhaid iarratais chomh maith leis an amas nó na hamais a bhfuil gá leo chun críche an chomhairliúcháin, chomh maith leis an bhfaisnéis nó na doiciméid bhreise ábhartha arna soláthar ag an iarratasóir. Sholáthródh Europol tuairim réasúnaithe laistigh de 24 uair an chloig.

Uaslódálfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS chuig an lárchóras an fhaisnéis maidir leis an gcinneadh críochnaitheach. Nuair a chuirfidh an córas an cinneadh in iúl don iarratasóir, cuirfear é ar an eolas, nuair is ábhartha, faoi cén t-údarás náisiúnta a bhí freagrach as a údarú taistil a phróiseáil agus as an gcinneadh ina thaobh. Coinneoidh Lárchóras ETIAS, Láraonad ETIAS agus Aonad Náisiúnta ETIAS taifid ar na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh. Léireofaí sna taifid sin an dáta agus an t-am, na sonraí a úsáidfear chun uathphróiseáil a dhéanamh ar na hiarratais agus na hamais a braitheadh agus an fíorú á dhéanamh. Thabharfaí údar cuí leis an gcinneadh a glacadh i leith an údaraithe taistil, cibé dearfach nó diúltach, agus mhíneofaí é. Is é an t-aonán a ghlac an cinneadh a dhéanfaidh taifead ar an gcinneadh agus a údar cuí sa chomhad iarratais ETIAS ar leith.

I ngach cás, glacfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS cinneadh críochnaitheach laistigh de dhá sheachtain tar éis don iarratas a bheith faighte sa lárchóras.

Freagra ar iarratasóirí

Gheobhadh iarratasóirí ríomhphost ina bhfuil údarú taistil bailí agus uimhir an údaraithe, nó údar cuí maidir leis an diúltú. Bheadh bailíocht 5 bliana ag an údarú taistil (nó go dtí dáta éaga an phas). Má dhiúltaítear an t-údarú taistil, chuirfí in iúl don iarratasóir cén t-údarás náisiúnta a bhí freagrach as a údarú taistil a phróiseáil agus as an gcinneadh ina thaobh, chomh maith le faisnéis faoin nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás achomhairc.

Seiceáil a dhéanfaidh iompróirí

Roimh dhul ar bord, ní mór d'iompróirí a fhíorú an bhfuil údarú taistil bailí ETIAS ag náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa. D'fhéadfaidís an méid sin a dhéanamh trí bhíthin comhéadan ar líne, nó trí réitigh theicniúla mhóibíleacha eile.

Dá ndiúltófaí cead isteach ina dhiaidh sin do thaistealaí ag a raibh údarú taistil bailí, bheadh an t-iompróir fós faoi dhliteanas as an taistealaí a thabhairt ar ais go dtí an pointe tosaigh bordála ach ní thabhódh sé aon phionós.

Dá dtabharfaí cead bordála do thaistealaí nach raibh údarú taistil bailí aige agus dá ndiúltófaí cead isteach dó ina dhiaidh sin, ní hamháin go mbeadh an t-iompróir fós faoi dhliteanas as an taistealaí a thabhairt ar ais go dtí an pointe tosaigh bordála ach thabhódh sé pionós freisin.

Teacht chuig pointe trasnaithe teorann limistéar Schengen

Nuair a thiocfaidh an taistealaí ag an bpointe trasnaithe teorann, léifidh an garda teorann, ar mhodh leictreonach, sonraí an doiciméid taistil, mar chuid den phróiseas caighdeánach rialaithe teorann. Spreagfaidh sé sin cuardach i mbunachair shonraí éagsúla mar a fhoráiltear dó faoi Chód Teorainneacha Schengen lena n-áirítear cuardach ar ETIAS a sholáthródh an stádas cothrom le dáta i dtaobh údarú taistil. Ní bheadh an comhad ETIAS féin inrochtana ag an ngarda teorann do rialuithe teorann.

Murab ann d'údarú taistil bailí, bheadh ar an ngarda teorann cead isteach i limistéar Schengen a dhiúltú agus an próiseas rialaithe teorann a chur i gcrích dá réir. Dhéanfaí an taistealaí a chlárú in EES, chomh maith leis an diúltú cead isteach i gcomhréir le Rialachán EES.

Más ann d'údarú taistil bailí, sheolfaí an próiseas rialaithe teorann de réir Chód Teorainneacha Schengen. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, féadfar an taistealaí a údarú chun dul isteach i limistéar Schengen nó féadfar cead isteach a dhiúltú dó faoi na coinníollacha a shainítear i gCód Teorainneacha Schengen.

Cúlghairm nó neamhniú údaruithe taistil

Ní mór údarú taistil atá eisithe a chur ar neamhní nó a chúlghairm a luaithe a thagann sé chun solais nár comhlíonadh na coinníollacha eisiúna tráth na heisiúna, nó nach bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh, go háirithe nuair a bhíonn forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint go bhfuarthas an t-údarú taistil go calaoiseach. I bprionsabal, is iad údaráis an Bhallstáit atá i seilbh na fianaise as a n-eascraíonn an chúlghairm nó an neamhniú a dhéanfaidh an cinneadh maidir le cúlghairm nó neamhniú, nó Aonad Náisiúnta ETIAS Bhallstát na chéad iontrála mar a dhearbhaigh an t-iarratasóir.

Go háirithe, i gcás ina gcruthófar foláireamh SIS nua i leith diúltú cead isteach, cuirfidh SIS é sin in iúl do Lárchóras ETIAS, a fhíoróidh ar a sheal an bhfuil an foláireamh nua sin ag comhfhreagairt d'údarú taistil bailí. Más rud é gurb amhlaidh atá, cuirfear an Ballstát a chruthaigh an foláireamh ar an eolas láithreach agus beidh air dul ar aghaidh chuig cúlghairm an údaraithe taistil.

Ról Europol

Cuireann Europol leis an luach breise a sholáthróidh ETIAS i dtaobh shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh. Léirítear leis sin ról Europol mar mhol faisnéise an Aontais agus mar láruirlis comhair slándála faoi chreat rialála treisithe. Déanfar sonraí a sholáthróidh iarratasóirí ar údarú ETIAS a chros-seiceáil in aghaidh sonraí atá i seilbh Europol a bhaineann le daoine a bhfuil amhras fúthu go bhfuil cion coiriúil déanta acu, nó gur ghlac siad páirt i gcion coiriúil, a ndearnadh a ionchúiseamh i leith cion den sórt sin, nó a bhfuil táscairí fíriciúla nó forais réasúnacha ann lena

chreidiúint go ndéanfaidh siad cion den sórt sin. Tá Europol i riocht uathúil i dtaobh faisnéis a chur le chéile nach bhfuil ar fáil do Bhallstáit aonair ná i mbunachair shonraí eile de chuid an Aontais.

Sin é an fáth go mbeidh Europol páirteach i sainiú rialacha ETIAS maidir le scagadh trína rannpháirtíocht i mBord ETIAS um Scagadh. Ina theannta sin, bainisteoidh sé liosta faire ETIAS laistigh de shonraí Europol. Thairis sin, féadfaidh Aonaid Náisiúnta ETIAS dul i gcomhairle le Europol san obair leantach i dtaobh amas a braitheadh le linn uathphróiseáil ETIAS i gcásanna a thagann faoi shainordú Europol. Fágfaidh sé sin gur féidir le hAonaid Náisiúnta ETIAS leas a bhaint as faisnéis ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ag Europol agus iad ag déanamh measúnú ar iarratas ETIAS ó dhuine a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt slándála. Ar deireadh, féadfaidh Europol a iarraidh go gceadófaí na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS i gcás ar leith i gcás ina dtacaíonn Europol le gníomhaíocht na mBallstát i dtaobh cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a thagann faoi shainordú Europol a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Bonneagar teicniúil ETIAS

Sholáthródh ETIAS an bonneagar teicniúil:

– Ionas go bhféadfadh iarratasóirí na sonraí is gá a chur isteach maidir le hiarratas ar líne ar údarú taistil, leis an treoir chuí i gcás amhrais;

– Ionas go bhféadfadh Lárchóras ETIAS an t-iarratas ar údarú taistil, agus an fhaisnéis a bailíodh chun an t-iarratas a láimhseáil, a chruthú, a nuashonrú agus a scriosadh, go dtí go ndéanfar cinneadh an t-iarratas a dheonú nó a dhiúltú;

– Ionas go bhféadfadh Lárchóras ETIAS próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta an iarratasóra chun cuardach a dhéanamh i mbunachair shonraí shonracha agus aisghabháil a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá iontu i ndáil leis an iarratasóir, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an iarratas;

– Ionas go bhféadfadh gardaí teorann teacht ar stádas iarratasóra i dtaobh údarú taistil ó aon phointe trasnaithe teorann Schengen, trí shonraí a léamh ar limistéar meaisín-inléite an doiciméid taistil nó trí uimhir an iarratais;

– Ionas go bhféadfadh iompróirí an stádas i dtaobh údarú taistil a aimsiú gan á úsáid acu ach sonraí ar limistéar meaisín-inléite an doiciméid taistil nó uimhir an iarratais;

– Ionas go bhféadfadh baill foirne i Láraonad ETIAS agus in Aonaid Náisiúnta ETIAS bainistiú a dhéanamh ar phróiseas láimhseála na n-iarratas, lena n-áirítear na malartuithe le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus na fógraí do na hiarratasóirí;

– Ionas go bhféadfadh Láraonad ETIAS chomh maith le baill foirne agus údaráis inniúla in Aonaid Náisiúnta ETIAS staitisticí a tháirgeadh ag baint úsáide as sonraí anaithnide, gan a chumasú go sainaithneofaí daoine aonair trí na staitisticí a chúngú chuig grúpa an-bheag.

Ní mór do bhonneagar teicniúil ETIAS freagraí tráthúla a thabhairt ar oibríochtaí rialaithe teorann agus ar iompróirí ar bhonn 24/7 agus fáil 99.9 %a bheith air. Ina theannta sin, ní mór do Chóras Faisnéise ETIAS na sásraí cosanta slándála is airde a áirithiú i gcoinne cur isteach, rochtain agus nochtadh sonraí do dhaoine neamhúdaraithe, i gcoinne éilliú sonraí agus i gcoinne teip ó thaobh sláine sonraí. Beidh comhlíonadh an cheanglais sin á lorg trí phlean slándála a ghlacadh mar bheart cur chun feidhme.

An tréimhse choinneála sonraí

De ghnáth, is éard a bheidh sa ré i ndáil le stóráil sonraí iarratais ETIAS ná 5 bliana tar éis úsáid deiridh an údaraithe taistil nó ón gcinneadh deiridh údarú taistil a dhiúltú, a chúlghairm nó neamhniú. Comhfhreagraíonn an tréimhse choinneála sonraí do thréimhse choinneála taifead EES le húdarú cead isteach arna dheonú ar bhonn údarú taistil ETIAS. Leis an sioncrónú sin ar na tréimhsí coinneála sonraí, áiritheofar go gcoinneofar an taifead ar dhul isteach agus an t-údarú taistil a ghabhann leis ar feadh na ré céanna agus is gné bhreise é den idir-inoibritheacht idir ETIAS agus EES. Ní mór an sioncrónú sin ar na tréimhsí coinneála sonraí a bheith ann chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil an anailís riosca is gá a dhéanamh faoi mar atá leagtha amach i gCód Teorainneacha Schengen agus ETIAS. Thairis sin, fágfaidh an tréimhse choinneála sonraí go laghdófar an mhinicíocht i ndáil le hathrollú, agus rachaidh sé chun tairbhe gach taistealaí. I ndiaidh na tréimhse sin, dhéanfaí comhad iarratais ETIAS a scriosadh go huathoibríoch agus go hiomlán.

Idir-inoibritheacht le EES agus acmhainní a chomhroinnt leis

Folaíonn an Rialachán atá beartaithe prionsabal ginearálta go bhfuil ETIAS tógtha ar idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise lena gceadú (EES, SIS, VIS, sonraí Europol, Eurodac agus ECRIS) agus ar athúsáid na gcomhpháirteanna a forbraíodh do na córais faisnéise sin, EES go háirithe. Fágann an cur chuige sin freisin go bhfuil spáráil shuntasach costas i gceist i dtaobh ETIAS a bhunú agus a fheidhmiú.

Bheadh stór coiteann ag ETIAS agus EES ina mbeadh sonraí pearsanta náisiúnach tríú tír, le sonraí breise ó iarratas ETIAS (e.g. faisnéis faoi áit chónaithe, freagraí ar cheisteanna cúlra, seoladh IP) agus taifid dul isteach/imeachta EES á stóráil ar leithligh, ach iad nasctha leis an gcomhad aitheantais comhroinnte aonair sin. Tá an cur chuige sin ag teacht go hiomlán leis an straitéis idir-inoibritheachta atá molta sa Teachtaireacht maidir le Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste um Theorainneacha agus Slándáil an 6 Aibreán 2016, agus d'áireofaí ann na coimircí cuí go léir i dtaobh cosaint sonraí.

Déantar na comhpháirteanna seo a leanas de chuid EES a chomhroinnt nó a athúsáid:

– is leor acmhainneacht an líonra achair fhairsing (atá curtha i bhfeidhm mar líonra fíorúil agus dá ngairtear Testa-ng i láthair na huaire, lena nasctar fearainn náisiúnta na mBallstát leis an bhfearann lárnach) chun teachtaireachtaí ETIAS idir bonneagair náisiúnta agus an lárchóras a sheoladh;

– i gcás an chomhéadain aonfhoirmigh náisiúnta, ar córas cineálach é ar fhorbair agus ar chuir eu-LISA chun feidhme é chun sraith seirbhísí cumarsáide a sholáthar idir na bonneagair náisiúnta um rialú teorann agus an lárchóras, bainfear leas as freisin chun teachtaireachtaí ETIAS a láimhseáil.

– i ndáil leis na modhanna teicniúla a chuireann ar chumas iompróirí cuardach a dhéanamh i leith stádas ETIAS náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa, úsáidfear an tseirbhís chéanna a cuireadh ar fáil do EES.

– i ndáil leis na modhanna teicniúla a chuireann ar chumas iarratasóirí iarratais a chur isteach in ETIAS (curtha chun feidhme mar chomhéadan gréasáin agus ardán móibíleach), bainfidh siad leas freisin as an mbonneagar a cuireadh i bhfeidhm do EES chun a chur ar a gcumas do thaistealaithe a sheiceáil cé na tréimhsí atá fágtha d'fhanacht údaraithe.

Costais a bhaineann leis an gcéim forbartha agus leis an gcéim oibríochta

Meastar gur costas EUR 212.1 milliún a bheidh i gceist le córas ETIAS a fhorbairt agus go mbeidh meánchostas oibríochtaí bliantúil EUR 85 mhilliún i gceist. Bheadh ETIAS féinchothabhálach i dtaobh airgeadais de toisc go gcumhdódh an t-ioncam ó tháillí na costais oibríochtaí bliantúla.

Forálacha atá ann faoi láthair a bhaineann leis an togra

Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 lena mbunaítear Cód Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen).

Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS).

Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí.

Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a fheidhmiú agus a úsáid.

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) COM(2016) 194 final.

Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2009/315/CGB, maidir le malartú faisnéise faoi náisiúnach tríú tír agus maidir leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), agus a chuirtear in ionad Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle.

Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle.

Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE.

Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin.

2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

Forbraíodh togra ETIAS ar bhonn staidéar féidearthachta. Mar chuid den staidéar sin, bhailigh an Coimisiún tuairimí saineolaithe de chuid na mBallstát maidir le rialú agus slándáil teorann. Lena chois sin, pléadh príomheilimintí thogra ETIAS faoi chuimsiú an tSainghrúpa Ardleibhéil um Idir-inoibritheacht a bunaíodh suas mar bheart leantach i dtaobh na Teachtaireachta maidir le Teorainneacha níos Láidre agus níos Cliste an 6 Aibreán 2016. Chuathas i mbun comhairliúcháin freisin le hionadaithe na n-aeriompróirí, na n-iompróirí ar muir agus na n-iompróirí iarnróid, chomh maith le hionadaithe Bhallstáit an Aontais ag a bhfuil teorainneacha seachtracha talún. Mar chuid den staidéar féidearthachta, chuathas i gcomhairle freisin leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha.

Measúnú tionchair

Tá togra dlíthiúil ETIAS bunaithe ar thorthaí an staidéir féidearthachta a rinneadh ó Mheitheamh go dtí Deireadh Fómhair 2016.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Achoimre ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe

Tá na cuspóirí, na feidhmiúlachtaí agus na freagrachtaí i leith ETIAS sainithe sa togra reachtach. Leis an togra, tá sainordú á thabhairt don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach i dtaobh a áirithiú go gcruthófar agus go mbainisteofar Láraonad ETIAS. Ina theannta sin, tá sainordú á thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA) chun an córas a fhorbairt agus chun bainistiú teicniúil oibríochtúil air a áirithiú. Tugtar ról nach beag do Europol freisin i dtéarmaí cuspóirí slándála ETIAS a áirithiú.

Dá bhrí sin, tá leasuithe iarmhartacha ar Rialachán (AE) Uimh. 2016/399, ar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624, ar Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, agus ar Rialachán (AE) 2016/794 san áireamh sa togra seo.

Déanfar leasuithe iarmhartacha ar Rialacháin maidir leis na córais de chuid an Aontais Eorpaigh a bheidh á gcuardach ag ETIAS a phlé i dtograí ar leithligh de chuid an Choimisiúin.

Bunaítear sa togra reachtach seo eilimintí ETIAS. Déanfar na sonraí teicniúla agus na sonraí oibríochtúla a chomhaontú níos déanaí, faoi chuimsiú cinntí cur chun feidhme, tráth a ghlacfaidh an Coimisiún bearta agus rialacha breise maidir leis an méid seo a leanas:

– an idir-inoibritheacht a bhunú agus a cheapadh ar ardleibhéal;

– na sonraíochtaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an suíomh gréasáin;

– na sonraí a iontráil;

– sainchatagóirí sonraí a shainiú;

– na sonraí a rochtain;

– a chinneadh cé na córais faisnéise a cheadófar;

– na rialacha maidir le scagadh a shainiú;

– na sonraí a leasú, a scriosadh agus a réamhscriosadh;

– na taifid a choinneáil agus a rochtain;

– ceanglais feidhmíochta, lena n-áirítear sonraíochtaí íosta le haghaidh trealamh teicniúil.

Bunús dlí

I gcás an togra athbhreithnithe seo, is é Airteagal 77(2)(b) agus (d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a úsáideann sé mar bhunús dlí an Rialacháin seo. Is é Airteagal 77(2) (b) agus (d) an bunús dlí iomchuí chun na bearta a mhionshonrú tuilleadh maidir le trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát, caighdeáin agus nósanna imeachta a fhorbairt lena gcloífidh na Ballstáit le linn dóibh seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ag na teorainneacha sin, agus bearta a shonrú chun córas bainistithe chomhtháite le haghaidh teorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile.

Lena chois sin, braitheann an togra ar Airteagal 87(2) (a) mar bhunús dlí chun rochtain a cheadú chun críocha forghníomhaithe dlí faoi choinníollacha diana. Is é an gnáthnós imeachta reachtach céanna is infheidhme faoi Airteagal 77(2) (b) agus (d) atá i gceist leis an mbunús dlí breise sin le haghaidh rochtana i dtaobh fhorghníomhú an dlí.

Ar deireadh, tá an togra ag brath freisin ar Airteagal 88(2) (a) a mhéid a leasaítear leis liosta cúraimí Europol.

Prionsabal na coimhdeachta

Tagann an tionscnamh atá beartaithe faoi réim Airteagal 77(2) (b) CFAE, ina bhfuil inniúlacht ag an Aontas Eorpach bearta a ghlacadh i ndáil leis na seiceálacha ar dhaoine agus le faireachán éifeachtach a dhéanamh ar thrasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát.

I gcreat reatha an Aontais Eorpaigh maidir le trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát, níl féidearthacht ann maidir le réamhscagadh uathoibrithe, comhordaithe agus aonchineálach ar náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa. Ní chuireann sé sin ar a gcumas do na Ballstáit rialacha comhchoiteanna Schengen a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhchuibhithe agus comhordaithe. Is léir go bhfuil fadhb thrasteorann i gceist toisc gur féidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa an chéad phointe iontrála isteach i limistéar Schengen a roghnú d'fhonn rialuithe áirithe ag pointí teorann áirithe a sheachaint. Maidir le hiarratasóirí ar víosaí, ba cheart faisnéis a bheith ar fáil ar náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa d'fhonn cur le héifeachtacht na seiceálacha slándála agus inimirce ar dhaoine agus le caighdeán foriomlán na bainistíochta i dtaobh theorainneacha seachtracha an Aontais.

Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, agus is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

Prionsabal na comhréireachta

Luaitear in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach nach rachaidh beart de chuid an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Chonartha a bhaint amach. Is éard atá sa tionscnamh atá beartaithe forbairt bhreise ar acquis Schengen chun a áirithiú go gcuirfear rialacha comhchoiteanna i bhfeidhm ag teorainneacha seachtracha ar an mbealach céanna i ngach Ballstát ina bhfuil deireadh curtha le rialuithe inmheánacha. Cruthaítear ionstraim leis lena bhforáiltear go mbeidh an modh ag an Aontas Eorpach lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit go léir na rialacha chun measúnú a dhéanamh ar an mbaol imirce neamhrialta, baol slándála agus baol don tsláinte phoiblí ó náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a chur i bhfeidhm ar bhonn chomh comhleanúnach céanna agus a dhéantar i gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceanglas víosa orthu.

Foráiltear ann freisin maidir le húdaráis forghníomhaithe dlí ceadú a dhéanamh ar shonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS nuair is gá sin i gcás sonrach i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. I gcás den sórt sin agus i gcás nach bhfuarthas an fhaisnéis arna hiarraidh de bharr cuardaigh roimh ré i mbunachair shonraí náisiúnta agus bunachair shonraí de chuid Europol, soláthraíonn ETIAS d'údaráis náisiúnta um fhorghníomhú an dlí agus Europol bealach tráthúil, cruinn, slán agus éifeachtúil ó thaobh costais chun imscrúdú a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus atá faoi amhras go raibh siad i mbun sceimhlitheoireachta nó go ndearna siad coir thromchúiseach (nó go raibh siad ina n-íospartaigh ina leith). Cuireann sé ar a gcumas d'údaráis inniúla ceadú a dhéanamh ar chomhad iarratais ETIAS de chuid náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus atá faoi amhras go ndearna siad coireanna tromchúiseacha den sórt sin (nó go raibh siad ina n-íospartaigh ina leith).

Áirítear sa togra na coimircí iomchuí uile um chosaint sonraí agus is comhréireach é maidir leis an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint. Cloíonn sé leis an bprionsabal maidir le sonraí a íoslaghdú, áirítear ann forálacha maidir le dianslándáil sonraí, agus ní cheanglaítear ann go ndéanfaí sonraí a phróiseáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar atá fíor-riachtanach ionas go bhféadfaidh an córas a bheith ag feidhmiú agus a chuspóirí a chomhlíonadh. Déanfar foráil maidir leis na coimircí agus na sásraí go léir is gá i leith cosaint éifeachtach a thabhairt do chearta bunúsacha náisiúnach tríú tír, agus cuirfear chun feidhme go hiomlán iad (féach an roinn thíos ar Chearta Bunúsacha).

Ní bheidh gá le haon phróisis ná le haon chomhchuibhiú eile ar leibhéal an Aontais chun go n-oibreoidh an córas; ar an gcaoi sin, tá an beart atá beartaithe comhréireach sa mhéid agus nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach maidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun na cuspóirí arna sainiú a bhaint amach.

Rogha ionstraime

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán.

Ní bheadh modhanna eile leordhóthanach ar na cúiseanna seo a leanas:

Faoin togra seo cuirfear córas láraithe ar bun trína gcomhoibreoidh na Ballstáit le chéile i dtaobh bhainistiú theorainn sheachtrach Schengen, rud a éilíonn ailtireacht chomhchoiteann agus rialacha comhchoiteanna oibriúcháin. Leagfar síos ann rialacha maidir le seiceálacha measúnaithe riosca ar imirce neamhrialta, slándáil agus sláinte phoiblí i gcás náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa sula sroichfidh siad na teorainneacha seachtracha agus maidir le rochtain ar an gcóras lena n-áirítear chun críche fhorghníomhú an dlí, rialacha a bheidh aonfhoirmeach do gach Ballstát. Thairis sin, beidh an Lárchóras á bhainistiú ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach. Dá

thoradh sin, is le Rialachán amháin is féidir na cuspóirí sin a chomhlíonadh agus is é is ceart a roghnú mar ionstraim dlí.

Cearta bunúsacha

Beidh tionchar ag an Rialachán atá beartaithe ar chearta bunúsacha, go háirithe ar an gceart chun dínite (Airteagal 1 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh); an ceart chun saoirse agus slándála (Airteagal 6 den Chairt), meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7 den Chairt), sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt), an ceart chun tearmainn (Airteagal 18 den Chairt) agus cosaint i gcás ina dtarlaíonn aistriú, díbirt nó eiseachadadh (Airteagal 19 den Chairt), an ceart chun neamh-idirdhealaithe (Airteagal 21 den Chairt), cearta an linbh (Airteagal 24 den Chairt), agus an ceart chun leigheas éifeachtach (Airteagal 47 den Chairt).

Tionchar dearfach a bheadh ag cur chun feidhme ETIAS ar leas dlisteanach an phobail maidir le hardleibhéal slándála a áirithiú. Más fearr agus más cruinne an chaoi a ndéantar an baol slándála a shainaithint i dtaobh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a thrasnaíonn teorainn sheachtrach limistéar Schengen, is fusa mar sin gáinneáil ar dhaoine (go háirithe i gcás mionaoiseach) agus coiriúlacht trasteorann a bhrath, agus cuidíonn sé, ar bhonn níos ginearálta, daoine a shainaithint a bhféadfadh bagairt slándála a bheith ann de dheasca iad a bheith i limistéar Schengen. Dá bhrí sin cuidíonn ETIAS i dtaobh feabhas a chur ar shlándáil na saoránach atá i limistéar Schengen agus ar an tslándáil inmheánach san Aontas.

Ráthaíonn ETIAS rochtain neamh-idirdhealaitheach do gach náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa ar phróiseas na n-iarratas, agus é á áirithiú nach mbeidh imthosca ar bith i gceist ina mbeidh na cinntí arna ndéanamh bunaithe ar chine nó bunús eitneach duine, ar thuairimí polaitíochta, reiligiún nó creideamh fealsúnach, cleachtadh gnéis ná claonadh gnéasach. Soláthraíonn ETIAS ráthaíochtaí lena n-áirithítear faisnéis don duine a chuir isteach iarratas agus leigheasanna éifeachtacha.

Maidir leis an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint, tá na coimircí iomchuí go léir sa togra maidir le sonraí pearsanta, go háirithe maidir le rochtain ar na sonraí sin, rud ar cheart a theorannú go docht d'fheidhm an Rialacháin seo amháin. Lena chois sin, déantar foráil sa togra maidir le cearta an duine aonair i ndáil le sásamh, agus go háirithe an ceart chun leigheas breithiúnach a fháil agus an ceart chun údaráis neamhspleácha poiblí a bheith ag déanamh maoirseacht ar oibríochtaí próiseála. De bharr go gcuirtear teorainn leis an tréimhse choinneála sonraí a ndéantar tagairt di thuas, cuirtear béim ar urraim sonraí pearsanta mar cheart bunúsach.

Foráiltear sa togra go bhféadfaidh údaráis náisiúnta um fhorghníomhú an dlí agus Europol Lárchóras ETIAS a cheadú i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Mar atá leagtha síos in Airteagal 52(1) den Chairt, ní mór aon teorannú ar chearta cosanta sonraí pearsanta a bheith iomchuí i dtaca leis an gcuspóir inmhianaithe a bhaint amach agus gan dul thar a bhfuil gá leis chun é a bhaint amach. Aithnítear in Airteagal 8(2) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine chomh maith go bhféadfadh údar cuí a bheith le cur isteach ag údarás poiblí ar cheart duine chun príobháideachta ar chúiseanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, leis an tsábháilteacht phoiblí nó le coireacht a chosc, faoi mar atá sa togra seo. D'aithin an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás an chomhraic in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus na coiriúlachta tromchúisí, agus go háirithe i gcás an chomhraic in aghaidh na coiriúlachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, go bhfuil sé ríthábhachtach go deimhin chun an tslándáil phoiblí a áirithiú agus go bhféadfadh a éifeachtúlacht a bheith ag brath cuid mhór ar theicneolaíochtaí faisnéise agus teicnicí imscrúdúcháin nua-aimseartha a úsáid, agus dá bhrí sin, go bhféadfadh údar cuí a bheith le rochtain ar shonraí pearsanta a cheadú chun na críocha sonracha sin má mheastar gur gá sin. Dá bhrí sin, tá an togra seo i lánchomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus tá sé i gcomhréir freisin

le hAirteagal 16 CFAE, ina dtugtar ráthaíocht do gach duine maidir leis an gceart chun sonraí pearsanta ina dtaobh a chosaint.

Déantar foráil sa togra seo maidir le rochtain ar ETIAS chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú d'fhonn rochtain a fháil ar shonraí arna gcur isteach ag náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iarratas á dhéanamh acu ar údarú taistil. In ainneoin go bhfuil teacht ar shonraí dá samhail in VIS faoi shealbhóirí víosa nó iarratasóirí ar víosa, níl sonraí den sórt sin faoi náisiúnaigh atá díolmhaithe ó cheanglas víosa le fáil in aon bhunachar sonraí eile de chuid an Aontais. Tagann domhandú na coiriúlachta sna sála ar dhomhandú na heacnamaíochta[12]. Tá eagraíochtaí coiriúla idirnáisiúnta ag forbairt a ngníomhaíochtaí thar theorainneacha[13]. Bíonn an-chuid trasnaithe teorann i gceist le linn gníomhaíochtaí coiriúla amhail gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil daoine nó smuigleáil earraí aindleathacha. Tá faisnéis atá stóráilte in VIS ina foinse thábhachtach faisnéise in imscrúduithe coiriúla i gcoinne náisiúnaigh tríú tír a bhfuil gníomhaíocht choiriúil ar bun acu, mar atá léirithe ag an méadú ar úsáid VIS chun críocha forghníomhaithe dlí chomh maith le héifeachtacht an chórais agus a úsáidí atá sé[14]. Níl an fhaisnéis sin ar fáil faoi láthair, áfach, i dtaobh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa.

Dá bhrí sin, trí fhoráil a dhéanamh maidir le ceadú na sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS i dtaobh cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, tugtar aghaidh ar bhearna eolais i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus fágtar gur féidir, nuair is gá, nascadh le faisnéis atá stóráilte i gcomhad iarratais ETIAS. Thairis sin, ós rud é gurb iondúil go mbeidh údarú taistil bailí ar feadh tréimhse cúig bliana, d'fhéadfadh ceadú na sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS ag údaráis náisiúnta um fhorghníomhú an dlí nó Europol a bheith riachtanach nuair a thiocfaidh faisnéis a bhaineann le duine agus le gníomh sceimhlitheoireachta nó coireanna tromchúiseacha chun solais tar éis gur deonaíodh údarú taistil don duine sin.

Tá ceadú Lárchóras ETIAS chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú ina theorannú ar an gceart chun sonraí pearsanta a bheith faoi chosaint. Déantar foráil sa togra seo maidir le coimircí éifeachtacha chun an teorannú sin a mhaolú:

– Raon feidhme soiléir na lánrogha a bhronntar ar na húdaráis inniúla agus modh a feidhmithe: Ní cheadófar ceadú na sonraí atá stóráilte i lárchóras ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí ach amháin d'fhonn cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú mar aon le cionta coiriúla tromchúiseacha eile mar atá sainithe i gCinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac agus i gCinneadh Réime 2002/584/CGB maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus ní

---

12 "Tapaíonn lucht coireachta deiseanna nua chun brabús a dhéanamh, go háirithe agus iad in ann brath ar bhonneagar, daoine agus teagmhálaithe atá ann cheana. Is fíor an méid sin go háirithe i gcás na ngrúpaí a bhfuil baint acu le hiompar agus dáileadh earraí aindleathacha. Mar gheall ar a éasca is atá an taisteal agus an t-iompar idirnáisiúnta, teacht chun cinn an idirlín ar fud an domhain agus an dul chun cinn eile sa teicneolaíocht, is lú an ábharthacht atá ag cúrsaí geografacha ná mar a bhíodh. Gníomhaíonn coirpigh gan aird ar theorainneacha geografacha agus tá na grúpaí is suntasaí ag feidhmiú ar leibhéal domhanda anois i dtéarmaí a réimse gníomhaíochtaí, a gcuid limistéar oibriúcháin, a leibhéil comhair agus náisiúntacht a mball.": Measúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe 2013 (OCTA 2013), lch. 37.

13 "Léiríodh in anailís ar náisiúntacht coirpeach agus ar thíortha na bpríomhghníomhaíochtaí go bhfuil grúpaí coiriúla ag feidhmiú ar bhonn níos idirnáisiúnta anois. Mar shampla, thuairiscigh an Bheilg agus an Phortaingéil araon grúpaí coiriúla ina bhfuil níos mó ná 60 náisiúntacht de choirpigh. Chomh maith leis sin, thuairiscigh an dá thír sin grúpaí coiriúla a mbíonn a bpríomhghníomhaíochtaí coiriúla ar bun i mbreis is 35 thír. Léiríonn sé sin go soiléir leibhéal nach beag comhair, soghluaisteachta agus tionchair idirnáisiúnta i measc coirpeach.": idem, lch. 34.

14 Féach ar an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Tuarascáil ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, SWD(2016) 328 final.

dhéanfar sin ach amháin má tá gá leis i gcás sonrach. Eisiaitear leis sin ETIAS a rochtain i leith coireanna nach bhfuil tromchúiseach agus comparáid chórasach nó ollchomparáid sonraí.

– Údar réasúnaithe i leith iarratais ar rochtain chun críocha forghníomhaithe dlí: Ní fhéadfaidh údaráis ainmnithe náisiúnta um fhorghníomhú an dlí agus Europol rochtain ar shonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a iarraidh ach amháin má tá forais réasúnacha ann chun a cheapadh go bhféadfadh an rochtain sin cuidiú go mór chun an cion cóiriúil i dtrácht a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

– Fíorú neamhspleách roimh cheadú na sonraí: Tá iarratais ar cheadú na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS i gcás sonrach maidir le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú faoi réir fíorú neamhspleách ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dochta i dtaobh a iarraidh go gceadófaí na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí. Ní mór fíorú neamhspleách den sórt sin a chur i gcrích a priori ag cúirt nó ag údarás a thugann ráthaíochtaí i ndáil le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht iomlán, agus atá saor ó aon tionchar seachtrach, cibé díreach nó indíreach.

– Íoslaghdú sonraí chun méid na próiseála a laghdú chuig an íosmhéid is gá maidir lena cuspóirí: Ní bheidh fáil ar na sonraí go léir atá stóráilte i gcomhad iarratais ETIAS i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ní bheidh roinnt míreanna sonraí ar fáil ar chor ar bith mar gheall ar a n-ábharthacht theoranta i dtaobh imscrúduithe coiriúla (e.g. faisnéis maidir leis an oideachas atá ar dhuine nó cibé acu an bhféadfadh baol don tsláinte phoiblí a bheith ann mar gheall air). Ní bheidh fáil ar mhíreanna sonraí eile ach amháin má thugtar údar cuí sainráite leis an ngá an mhír shonrach sonraí sin a cheadú san iarraidh réasúnaithe ar cheadú ar mhaithe le forghníomhú an dlí agus má dheimhnítear é trí fhíorú neamhspleách (e.g. sonraí a bhaineann leis an tslí bheatha reatha).

– Ceadú na sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS mar rogha dheiridh: Ní fhéadfaidh na húdaráis ainmnithe náisiúnta um fhorghníomhú an dlí ná Europol a iarraidh go gceadófaí sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS ach amháin sa chás nach bhfuarthas an fhaisnéis arna hiarraidh mar thoradh ar chuardaigh roimh ré i ngach bunachar sonraí náisiúnta iomchuí de chuid an Bhallstáit agus i mbunachair sonraí de chuid Europol.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tar éis an staidéar féidearthachta a dhéanamh, is ar an rogha tosaíochta don chóras ETIAS atá an togra seo bunaithe agus meastar go mbeidh costas EUR 212.1 milliún air sin, figiúr ina gcuirtear san áireamh rochtain chun críocha fhorghníomhú an dlí.

Cumhdóidh an tacaíocht airgeadais sin ní hamháin costais na gcomhpháirteanna lárnacha do thréimhse iomlán an chreata airgeadais ilbhliantúil (EUR 113.4 milliún – ar leibhéal an Aontais, idir chostais forbartha agus chostais oibríochtúla trí bhainistíocht indíreach) ach na costais maidir leis na bonneagair teorann náisiúnta atá sna Ballstáit cheana féin a chomhtháthú le ETIAS trí na Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta freisin (EUR 92.3 milliún – trí bhainistíocht chomhroinnte). Ach tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do chostais náisiúnta i ndáil le comhtháthú, áiritheofar nach gcuirfidh drochdhálaí geilleagracha ar an leibhéal náisiúnta na tionscadail i mbaol ná nach gcuirfear moill orthu. Le linn na tréimhse forbartha (2018–2020), caithfidh an Coimisiún EUR 4.2 milliún san iomlán (trí bhainistíocht chomhroinnte) chun na costais a bhaineann leis na hoibríochtaí sna Ballstáit a chumhdach.

Ó 2020, nuair a bheidh an córas nua ag feidhmiú, d'fhéadfaí tacú le costais oibríochtúla sna Ballstáit amach anseo trína gcláir náisiúnta i gcreat an Chiste Slándála Inmheánaí (bainistíocht chomhroinnte). Mar sin féin, cuirfear tús leis an gcéim oibríochta tar éis dheireadh an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha agus dá bhrí sin ba cheart a gcistiú a chur san áireamh le linn an phlé i ndáil leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.

Beidh acmhainní breise daonna agus airgeadais ag teastáil ó eu-LISA agus ón nGarda Teorann agus Cósta Eorpach araon chun a gcuid cúraimí nua a chur i gcrích faoi Rialachán ETIAS. I gcás eu-LISA, beidh an chéim forbartha ag tosú ó 2018, agus ní mór an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a ullmhú chun déileáil leis an gcéim oibríochta, rud a éilíonn acmhainní a thabhairt isteach de réir a chéile ag tosú sa dara leath de 2020.

Faoi mar atá leagtha amach i Roinn 1 thuas, ó 2020 ar aghaidh ginfidh Córas ETIAS ioncam ó tháillí, rud a bhfuil sé beartaithe é a áireamh mar ioncam sannta seachtrach i bhfianaise a cháilíocht shonrach. Ar bhonn na measachán reatha ar líon na n-iarratas, cumhdóidh an t-ioncam ó tháillí costas díreach forbartha agus reatha ETIAS agus beidh farasbarr ann. Ar a sheal, fágfaidh sé sin gur féidir caiteachas bainteach a mhaoiniú i réimse na dTeorainneacha Cliste.

5. EOLAS BREISE

Rannpháirtíocht

Cuireann an togra seo le acquis Schengen sa mhéid agus go mbaineann sé le trasnú teorainneacha seachtracha. Dá bhrí sin, ní mór na hiarmhairtí seo a leanas a chur san áireamh i ndáil leis na prótacail agus leis na comhaontuithe éagsúla le tíortha comhlachais:

An Danmhairg: I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart ag an gComhairle de bhun Theideal V de Chuid a Trí de CFAE.

Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

An Ríocht Aontaithe agus Éire: I gcomhréir le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 den Phrótacal maidir le acquis Schengen a lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, agus Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen, níl an Ríocht Aontaithe ná Éire rannpháirteach i Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen) ná in aon ionstraimí reachtacha eile ar a dtugtar "acquis Schengen" de ghnáth, eadhon na hionstraimí reachtacha lena n-eagraítear agus lena dtacaítear le díothú rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha agus leis na bearta tionlacain maidir le rialuithe ag teorainneacha seachtracha.

Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar an aquis sin agus, dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe ná Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

I gcomhréir leis an mbreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais i gcás C-482/08, an Ríocht Aontaithe v. an Chomhairle, ECLI:EU:C:2010:631, agus toisc gurb iad Airteagal 87(2)(a) agus Airteagal 88(2)(a) mar aon le hAirteagal 77(2)(b) agus (d) CFAE atá mar bhunús dlí ag an Rialachán, ní bheidh aon

éifeacht aige sin ar an gconclúid thuas de bharr go bhfuil an rochtain chun críocha fhorghníomhú an dlí coimhdeach le bunú ETIAS.

An Íoslainn agus an Iorua: Tá feidhm leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais arna thabhairt i gcrích ag an gComhairle agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas Ríocht na hIorua le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ós rud é go gcuireann an togra seo le acquis Schengen mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn A den Chomhaontú seo é[15].

An Eilvéis: Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen dá bhforáiltear sa Chomhaonú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[16].

Lichtinstéin: Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[17].

An Chróit, an Chipir, an Bhulgáir agus an Rómáin: Cuireann an Rialachán seo lena mbunaítear ETIAS leis na coinníollacha iontrála mar a luaitear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399. Bhí na Ballstáit aontacha leis an bhforáil sin a chur i bhfeidhm tráth a n-aontachais leis an Aontas Eorpach.

[15] IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
[16] IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
[17] IO L 160, 18.6.2011, lch. 19.

2016/0357 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/794 agus (AE) 2016/1624

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (d), Airteagal 87(2) agus Airteagal 88(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[18],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[19],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Aibreán, 2016 dar teideal 'Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste um Theorainneacha agus Slándáil'[20] rinneadh cur síos ar an ngá atá ann go ndéanfadh an tAontas Eorpach neartú agus feabhsú ar a chuid córas TF, a ailtireacht sonraí agus a mhalartú faisnéise i réimse an bhainistithe teorann, fhorghníomhú an dlí agus na frithsceimhlitheoireachta. Leagtar béim inti ar an ngá atá le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise. Rud atá tábhachtach, leagtar amach inti roghanna féideartha chun an leas is fearr is féidir a bhaint as buntáistí na gcóras faisnéise atá ann cheana agus, más gá, cinn chomhlántacha nua a fhorbairt chun dul i ngleic le bearnaí eolais atá fós ann.

(2) Go deimhin, sainaithníodh sa Teachtaireacht an 6 Aibreán 2016 sraith bearnaí eolais. Ina measc tá an fhíric nach bhfuil aon fhaisnéis ag údaráis teorann ag teorainneacha seachtracha Schengen ar thaistealaithe atá díolmhaithe ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu agus

[18] IO C , , lch. .
[19] IO C , , lch. .
[20] COM(2016) 205 final.

iad ag trasnú na dteorainneacha seachtracha. Fógraíodh sa Teachtaireacht an 6 Aibreán 2016 go seolfaidh an Coimisiún staidéar ar an bhféidearthacht i dtaobh Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú. Faoin gcóras uathoibrithe sin chinnfí incháilitheacht náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa sula dtaistealóidís chuig limistéar Schengen, agus chinnfí an mbeadh baol imirce neamhrialta nó baol slándála i gceist leis an taisteal sin.

(3) Sa Teachtaireacht uaidh an 14 Meán Fómhair 2016 'Feabhsú na slándála i ndomhan ina bhfuil an tsoghluaisteacht i réim: malartú faisnéise feabhsaithe sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus teorainneacha seachtracha níos láidre'[21] dheimhnigh an Coimisiún an tosaíocht i dtaobh teorainneacha seachtracha a dhaingniú agus cuireadh i láthair tionscnaimh nithiúla chun freagra an Aontais a luathú agus a leathnú maidir le leanúint ar aghaidh ag neartú bainistiú na dteorainneacha seachtracha.

(4) Is gá cuspóirí Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a shonrú, a ailtireacht theicniúil a shainiú, Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Bord ETIAS um Scagadh a bhunú, rialacha a leagan síos maidir le hoibriú an chórais agus le húsáid sna sonraí a chuirfidh an t-iarratasóir isteach sa chóras, rialacha a bhunú ar eisiúint nó diúltú na n-údaruithe taistil, na cuspóirí a leagan síos dá mbeidh na sonraí le próiseáil, na húdaráis a shainaithint a bheidh údaraithe chun na sonraí a rochtain agus cosaint sonraí pearsanta a áirithiú.

(5) Ba cheart feidhm a bheith ag ETIAS maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas a bheith i seilbh víosa agus iad ag trasnú na dteorainneacha seachtracha.

(6) Ba chóir feidhm a bheith aige freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa ar baill iad de theaghlach shaoránach de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE[22] maidir leo, nó baill de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil an cárta cónaithe dá dtagraítear faoi Threoir 2004/38/CE aige. Sonraítear in Airteagal 21(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna bearta arna nglacadh lena gcur chun feidhme. Tá na teorainneacha agus na coinníollacha faoi seach sonraithe i dTreoir 2004/38/CE maidir leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát.

(7) Mar a dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[23], tá sé de cheart ag na baill teaghlaigh sin chun dul isteach ar chríoch an Bhallstáit agus chun víosa iontrála a fháil chun na críche sin. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an ceart ag baill teaghlaigh atá díolmhaithe ón gceanglas víosa chun údarú taistil a fháil. Ba cheart do na Ballstáit gach saoráid a dheonú do na daoine sin chun an t-údarú taistil is gá a fháil, agus ní mór é a eisiúint saor in aisce.

(8) Níl an ceart chun údarú taistil a fháil gan choinníollacha toisc gur féidir é a dhiúltú do na baill teaghlaigh lena mbaineann baol i leith beartas poiblí, shlándáil an phobail nó sláinte

---

[21] COM(2016) 602 final.

[22] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE.

[23] Breithiúnas na Cúirte an 31 Eanáir 2006 i gcás C-503/03 An Coimisiún v. An Spáinn (Rec. 2006, lch. I-1097).

phoiblí de bhun Threoir 2004/38/CE. Ina fhianaise sin, ní fhéadfar a cheangal ar bhaill teaghlaigh a gcuid sonraí pearsanta a bhaineann lena gcéannacht agus a stádas a sholáthar ach amháin sa mhéid go bhfuil siadsan ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an mbagairt slándála a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais uathu ar údarú taistil ach amháin i bhfianaise na n-ábhar imní ó thaobh slándála, agus ní na hábhair imní a bhaineann le baol imirce.

(9) Ba cheart do ETIAS údarú taistil a bhunú i gcomhair náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas a bheith i seilbh víosa agus iad ag trasnú na dteorainneacha seachtracha ('an ceanglas víosa') lena gcumasaítear a chinneadh nach bhfuil baol imirce neamhrialta, baol slándála ná baol don tsláinte phoiblí ann de dheasca na daoine sin a bheith ar chríoch na mBallstát. Ba cheart údarú taistil bailí a bheith ina sheilbh ag duine a leagan síos mar choinníoll i dtaobh dul isteach chuig chríoch na mBallstát, ach níor chóir ceart dul isteach a bheith ag duine ar an mbonn go bhfuil údarú taistil aige amháin.

(10) Ba cheart go gcuirfeadh ETIAS le leibhéal ard slándála, leis an gcosc ar imirce neamhrialta agus le cosaint na sláinte poiblí trí mheasúnú ar chuairteoirí a sholáthar sula dtiocfaidh siad ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha.

(11) Ba cheart go gcuirfeadh ETIAS le héascú na seiceálacha teorann a dhéanann gardaí teorann ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha agus ba cheart dó measúnú comhordaithe agus comhchuibhithe a áirithiú ar náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an cheanglais i dtaobh údarú taistil agus a bhfuil sé beartaithe acu cuairt a thabhairt ar limistéar Schengen. Ina theannta sin ba cheart go gcuirfeadh sé leis an gcumas i dtaobh iarratasóirí a chur ar an eolas faoina n-incháilitheacht maidir le cuairt a thabhairt ar limistéar Schengen. Thairis sin, ba cheart go gcuirfeadh ETIAS freisin le héascú do na seiceálacha teorann trí laghdú a dhéanamh ar líon na ndiúltuithe cead isteach ag na teorainneacha seachtracha.

(12) Ba cheart go dtacódh ETIAS freisin le cuspóirí Chóras Faisnéise Schengen (SIS) a bhaineann leis na foláirimh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil nó chun críocha géillte nó eiseachadta, maidir le daoine atá ar iarraidh, maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach agus maidir le daoine i ndáil le seiceálacha discréideacha nó seiceálacha sonracha. Chun na críche sin, ba cheart do ETIAS uathphróiseáil a dhéanamh ar chomhaid iarratais os coinne na bhfoláireamh ábhartha in SIS. Déanfar an phróiseáil sin chun críche tacú le SIS. Dá réir sin, ba cheart aon amas a thagann as an gcomparáid sin a stóráil in SIS.

(13) Ba cheart ETIAS a bheith comhdhéanta de chóras faisnéise ar scála mór, Córas Faisnéise ETIAS, foireann lárnach, Láraonad ETIAS agus foirne náisiúnta, Aonaid Náisiúnta ETIAS.

(14) Ba cheart Láraonad ETIAS a bheith ina chuid den Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta. Ba cheart Láraonad ETIAS a bheith freagrach as fíorú a dhéanamh ar iarratais ar údaruithe taistil a diúltaíodh ón uathphróiseas d'fhonn a chinneadh an gcomhfhreagraíonn sonraí pearsanta an iarratasóra le sonraí pearsanta an té ar spreagadh amas ina leith, as na rialacha maidir le scagadh, agus as iniúchtaí rialta a dhéanamh ar phróiseáil na n-iarratas. Ba cheart Láraonad ETIAS a bheith ag obair ar bhonn 24/7.

(15) Ba cheart do gach Ballstát Aonad Náisiúnta ETIAS a bhunú a bheidh freagrach go príomha as scrúdú agus cinneadh i dtaobh údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú. Ba cheart Aonaid Náisiúnta ETIAS a bheith ag comhoibriú eatarthu féin agus le Europol chun críocha an mheasúnaithe ar na hiarratais. Ba cheart Aonad Náisiúnta ETIAS a bheith ag obair ar bhonn 24/7.

(16) Chun a chuid cuspóirí a chomhlíonadh, ba cheart do ETIAS foirm iarratais ar líne a sholáthar ar cheart don iarratasóir í a chomhlánú le dearbhuithe maidir le céannacht, doiciméad taistil, faisnéis faoi áit chónaithe, sonraí teagmhála, oideachas agus slí bheatha reatha an té sin, a riocht i dtaobh a bheith ina bhall teaghlaigh de chuid saoránach den Aontas nó náisiúnach tríú tír ag a bhfuil ceart saorghluaiseachta agus nach bhfuil cárta cónaithe ina seilbh; i gcás iarratasóir is mionaoiseach, céannacht an duine atá freagrach agus freagraí ar roinnt ceisteanna cúlra (cibé acu atá nó nach bhfuil an t-iarratasóir faoi réir galar ar bith a mbaineann baol eipidéime leis mar a shainmhínítear i Rialacháin Idirnáisiúnta Sláinte na hEagraíochta Domhanda Sláinte nó galair thógálacha nó galair sheadánacha ghabhálacha eile, taifid choiriúla, láithreacht i gcriosanna cogaidh, cinneadh chun filleadh ar theorainneacha/orduithe críoch a fhágáil). Níor cheart rochtain ar shonraí sláinte na n-iarratasóirí a cheadú ach amháin chun a chinneadh an bhfuil siad ina mbagairt don tsláinte phoiblí.

(17) Ba cheart do ETIAS glacadh le hiarratais arna dtabhairt isteach thar ceann an iarratasóra i gcásanna nach féidir le taistealaithe iarratas a chruthú iad féin, cibé acu cén chúis. I gcásanna den sórt sin, ba cheart gur tríú duine atá údaraithe ag an náisiúnach nó atá freagrach as nó aisti faoin dlí a dhéanfadh an t-iarratas, ar an gcoinníoll go n-áireofar céannacht an duine sin san fhoirm iarratais.

(18) Chun an t-iarratas a thabhairt chun críche, ba chóir go gceanglófaí ar gach iarratasóir os cionn 18 mbliana d'aois táille a íoc. Dhéanfadh banc nó idirghabhálaí airgeadais an íocaíocht a bhainistiú. Níor cheart sonraí is gá chun an íocaíocht leictreonach a dhéanamh a sholáthar ach amháin don bhanc nó don idirghabhálaí airgeadais atá ag feidhmiú an idirbhirt airgeadais, agus níl siad ina gcuid de shonraí ETIAS.

(19) Ba cheart formhór na n-údaruithe taistil a bheith eisíthe laistigh de chúpla nóiméad, ach d'fhéadfadh suas le 72 uair an chloig a bheith i gceist le líon beag díobh. I gcásanna eisceachtúla, nuair a chuirtear iarraidh ar fhaisnéis nó doiciméid bhreise in iúl don iarratasóir, d'fhéadfadh an nós imeachta suas le dhá sheachtain a thógáil.

(20) Ba cheart do ETIAS na sonraí pearsanta arna soláthar ag an iarratasóir a phróiseáil chun a fhíorú roimh ré na critéir cháilitheachta atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2016/399[24] agus measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go rachaidh an t-iarratasóir ar imirce neamhrialta, an bhféadfadh teacht an iarratasóra isteach san Aontas a bheith ina bhagairt do shlándáil nó do shláinte an phobail san Aontas, agus chun na críocha sin amháin.

(21) Ní fhéadfar an measúnú ar na rioscaí sin a chur i gcrích gan próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta a liostaítear in aithris (16). Ba cheart gach mír sonraí pearsanta sna hiarratais a chur i gcomparáid leis na sonraí atá i dtaifead, comhad nó foláireamh atá cláraithe i gcóras faisnéise (Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), sonraí Europol, bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil Ghoidte nó Chaillte (SLTD), an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), Eurodac, an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) agus/nó bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil a bhaineann le Fógraí (Interpol TDAWN)) nó le liostaí faire ETIAS, nó le táscairí riosca sonracha. Ba cheart na catagóirí sonraí pearsanta ar chóir iad a úsáid chun comparáid a dhéanamh a bheith teoranta do na catagóirí sonraí atá sna córais faisnéise arna gcuardach, liosta faire ETIAS nó na táscairí riosca sonracha.

[24] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 lena mbunaítear Cód Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen).

(22) Ba cheart an chomparáid a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe. Aon uair a léireoidh comparáid den sórt sin gurb ann do chomhfhreagairt ('amas') idir aon cheann de na sonraí pearsanta nó teaglaim díobh sna hiarratais agus taifead, comhad nó foláireamh sna córais faisnéise thuasluaite, nó le sonraí pearsanta i liosta faire ETIAS, nó le táscairí riosca, ba cheart d'oibreoir in Aonad Náisiúnta ETIAS Bhallstát na chéad iontrála dearbhaithe an t-iarratas a phróiseáil de láimh. Ba cheart an cinneadh i dtaobh údarú taistil a eisiúint nó gan é a eisiúint a bheith ina thoradh ar an measúnú arna dhéanamh ag Aonad Náisiúnta ETIAS.

(23) Féadfar údarú a eisiúint de bharr uathphróiseála. Táthar ag súil go mbeidh freagra dearfach de bharr uathphróiseála ar fhormhór mór na n-iarratas. Níor cheart údarú taistil ar bith a dhiúltú ar bhonn uathphróiseáil na sonraí pearsanta sna hiarratais amháin. Ar an gcúis sin, ba cheart d'oibreoir in Aonad Náisiúnta ETIAS na hiarratais ar gineadh amas ina leith a mheasúnú de láimh.

(24) Ba chóir ceart achomhairc a bheith ag na hiarratasóirí a ndiúltófar údarú taistil dóibh. Ba cheart na hachomhairc a sheoladh sa Bhallstát a dhéanfaidh an cinneadh maidir leis an iarratas agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin.

(25) Ba cheart na rialacha maidir le scagadh a úsáid chun anailís a dhéanamh ar an gcomhad iarratais trína chumasú do chomparáid idir na sonraí atá ar taifead i gcomhad iarratais i Lárchóras ETIAS agus táscairí riosca sonracha a chomhfhreagraíonn do bhaol imirce neamhrialta, baol slándála ná baol don tsláinte phoiblí a sainaithníodh roimhe sin. Ní bheidh imthosca ar bith i gceist ina mbeidh na tacair sonraí a úsáidtear i leith na rialacha sin bunaithe ar chine nó bunús eitneach duine, ar thuairimí polaitíochta, reiligiún nó creideamh fealsúnach, ballraíocht ceardchumainn, cleachtadh gnéis ná claonadh gnéasach.

(26) Ba cheart liosta faire ETIAS a bhunú le haghaidh naisc a aithint idir sonraí i gcomhad iarratais ETIAS agus faisnéis a bhaineann le daoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad gníomh coireachta tromchúisí nó gníomh sceimhlitheoireachta, nó a bhfuil táscairí fíriciúla nó forais réasúnacha ann lena chreidiúint go ndéanfaidh siad gníomh coireachta tromchúisí nó gníomh sceimhlitheoireachta. Ba cheart liosta faire ETIAS a bheith ina chuid de na sonraí arna bpróiseáil ag Europol i gcomhréir le hAirteagal 18(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/794 agus le Coincheap Europol um Bainistíocht Chomhtháite Sonraí lena gcuirtear chun feidhme an Rialachán sin. Agus faisnéis á soláthar do Europol acu, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh an chríoch nó na críocha dá bhfuil sí le próiseáil, lena n-áirítear an fhéidearthacht an phróiseáil sin a theorannú chuig liosta faire ETIAS.

(27) Ní mór freagraí éifeachtacha a thabhairt ar theacht chun cinn leanúnach cineálacha nua bagairtí slándála, patrúin nua i dtaobh imirce neamhrialta agus bagairtí don tsláinte phoiblí, agus ní mór cur ina gcoinne le modhanna nua-aimseartha. Ós rud é go bhfuil próiseáil méideanna tábhachtacha sonraí pearsanta i gceist leis na modhanna sin, ba cheart coimircí iomchuí a thabhairt isteach chun an cur isteach ar an gceart chun an saol príobháideach a chosaint agus ar an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint a theorannú don mhéid is gá i sochaí dhaonlathach.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart sonraí pearsanta in ETIAS a choinneáil slán; ba cheart rochtain ar na sonraí sin a bheith teoranta do phearsanra dian-údaraithe amháin agus níor cheart iad a úsáid in imthosca ar bith chun cinntí a dhéanamh ar bhonn cineál ar bith idirdhealaithe. Ba cheart na sonraí pearsanta stóráilte a choimeád go slán i saoráidí eu-LISA san Aontas.

(29) Ba cheart údaruithe taistil atá eisithe a chur ar neamhní nó a chúlghairm a luaithe a thagann sé chun solais nár comhlíonadh na coinníollacha eisiúna, nó nach bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh. Go háirithe, i gcás ina gcruthófar foláireamh SIS nua i leith

diúltú cead isteach nó i leith tuairisc i dtaobh doiciméad taistil a bheith caillte nó goidte, ba cheart do SIS é sin a chur in iúl do ETIAS, ar cheart dó a fhíorú an bhfuil an foláireamh nua sin ag comhfhreagairt d'údarú taistil bailí. I gcás den sórt sin, ba cheart Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh a chur ar an eolas láithreach agus ba chóir dó an t-údarú taistil a chúlghairm. Ag teacht le cur chuige den chineál céanna, cuirfear míreanna nua arna dtabhairt isteach i liosta faire ETIAS i gcomparáid leis na comhaid iarratas atá stóráilte in ETIAS chun a fhíorú an gcomhfhreagraíonn an mhír nua d'údarú taistil bailí. I gcás den sórt sin, ba cheart d'Aonad Náisiúnta ETIAS Bhallstát na chéad iontrála measúnú a dhéanamh ar an amas, agus an t-údarú taistil a chúlghairm más gá. Ba cheart go bhféadfaí an t-údarú taistil a chúlghairm arna iarraidh sin ag an iarratasóir.

(30) Más rud é, in imthosca eisceachtúla, go measann Ballstát gur gá ceadú do náisiúnach tríú tír taisteal go dtí a chríoch ar chúiseanna daonchairdiúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta, ba cheart go bhféadfadh sé údarú taistil a eisiúint ag a bhfuil bailíocht chríochach agus bailíocht ama theoranta.

(31) Roimh dhul ar bord, ba cheart oibleagáid a bheith ar aeriompróirí agus iompróirí ar muir, chomh maith le hiompróirí atá ag tabhairt grúpaí thar tír i gcoistí, a fhíorú go bhfuil na doiciméid taistil ar fad ag na taistealaithe is gá chun teacht isteach i gcríoch na mBallstát de bhun Choinbhinsiún Schengen[25]. Ba cheart go n-áireofaí leis sin a fhíorú go bhfuil údarú taistil bailí ag taistealaithe. Níor cheart an comhad ETIAS féin a bheith inrochtana d'iompróirí. Trí rochtain idirlín shlán, lena n-áirítear an fhéidearthacht i dtaobh réitigh theicneolaíocha mhóibíleacha a úsáid, ba cheart go mbeadh iompróirí in ann dul ar aghaidh leis an gceadú agus iad ag úsáid sonraí doiciméad taistil.

(32) D'fhonn déanamh de réir na gcoinníollacha athbhreithnithe le haghaidh teacht isteach, ba cheart do ghardaí teorann a sheiceáil an bhfuil údarú taistil bailí ag an taistealaí. Dá bhrí sin, le linn an phróisis chaighdeánaigh um rialú teorann, ba cheart don gharda teorann sonraí an doiciméid taistil a léamh go leictreonach. Spreagfadh an oibríocht cuardach bunachar sonraí éagsúla mar a fhoráiltear dó faoi Chód Teorainneacha Schengen lena n-áirítear cuardach ar ETIAS a sholáthródh an stádas cothrom le dáta i dtaobh údarú taistil. Ní bheadh an comhad ETIAS féin inrochtana ag an ngarda teorann do rialuithe teorann. Murab ann d'údarú taistil bailí, ba cheart don gharda teorann cead isteach a dhiúltú agus an próiseas rialaithe teorann a chur i gcrích dá réir. Má tá údarú taistil bailí ann, ba cheart don gharda teorann an cinneadh a dhéanamh cead isteach a údarú nó a dhiúltú.

(33) Tá sé fíor-riachtanach sa chomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile, agus i bhfianaise domhandú líonraí coiriúla, an fhaisnéis chuí a bheith ag na húdaráis forghníomhaithe dlí chun go bhféadfaidh siad a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach. Is léir cheana féin a éifeachtaí is atá rochtain ar shonraí sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) chun críocha fhorghníomhú an dlí i dtaobh cabhrú le himscrúdaitheoirí dul chun cinn mór a dhéanamh i gcásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht nó gáinneáil ar dhrugaí. Níl sonraí sa Chóras Faisnéise Víosaí maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa.

[25] An Coinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme.

(34) Is gá rochtain a bheith ar an bhfaisnéis atá in ETIAS chun críocha na cionta sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle[26] nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle[27], chun iad sin a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. In imscrúdú ar leith agus chun fianaise agus faisnéis a bhunú a bhaineann le duine a bhfuil amhras faoi go ndearna sé coir nó a ndearnadh coir ina choinne, d'fhéadfadh sé gur ghá d'údaráis forghníomhaithe dlí rochtain a bheith acu ar na sonraí arna ngineadh ag ETIAS. D'fhéadfadh na sonraí atá stóráilte in ETIAS a bheith riachtanach freisin chun an té a rinne cion sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a shainaithint, go háirithe nuair a bhíonn gá le gníomh práinneach. Is éard atá in ETIAS a rochtain chun críche cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, ná cur isteach ar na cearta bunúsacha i dtaca le saol príobháideach daoine aonair a urramú agus le cosaint sonraí pearsanta daoine a ndéantar próiseáil ar a gcuid sonraí pearsanta in ETIAS. Dá bhrí sin, ba cheart na sonraí atá in ETIAS a choimeád agus a chur ar fáil d'údaráis ainmnithe na mBallstát agus don Oifig Eorpach Póilíní ('Europol'), faoi réir na gcoinníollacha diana a leagtar amach sa Rialachán seo ionas go mbeidh an rochtain sin teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath agus a imscrúdú i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos go háirithe i ndlí-eolaíocht na Cúirte, go háirithe i gcás Digital Rights Ireland[28].

(35) Go háirithe, níor cheart rochtain a dheonú ar shonraí ETIAS chun críche cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú ach amháin tar éis iarraidh réasúnaithe ó na húdaráis inniúla agus iad ag tabhairt cúiseanna go bhfuil an rochtain riachtanach. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go mbeidh aon iarraidh den sórt sin ar rochtain ar shonraí atá stóráilte in ETIAS faoi réir athbhreithniú roimh ré ag cúirt nó ag údarás a thugann ráthaíochtaí i ndáil le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht iomlán, agus atá saor ó aon tionchar seachtrach díreach nó indíreach. I gcásanna fíorphráinne, áfach, is féidir go bhfuil sé ríthábhachtach do na húdaráis inniúla fáil láithreach a bheith acu ar shonraí pearsanta is gá chun cosc a chur ar dhéanamh coire tromchúisí nó ionas gur féidir a lucht déanta a ionchúiseamh. Sna cásanna sin, ba cheart a ghlacadh leis go ndéanfar an t-athbhreithniú ar na sonraí pearsanta a fhaightear ó ETIAS chomh tapa agus is féidir tar éis rochtain ar na sonraí sin a bheith deonaithe do na húdaráis inniúla.

(36) Dá bhrí sin, is gá údaráis inniúla na mBallstát a ainmniú atá údaraithe an rochtain sin a iarraidh chun críocha sonracha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

(37) Ba cheart d'Aonaid Náisiúnta ETIAS Náisiúnta gníomhú mar lárphointe rochtana agus ba cheart dóibh a fhíorú go gcomhlíonfar na coinníollacha i dtaobh rochtain a iarraidh ar Lárchóras ETIAS sa chás nithiúil atá idir lámha.

(38) Is é Europol an mol maidir le malartú faisnéise san Aontas agus tá ról lárnach aige sa chomhar idir údaráis na mBallstát i réimse an imscrúdaithe coireachta trasteorann i dtaobh tacú le coireanna a chosc, a anailísiú agus a imscrúdú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ba

---

[26] Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 164, 22.6.2002 lch. 6).

[27] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002 lch. 1).

[28] Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 8 Aibreán 2014 i gcásanna uamtha C-293/12 agus C-594/12 Digital Rights Ireland Ltd, ECLI:EU:C:2014:238.

cheart rochtain a bheith ag Europol freisin ar Lárchóras ETIAS faoi chuimsiú a chúraimí agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794[29] i gcásanna sonracha nuair is gá sin ionas gur féidir le Europol tacú le gníomhaíocht Ballstát i dtaobh cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó imscrúdú, agus an ghníomhaíocht sin a threisiú.

(39) Chun cuardaigh chórasacha a chosc, níor cheart sonraí a stóráiltear i lárchóras ETIAS a phróiseáil ach i gcásanna ar leith agus nuair is gá sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Dá bhrí sin, níor cheart do na húdaráis ainmnithe ná do Europol rochtain ar ESTIAS a iarraidh ach amháin nuair atá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhfaighidh siad faisnéis de thoradh na rochtana sin a chuideoidh go mór leo cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Níor cheart do na húdaráis forghníomhaithe dlí ná do Europol rochtain ar ETIAS a iarraidh ach amháin sa chás nach bhfuarthas an fhaisnéis arna hiarraidh mar thoradh ar chuardaigh roimh ré i ngach bunachar sonraí náisiúnta iomchuí de chuid an Bhallstáit agus i mbunachair sonraí ag Europol.

(40) Níor cheart na sonraí pearsanta atá ar taifead in ETIAS a choimeád níos faide ná mar is gá chun a chríocha. Ionas gur féidir le ETIAS feidhmiú, ní mór na sonraí a bhaineann le hiarratasóirí a choinneáil ar feadh tréimhse bhailíochta an údaraithe taistil. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar an mbaol slándála, an baol imirce neamhrialta agus an baol don tsláinte phoiblí a bhaineann leis na hiarratasóirí, is gá na sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh cúig bliana ón taifead deireadh ar dhul isteach atá stóráilte in EES. Go deimhin, ba cheart do ETIAS brath ar réamh-mheasúnuithe cruinne ar an mbaol slándála, an baol don tsláinte phoiblí agus an baol imirce neamhrialta, go háirithe trí úsáid a bhaint as na rialacha maidir le scagadh. Ionas go mbeidh siad ina mbonn iontaofa don mheasúnú riosca láimhe a dhéanfaidh na Ballstáit, agus ionas go laghdófar a mhéid is féidir líon na n-amas sin nach gcomhfhreagraíonn do rioscaí cearta ('bréagdheimhnithe'), ní mór do na hamais a eascraíonn as rialacha maidir le scagadh ar bhonn staitisticí scagtha arna ngineadh ag sonraí ETIAS féin a bheith ionadaíoch do phobal sách leathan. Ní féidir é sin a áirithiú díreach ar bhonn sonraí na n-údaruithe taistil ina dtréimhse bhailíochta. Ba cheart go dtosódh an tréimhse choinneála sonraí ón taifead deiridh ar dhul isteach an iarratasóra atá stóráilte in EES, ós rud é gurb ionann é sin agus úsáid iarbhír deiridh an údaraithe taistil. Comhfhreagraíonn tréimhse choinneála sonraí cúig bliana do thréimhse choinneála taifead EES le húdarú cead isteach arna dheonú ar bhonn údarú taistil nó diúltú cead isteach ETIAS. Leis an sioncrónú sin ar na tréimhsí coinneála sonraí, áiritheofar go gcoinneofar an taifead ar dhul isteach agus an t-údarú taistil a ghabhann leis ar feadh na ré céanna agus is gné bhreise é lena n-áiritheofar an idir-inoibritheacht idir ETIAS agus EES amach anseo. Ní mór an sioncrónú sin a dhéanamh ar na tréimhsí coinneála sonraí chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil an anailís riosca is gá a dhéanamh faoi mar atá leagtha amach i gCód Teorainneacha Schengen. D'fhéadfadh cinneadh údarú taistil a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú a thabhairt le fios go mbaineann baol níos airde leis an iarratasóir i dtaobh slándála nó imirce neamhrialta. I gcás inar eisíodh cinneadh den sórt sin, ba cheart go dtosódh an tréimhse choinneála sonraí 5 bliana i leith na sonraí bainteacha ón dáta ar eisíodh é, ionas gur féidir le ETIAS a chur san áireamh go cruinn an baol níos mó a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcás an iarratasóra lena mbaineann. Tar éis dheireadh na tréimhse sin, ba cheart na sonraí pearsanta a scriosadh.

(41) Ba cheart rialacha beachta a leagan síos maidir leis na freagrachtaí a bheidh ar an nGníomhaireacht as bainistiú oibríochtúil córas faisnéise mórscála sa limistéar saoirse,

[29] IO L 119, 4.5.2016, lgh. 132-149.

slándála agus ceartais (eu-LISA) i ndáil le dearadh, forbairt agus bainistiú teicniúil Chóras Faisnéise ETIAS, na freagrachtaí a bheidh ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, na freagrachtaí a bheidh ar na Ballstiát agus na freagrachtaí a bheidh ar Europol.

(42) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] maidir le gníomhaíochtaí eu-LISA agus na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus iad ag comhlíonadh na gcúraimí a chuirfear ar iontaoibh acu sa Rialachán seo.

(43) Tá feidhm ag [Rialachán (AE) 2016/679][31] maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ach amháin más iad údaráis ainmnithe nó fíoraithe na mBallstát a dhéanann an phróiseáil sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

(44) An phróiseáil a dhéanann údaráis na mBallstát ar shonraí pearsanta chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú de bhun an Rialacháin seo, ba cheart í a bheith faoi réir caighdeán cosanta do shonraí pearsanta i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, agus ba cheart an chaighdeán sin a bheith i gcomhréir le [Treoir (AE) 2016/680][32].

(45) Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta neamhspleácha arna mbunú i gcomhréir le [Rialachán (AE) 2016/679] faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit, agus ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus do na húdaráis mhaoirseachta obair i gcomhar le chéile chun faireachán a dhéanamh ar ETIAS.

(46) "(...) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim maidir le....”

(47) Ba chóir rialacha dochta maidir le Lárchóras ETIAS a rochtain agus na coimircí a bhfuil gá leo a bhunú. Lena chois sin, ní mór foráil a dhéanamh maidir le cearta an duine aonair i ndáil le rochtain, sásamh, agus sonraí a cheartú nó a scriosadh, agus go háirithe an ceart chun leigheas breithiúnach a fháil agus chun maoirseacht a bheith á déanamh ag údaráis neamhspleácha phoiblí ar oibríochtaí próiseála.

(48) D'fhonn measúnú a dhéanamh ar an mbaol slándála, an baol imirce neamhrialta nó an baol don tsláinte phoiblí a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtaobh taistealaí, ba cheart nár mhór idir-inoibritheacht a bhunú idir Córas Faisnéise ETIAS agus córais faisnéise eile arna gceadú ag ETIAS amhail an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS),

---

30 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

31 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

32 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle.

sonraí Europol, Córas Faisnéise Schengen (SIS), Eurodac agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS). Ní féidir an idir-inoibritheacht sin a áirithiú go hiomlán, áfach, go dtí go mbeidh na tograí maidir le EES[33], ECRIS[34] agus an togra athmhúnlaithe ar Rialachán Eurodac[35] glactha.

(49) Is gá meastóireacht a dhéanamh go tráthrialta chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

(50) Chun na bearta teicniúla is gá i dtaobh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bhunú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

– chun liosta réamhshocraithe freagraí a ghlacadh maidir leis na ceisteanna ar leibhéal agus réimse an oideachais, ar an tslí bheatha reatha agus ar an teideal poist atá le cur in iúl san iarratas ar údarú taistil,

– chun sonrú a dhéanamh ar ábhar agus formáid na gceisteanna breise a fhéadfar a chur ar iarratasóir ar údarú taistil,

– chun na modhanna íocaíochta agus an próiseas don táille údaraithe taistil a leagan síos agus aird ar na forbairtí teicneolaíochta agus ar an bhfáil atá orthu agus chun méid na táille a leasú,

– chun síneadh ama a chur leis an tréimhse cairde nach mbeidh aon údaruithe taistil ag teastáil lena linn,

– chun tuilleadh sonrú a dhéanamh ar an mbaol slándála, an baol imirce neamhrialta agus an baol don tsláinte phoiblí a mbainfear leas astu d'fhonn na táscairí riosca a bhunú.

(51) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na

---

[33] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) COM(2016) 194 final.

[34] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2009/315/CGB, maidir le malartú faisnéise faoi náisiúnach tríú tír agus maidir leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), agus a chuirtear in ionad Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle.

[35] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát], chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú) COM(2016) 272 final.

saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(52) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a dheonú ar an gCoimisiún i dtaobh rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na coinníollacha le haghaidh oibriú an tsuímh ghréasáin phoiblí agus na haipe le haghaidh gléasanna móibíleacha agus maidir leis na rialacha cosanta sonraí agus na rialacha slándála is infheidhme maidir leis an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha, chomh maith le scéim fíordheimhnithe d'iompróirí agus dóibhsean amháin, agus sonrú a dhéanamh ar na nósanna imeachta cúltaca a bheidh le leanúint i gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, ETIAS a rochtain. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36].

(53) Ní féidir leis na Ballstáit ETIAS a bhunú ná ní féidir leo oibleagáidí, coinníollacha agus nósanna imeachta coiteanna a cheapadh maidir le húsáid sonraí agus is fearr is féidir, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus thionchar na gníomhaíochta, an cuspóir sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(54) Is lú na costais mheasta i dtaobh Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt agus Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS a bhunú ná an méid atá fágtha sa bhuiséad atá curtha i leataobh do Theorainneacha Cliste i Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37]. Dá réir sin, faoin Rialachán seo, de bhun Airteagal 5(5)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 515/2014, ba cheart ath-leithdháileadh a dhéanamh ar an méid atá curtha i leataobh faoi láthair chun córais TF a fhorbairt d'fhonn tacú le bainistiú sreafaí imirce thar na teorainneacha seachtracha.

(55) Ba cheart an t-ioncam a ghintear ó íoc na dtáillí údaraithe taistil a shannadh chun costais oibriúcháin agus chothabhála athfhillteacha Chóras Faisnéise ETIAS, Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS Náisiúnta a chumhdach. I bhfianaise cháilíocht shonrach an chórais, is iomchuí déileáil leis an ioncam mar ioncam sannta seachtrach.

(56) Tá an Rialachán seo gan dhochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE.

(57) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den

---

[36] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[37] Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 574/2007/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(58) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle[38]; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(59) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[39]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm

(60) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *hacquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[40], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[41].

(61) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[42], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[43] agus le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle[44].

(62) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a

---

38 Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

39 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

40 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

41 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

42 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

43 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

44 Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50).

chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[45], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle agus le hAirteagal 3 den Chinneadh 2011/349/AE[46] ón gComhairle[47].

(63) Is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(64) Ionas gur féidir an Rialachán seo a chomhtháthú sa chreat dlíthiúil atá ann cheana agus na hathruithe don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus Europol a léiriú, ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/794 agus (AE) 2016/1624 a leasú dá réir,

---

45 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

46 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

47 Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
Forálacha ginearálta

Airteagal 1
Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo 'Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil' (ETIAS) i gcomhair náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú na dteorainneacha seachtracha ('an ceanglas víosa') lena gcumasaítear a chinneadh an bhfuil baol imirce neamhrialta, baol slándála ná baol don tsláinte phoiblí ann de dheasca na daoine sin a bheith ar chríoch na mBallstát. Chun na críche sin tugtar isteach údarú taistil agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta i dtaobh a eisiúna nó a dhiúltaithe.

2. Leagtar síos sa Rialachán seo na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS a cheadú chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a thagann faoina n-inniúlacht a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Airteagal 2
Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa:

   (a) náisiúnaigh tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001[48] atá díolmhaithe ón gceanglas víosa i leith idirthurais aerfort nó tréimhsí fanachta atá beartaithe ar chríoch na mBallstát agus nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá;

   (b) dídeanaithe agus daoine gan stát i gcás ina bhfuil an tríú tír ina bhfuil cónaí orthu agus a d'eisigh a ndoiciméad taistil ar cheann de na tríú tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 agus atá díolmhaithe ón gceanglas víosa de bhun Airteagal 4(2)(b) den Rialachán sin;

   (c) náisiúnaigh tríú tír a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

      i) is baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó baill de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais; agus

      ii) níl cárta cónaithe acu dá dtagraítear faoi Threoir 2004/38/CE.

[48] IO L 81, 21.3.2001, lch. 1.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le:

(a) dídeanaithe nó daoine gan stát nó daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu a bhfuil cónaí orthu i mBallstát agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh an Ballstát sin;

(b) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis agus a bhfuil cárta cónaithe acu de bhun na Treorach sin;

(c) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus a bhfuil cárta cónaithe acu de bhun Threoir 2004/38/CE;

(d) sealbhóirí na gceadanna cónaithe dá dtagraítear i bpointe 16 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] cé is moite díobh sin atá cumhdaithe ag pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo;

(e) sealbhóirí víosa fadfhanachta;

(f) náisiúnaigh Andóra, Mhonacó agus San Mairíne agus sealbhóirí pas arna eisiúint ag Stát na Vatacáine;

(g) náisiúnaigh tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ag a bhfuil cead le haghaidh trácht teorann áitiúil arna eisiúint ag na Ballstáit de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006[50] i gcás ina bhfeidhmíonn siad a gceart i gcomhthéacs chóras an tráchta teorann áitiúil;

(h) daoine nó catagóirí daoine dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001.

Airteagal 3
Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "teorainneacha seachtracha" teorainneacha seachtracha mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2016/399;

(b) ciallaíonn “seiceálacha teorann” seiceálacha teorann mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) 2016/399;

(c) ciallaíonn “garda teorann” garda teorann mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(14) de Rialachán (AE) 2016/399;

[49] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 077, 23.3.2016, lch. 1).

[50] IO L 405, 20.12.2006, lch. 1.

(d) ciallaíonn "údarú taistil" cinneadh a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo ina sainítear nach bhfuil aon táscairí fíriciúla ná aon fhorais réasúnacha ann lena cheapadh go bhfuil baol imirce neamhrialta, baol slándála ná baol don tsláinte phoiblí ann de dheasca duine áirithe a bheith ar chríoch na mBallstát, agus ar cheangal é ar na náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2 chun an choinníoll maidir le dul isteach a leagtar síos in Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/399 a chomhlíonadh;

(e) ciallaíonn “baol don tsláinte phoiblí” baol don tsláinte phoiblí mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(21) de Rialachán (AE) 2016/399;

(f) ciallaíonn "iarratasóir" aon náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2 a rinne iarratas ar údarú taistil;

(g) ciallaíonn "doiciméad taistil" pas nó a chomhionann de dhoiciméad a thugann ceart don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus dar féidir víosa a ghreamú;

(h) ciallaíonn "gearrfhanacht" fanacht ar chríoch na mBallstát de réir bhrí Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399;

(i) ciallaíonn "rófhantóir" náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha a bhaineann le gearrfhanacht ar chríoch na mBallstát;

(j) ciallaíonn "aip le haghaidh gléasanna móibíleacha" feidhmchlár bogearraí a cheaptar lena fheidhmiú ar ghléasanna móibíleacha amhail gutháin chliste agus ríomhairí taibléid;

(k) ciallaíonn "amas" ceangal a bhunaítear trí na sonraí pearsanta atá ar taifead i gcomhad iarratais Lárchóras ETIAS a chur i gcomparáid leis na sonraí pearsanta atá stóráilte i dtaifead, comhad nó rabhadh atá cláraithe i gcóras faisnéise atá á cheadú ag Lárchóras ETIAS, atá ar liosta faire ETIAS nó a mbaineann na táscairí riosca sonracha dá dtagraítear in Airteagal 28 leo;

(l) ciallaíonn "cionta sceimhlitheoireachta" na cionta a fhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagail 1 go 4 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB, nó atá coibhéiseach leo;

(m) ciallaíonn "cionta coiriúla tromchúiseacha" na cionta a fhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó atá coibhéiseach leo, má tá siad inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith coimeádta nó le hordú coinneála arb é trí bliana ar a laghad a uastréimhse;

(n) ciallaíonnn "sonraí Europol" na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil do Europol chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/794.

2. Beidh feidhm ag na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (CE) 45/2001 sa chás ina ndéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA sonraí pearsanta a phróiseáil.

3. Beidh feidhm ag na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal 4 de [Rialachán (AE) 2016/679] sa chás ina ndéanann údaráis na mBallstát na sonraí pearsanta a phróiseáil.

4. Beidh feidhm ag na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal 3 de [Threoir (AE) 2016/680] sa chás ina ndéanann údaráis na mBallstát sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fhorghníomhú an dlí.

Airteagal 4
Cuspóirí ETIAS

Trí thacú le húdaráis inniúla na mBallstát, déanfaidh ETIAS an méid seo a leanas:

(a) cuirfidh sé le hardleibhéal slándála a áirithiú trí fhoráil a dhéanamh maidir le measúnú críochnúil ar riosca slándála na n-iarratasóirí, sula dtiocfaidh siad chuig pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha, d'fhonn a chinneadh an bhfuil táscairí fíriciúla nó forais réasúnacha ann lena chinneadh go bhfuil baol slándála ann de dheasca na daoine sin a bheith ar chríoch na mBallstát;

(b) cuirfidh sé leis an gcosc ar imirce neamhrialta trí fhoráil a dhéanamh maidir le measúnú ar riosca imirce neamhrialta na n-iarratasóirí sula dtiocfaidh siad chuig pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha;

(c) cuirfidh sé le cosaint na sláinte poiblí trí fhoráil a dhéanamh go ndéanfaí a mheas má tá baol don tsláinte phoiblí i gceist de dheasca an iarratasóra de réir bhrí Airteagal 3(1)(e) sula dtiocfaidh sé chuig pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha;

(d) cuirfidh sé le héifeachtacht na seiceálacha teorann;

(e) cuirfidh sé le cuspóirí Chóras Faisnéise Schengen (SIS) a bhaineann leis na foláirimh i ndáil le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil nó chun críocha géillte nó eiseachadta, i ndáil le daoine atá ar iarraidh, le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach agus i ndáil le daoine a ndéanfar seiceálacha discréideacha nó seiceálacha sonracha orthu;

(f) cuideofar chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Airteagal 5
Struchtúr ginearálta ETIAS

Is é atá in ETIAS:

(a) Córas Faisnéise ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 6;

(b) Láraonad ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 7;

(c) Aonaid Náisiúnta ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 8.

Airteagal 6
Bunú agus ailtireacht theicniúil Chóras Faisnéise ETIAS

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála faisnéise sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais ('eu-LISA') Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt agus déanfaidh sí a bhainistiú teicniúil a áirithiú.

2. Is é a bheidh i gCóras Faisnéise ETIAS:

   (a) lárchóras;

   (b) Comhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta i ngach Ballstát a bheidh bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla coiteanna agus iad ar aon dul lena chéile sna Ballstáit uile ionas gur féidir ceangal a dhéanamh idir an lárchóras agus na bonneagair teorann náisiúnta sna Ballstáit;

   (c) bonneagar cumarsáide idir an lárchóras agus na Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta;

   (d) bonneagar cumarsáide slán idir Lárchóras ETIAS agus na córais faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 10;

   (e) suíomh gréasáin poiblí agus aip le haghaidh gléasanna móibíleacha;

   (f) seirbhís ríomhphoist;

   (g) seirbhís cuntais shláin lena gcuirtear ar a gcumas d'iarratasóirí faisnéis bhreise agus/nó doiciméid bhreise a sholáthar, más gá;

   (h) geata iompróra;

   (i) seirbhís gréasáin lena gcumasaítear cumarsáid idir an lárchóras, ar thaobh amháin agus an suíomh gréasáin poiblí, an aip, an tseirbhís ríomhphoist, an tseirbhís cuntais shláin, an geata iompróra, an t-idirghabhálaí íocaíochta agus na córais idirnáisiúnta (córais/bunachair shonraí Interpol), ar an taobh eile;

   (j) bogearraí lena gcuirtear ar a gcumas do Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS na hiarratais a phróiseáil;

3. [Déanfaidh Lárchóras, Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta, an tseirbhís gréasáin, an geata iompróra agus an bonneagar cumarsáide atá ag ETIAS comhpháirteanna crua-earraí agus comhpháirteanna bogearraí ó Lárchóras EES, Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta EES, seirbhís gréasáin EES, geata iompróra EES agus bonneagar cumarsáide EES a chomhroinnt agus a athúsáid, a oiread is féidir go teicniúil.]

Airteagal 7
Bunú Láraonad ETIAS

1. Bunaítear leis seo Láraonad ETIAS laistigh den Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.

2. Beidh Láraonad ETIAS, ag obair dó ar bhonn 24/7, i gceannas ar an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfuil na sonraí atá stóráilte sna comhaid iarratais agus i Lárchóras ETIAS ceart agus cothrom le dáta;

(b) fíorú a dhéanamh ar iarratais ar údaruithe taistil a diúltaíodh ón uathphróiseas d'fhonn a chinneadh an gcomhfhreagraíonn sonraí pearsanta an iarratasóra do shonraí pearsanta an té ar spreagadh amas ina leith i gceann de na córais faisnéise/bunachair shonraí a ceadaíodh nó i leith ceann de na táscairí riosca sonracha dá dtagraítear in Airteagal 28;

(c) sainiú, tástáil, cur chun feidhme, measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí riosca sonracha dá dtagraítear in Airteagal 28 tar éis dul i gcomhairle le Bord ETIAS um Scagadh;

(d) iniúchtaí rialta a dhéanamh ar phróiseáil na n-iarratas agus ar chur chun feidhme fhorálacha Airteagal 28 lena n-áirítear measúnú rialta a dhéanamh ar a dtionchar ar chearta bunúsacha, go háirithe maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta.

Airteagal 8
Bunú Aonaid Náisiúnta ETIAS

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil i gcáil Aonad Náisiúnta ETIAS.

2. Beidh Aonaid Náisiúnta ETIAS freagrach as an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfuil na sonraí atá stóráilte sna comhaid iarratais agus i Lárchóras ETIAS ceart agus cothrom le dáta;

(b) scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar údaruithe taistil arna ndiúltú ag an uathphróiseas iarratais agus cinneadh a dhéanamh ina leith, agus an measúnú riosca láimhe dá dtagraítear in Airteagal 22 a chur i gcrích;

(c) comhordú a áirithiú idir Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol i dtaca leis na hiarrataí ar chomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 24 agus Airteagal 25;

(d) faisnéis a sholáthar d'iarratasóirí maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás achomharc a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 31(2);

(e) gníomhú i gcáil lárphointe rochtana maidir le ceadú Lárchóras ETIAS chun na críche atá leagtha síos in Airteagal 1(2) agus i gcomhréir le hAirteagal 44.

3. Cuirfidh na Ballstáit dóthain acmhainní ar fáil d'Aonaid Náisiúnta ETIAS ionas gur féidir leo a gcúraimí a chomhlíonadh ar bhonn 24/7.

Airteagal 9
Bord ETIAS um Scagadh

1. Bunaítear leis seo Bord ETIAS um Scagadh laistigh den Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta. Beidh sé comhdhéanta d'ionadaí ó gach Aonad Náisiúnta ETIAS agus Europol.

2. Rachfar i gcomhairle le Bord ETIAS um Scagadh ar na nithe seo a leanas:

(a) sainiú na dtáscairí riosca sonracha dá dtagraítear in Airteagal 28, meastóireacht orthu agus athbhreithniú orthu;

(b) liosta faire ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 29 a chur chun feidhme.

3. Chun na críche dá dtagraítear i mír 1, eiseoidh Bord ETIAS um Scagadh tuairimí, treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais.

4. Tionólfaidh Bord ETIAS um Scagadh cruinniú nuair is gá, agus ar a laghad dhá uair sa bhliain. Iompróidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta costais agus seirbhísiú na gcruinnithe sin.

5. Glacfaidh Bord ETIAS um Scagadh rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú trí thromlach simplí a chuid chomhaltaí.

Airteagal 10
Idir-inoibritheacht le córais faisnéise eile

Bunófar idir-inoibritheacht idir Córas Faisnéise ETIAS agus córais faisnéise eile arna gceadú ag ETIAS amhail [an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)], an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), sonraí Europol, Córas Faisnéise Schengen (SIS), [Eurodac] agus [an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)] ionas gur féidir an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 18 a chur i gcrích.

Airteagal 11
Rochtain ar shonraí atá stóráilte in ETIAS

1. Forchoimeádfar rochtain ar Chóras Faisnéise ETIAS go heisiach do chomhaltaí foirne cuí-údaraithe Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS.

2. Déanfar rochtain gardaí teorann ar Lárchóras ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 41 a theorannú do chuardaigh i Lárchóras ETIAS chun stádas údaraithe taistil taistealaí atá i láthair ag pointe trasnaithe teorann seachtraí a aimsiú.

3. Déanfar rochtain iompróirí ar Lárchóras ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 39 a theorannú do chuardaigh i Lárchóras ETIAS chun stádas údaraithe taistil taistealaí a aimsiú.

Airteagal 12
Neamh-idirdhealú

Ní bheidh sé ina thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta laistigh de Chóras Faisnéise ETIAS ag úsáideoir ar bith go ndéanfar idirdhealú in aghaidh náisiúnaigh tríú tír ar bhonn inscne, bunadh cinioch ná eitneach, reiligiúin ná creidimh, míchumais, aoise ná claonadh gnéasach. Déanfar lán-urramú ar dhínit agus ionracas an duine. Tabharfar aird ar leith ar leanaí, daoine aosta agus daoine a bhfuil míchumas orthu.

CAIBIDIL II
An tIarratas

Airteagal 13
Socruithe praiticiúla maidir le hiarratas a thaisceadh

1. Déanfaidh iarratasóirí iarratas a thaisceadh trí fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú ar an suíomh gréasáin poiblí atá ar fáil chuige sin nó tríd an aip le haghaidh gléasanna gréasáin tamall fada go leor roimh aon taisteal atá beartaithe.

2. Féadfaidh an t-iarratasóir an t-iarratas a thaisceadh nó féadfaidh idirghabhálaí tráchtála a bheidh údaraithe ag an iarratasóir an t-iarratas a thaisceadh thar a cheann.

Airteagal 14
An suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha

1. Tríd an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha, cuirfear ar a gcumas do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an cheanglais i leith údarú taistil tús a chur le hiarratas ar údarú taistil, na sonraí is gá san fhoirm iarratais a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 15 agus an táille údaraithe taistil a íoc.

2. Cuirfidh an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha an fhoirm iarratais ar fáil saor in aisce agus go forleathan d'iarratasóirí agus beidh rochtain éasca acu uirthi.

3. Beidh an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid na mBallstát.

4. Sa chás nach ionann teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla na dtíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle agus na teangacha dá dtagraítear i mír 3, soláthrófar bileoga eolais ina mbeidh faisnéis a bhaineann le hábhar agus le húsáid an tsuímh ghréasáin phoiblí agus na haipe le haghaidh gléasanna móibíleacha agus faisnéis mhíniúcháin i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla na dtíortha dá dtagraítear.

5. Cuirfidh an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha in iúl d'iarratasóirí na teangacha a fhéadfar a úsáid chun an fhoirm iarratais a chomhlánú.

6. Soláthróidh an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha don iarratasóir seirbhís cuntais lena gcuirfear ar a gcumas d'iarratasóirí faisnéis bhreise agus/nó doiciméid bhreise a sholáthar, más gá.

7. Glacfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir leis na coinníollacha le haghaidh oibriú an tsuímh ghréasáin phoiblí agus na haipe le haghaidh gléasanna móibíleacha, agus maidir leis na rialacha cosanta sonraí agus na rialacha slándála is infheidhme maidir leis an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha. Déanfar na bearta cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

Airteagal 15
Foirm iarratais agus sonraí pearsanta an iarratasóra

1. Cuirfidh gach iarratasóir isteach foirm iarratais chomhlánaithe lena n-áirítear dearbhú i dtaobh bharántúlacht, iomláine agus iontaofacht na sonraí arna gcur isteach agus dearbhú i dtaobh fhírinneacht agus iontaofacht na ráiteas arna ndéanamh. Cuirfidh mionaoisigh isteach foirm iarratais a bheidh ríomhshínithe ag duine a fheidhmíonn údarás tuismitheora buan nó sealadach nó caomhnóireacht dhleathach.

2. Soláthróidh an t-iarratasóir na sonraí pearsanta seo a leanas san fhoirm iarratais:

(a) an sloinne (ainm an teaghlaigh), an céadainm nó na céadainmneacha, sloinne breithe; dáta breithe, áit bhreithe, tír bhreithe, inscne, náisiúntacht reatha, céadainm nó céadainmneacha thuismitheoirí an iarratasóra;

(b) ainmneacha eile (ailias nó ailiasanna, ainm nó ainmneacha ealaíonta, gnáthainm nó gnáthainmneacha);

(c) náisiúntachtaí eile (más ann dóibh);

(d) cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil;

(e) an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil in éag;

(f) seoladh baile an iarratasóra nó, más rud é nach bhfuil sé ar fáil, an chathair agus an tír ina bhfuil cónaí air;

(g) seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin;

(h) oideachas (leibhéal agus réimse);

(i) slí bheatha reatha;

(j) Ballstát na chéad iontrála beartaithe;

(k) i gcás mionaoiseach, sloinne agus céadainm nó céadainmneacha údarás tuismitheora nó chaomhnóir dlí an iarratasóra;

(l) i gcás ina n-éilíonn sé an stádas mar bhall teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c):

i) a stádas mar bhall teaghlaigh;

ii) an sloinne, an céadainm nó na céadainmneacha, dáta breithe, áit bhreithe, tír bhreithe, náisiúntacht reatha, seoladh baile, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an bhaill teaghlaigh lena bhfuil an gaol muintearais ag an iarratasóir;

iii) an gaol muintearais atá aige leis an mball teaghlaigh sin i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Threoir 2004/38/CE;

(m) i gcás iarratais a líonfaidh duine seachas an t-iarratasóir isteach iad, an sloinne, an céadainm nó na céadainmneacha, ainm an ghnólachta nó na heagraíocht más infheidhme, seoladh ríomhphoist, seoladh poist, uimhir theileafóin; an caidreamh leis an iarratasóir agus dearbhú ionadaí ríomhshínithe.

3. Roghnóidh an t-iarratasóir leibhéal agus réimse an oideachais, an tslí bheatha reatha agus an teideal poist ó liosta réamhshocraithe. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78 maidir leis na liostaí réamhshocraithe sin a leagan síos.

4. Lena chois sin, tabharfaidh an t-iarratasóir freagraí ar na ceisteanna seo a leanas:

   (a) an bhfuil an t-iarratasóir faoi réir aon ghalar a mbaineann baol eipidéime leis mar atá sainmhínithe i Rialacha Sláinte Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda Sláinte nó galair thógálacha nó galair sheadánacha ghabhálacha eile;

   (b) ar ciontaíodh é riamh in aon chion coiriúil in aon tír;

   (c) ceisteanna maidir le haon fhanacht i limistéar sonrach cogaidh nó coinbhleachta le deich mbliana anuas agus cúiseanna na fanachta;

   (d) ceisteanna maidir le haon chinneadh á cheangal air imeacht ó chríoch Bhallstáit nó ó chríoch aon tíre eile nó maidir lena bheith faoi réir cinneadh ar bith um fhilleadh a eisíodh le deich mbliana anuas.

5. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78 lena sonrófar ábhar agus formáid na gceisteanna sin.

6. Tabharfaidh an t-iarratasóir freagraí ar na ceisteanna sin. Sa chás ina dtabharfaidh an t-iarratasóir freagra dearfach ar aon cheann de na ceisteanna, ceanglófar air freagraí a thabhairt ar cheisteanna breise ar an bhfoirm iarratais a bhfuil sé mar aidhm aici tuilleadh faisnéise a bhailiú trí fhreagraí a thabhairt ar liosta réamhshocraithe ceisteanna. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78 maidir le hábhar agus formáid na gceisteanna sin agus na liostaí réamhshocraithe freagraí ar na ceisteanna sin a leagan síos.

7. Is i gcarachtair aibítir na Laidine gan diaicriticí a líonfaidh an t-iarratasóir isteach na sonraí dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 4.

8. Nuair a chuirfear isteach an fhoirm iarratais, baileoidh Córas Faisnéise ETIAS an seoladh IP ónar cuireadh isteach an fhoirm.

Airteagal 16
Táille údaraithe taistil

1. Íocfaidh an t-iarratasóir táille údaraithe taistil EUR 5 i gcás gach iarratais.

2. Déanfar an táille údaraithe taistil a tharscaoileadh i gcás leanaí faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

3. Is in euro a ghearrfar an táille údaraithe taistil.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78 maidir leis na modhanna íocaíochta agus an próiseas íocaíochta i dtaobh na táille údaraithe taistil agus i dtaobh athruithe ar mhéid na táille sin.

CAIBIDIL III
Cruthú an chomhaid iarratais agus scrúdú ar an iarratas ag Lárchóras ETIAS

Airteagal 17
Inghlacthacht agus cruthú an chomhaid iarratais

1. Fíoróidh Lárchóras ETIAS go huathoibríoch, tar éis iarratas a bheith curtha isteach, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:

   (a) tá gach réimse den fhoirm iarratais líonta isteach agus tá áirithe iontu na nithe go léir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) agus (4),

   (b) bailíodh an táille údaraithe taistil.

2. Nuair a mheasfar an t-iarratas a bheith inghlactha de bhun mhír 1, uathchruthóidh Lárchóras ETIAS comhad iarratais gan mhoill agus sannfar uimhir iarratais dó.

3. Ar chruthú an chomhaid iarratais, déanfaidh Lárchóras ETIAS na sonraí seo a leanas a thaifeadadh agus a stóráil:

   (a) uimhir an iarratais;

   (b) faisnéis maidir le stádas, ag cur in iúl gur iarradh údarú taistil;

   (c) na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 15(2) agus (4) lena n-áirítear cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil;

   (d) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(5);

   (e) an dáta agus an t-am a cuireadh isteach an fhoirm iarratais chomh maith le tagairt d'íocaíocht rathúil na táille údaraithe taistil agus uimhir thagartha uathúil na híocaíochta.

4. Ar chruthú an chomhaid iarratais, cinnfidh Lárchóras ETIAS cibé acu an bhfuil comhad iarratais eile ag an iarratasóir cheana féin i Lárchóras ETIAS trí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) a chur i gcomparáid leis na sonraí pearsanta sna comhaid iarratais atá stóráilte i Lárchóras ETIAS. I gcás den sórt sin, déanfaidh Lárchóras ETIAS an comhad iarratais nua a nascadh le haon chomhad iarratais atá ann cheana féin a cruthaíodh le haghaidh an iarratasóra chéanna.

Airteagal 18
Uathphróiseáil

1. Déanfaidh Lárchóras ETIAS uathphróiseáil ar na comhaid iarratais chun amais a bhrath. Déanfaidh Lárchóras ETIAS scrúdú ar gach comhad iarratais ina aonar.

2. Cuirfidh Lárchóras ETIAS na sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a),(b),(d),(f),(g),(m) agus (8) i gcomparáid leis na sonraí atá i dtaifead, comhad nó foláireamh atá cláraithe i Lárchóras ETIAS, Córas Faisnéise Schengen (SIS), [an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)], an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), [Eurodac], [an

Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS)], sonraí Europol, bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil ghoidte nó chaillte (SLTD), agus bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí (Interpol TDAWN).

Go háirithe, fíoróidh Lárchóras ETIAS:

(a) má tá an doiciméad taistil a úsáideadh i gcomhair an iarratais ag comhfhreagairt do dhoiciméad taistil a tuairiscíodh gur cailleadh é, gur goideadh é nó gur cuireadh ó bhail é in SIS;

(b) má tá an doiciméad taistil a úsáideadh i gcomhair an iarratais ag comhfhreagairt do dhoiciméad taistil a tuairiscíodh gur cailleadh é, gur goideadh é nó gur cuireadh ó bhail é in SLTD;

(c) má tá an t-iarratasóir faoi réir foláireamh um dhiúltú cead isteach atá ar taifead in SIS;

(d) má tá an t-iarratasóir faoi réir foláireamh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun críocha géillte ar bhonn Barántas Gabhála Eorpach nó a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun críocha eiseachadta in SIS;

(e) má tá an t-iarratasóir agus an doiciméad taistil ag comhfhreagairt d'iarratas ar údarú taistil a diúltaíodh, a rinneadh a chúlghairm nó a cuireadh ar neamhní i Lárchóras ETIAS;

(f) má tá na sonraí arna soláthar san iarratas maidir leis an doiciméad taistil ag comhfhreagairt d'iarratas eile ar údarú taistil a ghabhann le sonraí céannachta éagsúla i Lárchóras ETIAS;

(g) [má tá sé tuairiscithe faoi láthair gur rófhantóir é an t-iarratasóir, nó má tuairiscíodh gur rófhantóir é san am atá caite trí EES a cheadú;]

(h) [má diúltaíodh cead isteach don iarratasóir trí EES a cheadú;]

(i) má bhí an t-iarratasóir faoi réir cinneadh i dtaobh víosa ghearrthéarmach a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú, atá ar taifead in VIS;

(j) má tá na sonraí arna soláthar san iarratas ag comhfhreagairt do shonraí atá ar taifead i sonraí Europol;

(k) [má bhí an t-iarratasóir faoi réir cinneadh um fhilleadh nó ordú aistrithe a eisíodh tar éis aistarraingt nó diúltú an iarratais ar chosaint inmheánach in Eurodac;]

(l) [má chomhfhreagraíonn an t-iarratasóir do dhuine a bhfuil a shonraí ar taifead in ECRIS;]

(m) má tá an doiciméad taistil a úsáideadh i gcomhair an iarratais ag comhfhreagairt do dhoiciméad taistil atá ar taifead i gcomhad in TDAWN de chuid Interpol;

3. Fíoróidh Lárchóras ETIAS má thug an t-iarratasóir freagra dearfach ar cheann ar bith de na ceisteanna atá liostaithe in Airteagal 15(4) agus murar thug an t-iarratasóir seoladh baile, ach díreach an chathair chónaithe agus an tír chónaithe, dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(f).

4. Cuirfidh Lárchóras ETIAS na sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a), (b), (d), (f), (g), (i), (m) agus (8) i gcomparáid leis na sonraí atá i liosta faire ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 29.

5. Cuirfidh Lárchóras ETIAS na sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a), (f), (h) agus (i) i gcomparáid leis na táscairí riosca sonracha dá dtagraítear in Airteagal 28.

6. Cuirfidh Lárchóras ETIAS leis an gcomhad iarratais tagairt d'aon amas a gheofar de bhun mhír (2) go (5).

7. Chun críocha Airteagal 4(e), ceadóidh Lárchóras ETIAS comparáid a dhéanamh idir na sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a), (b) agus (d) agus na sonraí in SIS chun a chinneadh an bhfuil an t-iarratasóir faoi réir ceann ar bith de na foláirimh seo a leanas:

   (a) foláireamh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun críocha géillte nó chun críocha eiseachadta;

   (b) foláireamh maidir le daoine atá ar iarraidh;

   (c) foláireamh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach;

   (d) foláireamh maidir le daoine agus rudaí i ndáil le seiceálacha discréideacha nó seiceálacha sonracha.

   Stórálfar in SIS aon amas a bheidh ina thoradh ar an gcomparáid sin.

Airteagal 19
Torthaí na huathphróiseála

1. I gcás nach dtuairisceofar amas ar bith mar thoradh ar an uathphróiseáil atá leagtha síos in Airteagal 18(2) go (5), déanfaidh Lárchóras ETIAS údarú taistil a eisiúint go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 30 agus tabharfaidh sé fógra láithreach don iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 32.

2. I gcás ina dtuairisceofar amas amháin nó roinnt amas de bharr na huathphróiseála atá leagtha síos in Airteagal 18(2) go (5), déanfar an t-iarratas a mheasúnú de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 22.

3. I gcás nach mbeidh toradh cinntitheach ar an uathphróiseáil atá leagtha síos in Airteagal 18(2) go (5) toisc nach féidir le Lárchóras ETIAS a dheimhniú go bhfuil na sonraí atá ar taifead sa chomhad iarratais ag comhfhreagairt do na sonraí a spreag amas, déanfar an t-iarratas a mheasúnú de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 20.

Airteagal 20
Fíorú ag Láraonad ETIAS

1. I gcás nach féidir le Lárchóras ETIAS a dheimhniú go bhfuil na sonraí atá ar taifead sa chomhad iarratais ag comhfhreagairt do na sonraí a spreag amas le linn na huathphróiseála de bhun Airteagal 18(2) go (5), déanfaidh Lárchóras ETIAS ceadú uathoibríoch ar Láraonad ETIAS.

2. I gcás ina gceadaítear é, beidh rochtain ag Láraonad ETIAS ar an gcomhad iarratais agus ar aon chomhad iarratais nasctha atá ann, mar aon leis na hamais ar fad a spreagadh le linn na huathphróiseála de bhun Airteagal 18(2) go (5).

3. Fióróidh Láraonad ETIAS má tá na sonraí atá ar taifead sa chomhad iarratais ag comhfhreagairt do na sonraí atá i gceann de na córais faisnéise/bunachair shonraí a ceadaíodh, sa liosta faire ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 29 nó sna táscairí riosca sonracha dá dtagraítear in Airteagal 28.

4. I gcás nach bhfuil na sonraí ag comhfhreagairt dá chéile, agus nár tuairiscíodh amas ar bith eile le linn na huathphróiseála de bhun Airteagal 18(2) go (5), scriosfaidh Láraonad ETIAS an t-amas bréagach ón gcomhad iarratais agus eiseoidh Lárchóras ETIAS údarú taistil go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 30.

5. I gcás ina gcomhfhreagraíonn na sonraí dá chéile nó ina bhfuil amhras ann fós maidir le céannacht an iarratasóra, déanfar an t-iarratas a mheasúnú i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 22.

6. Cuirfidh Láraonad ETIAS an scrúdú láimhe i gcrích laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéid ón am a fuarthas an comhad iarratais.

Airteagal 21
Rialacha sonracha maidir le baill de theaghlach saoránaigh den Aontas nó baill de theaghlaigh náisiúnach tríú tír eile ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais

1. I ndáil le náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c), tuigfear gurb é atá i gceist leis an údarú taistil arna shainmhíniú in Airteagal 3(d) ná cinneadh arna eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo ina léirítear nach bhfuil aon táscairí fíriciúla ná aon fhorais réasúnacha ann lena cheapadh go bhfuil baol imirce neamhrialta, baol slándála ná baol don tsláinte phoiblí ann de dheasca an duine a bheith ar chríoch na mBallstát i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE.

2. Sa chás ina ndéanfaidh náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c) iarratas ar údarú taistil, beidh feidhm ag na rialacha sonracha seo a leanas:

   (a) soláthróidh an t-iarratasóir na sonraí pearsanta breise dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(l);

   (b) ní fhreagróidh an t-iarratasóir an cheist dá dtagraítear in Airteagal 15 (4)(d);

   (c) déanfar an táille dá dtagraítear in Airteagal 16 a tharscaoileadh.

3. [Agus próiseáil á déanamh ar iarratas ar údarú taistil do náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c), ní fhióróidh Lárchóras ETIAS:

   (a) má tá sé tuairiscithe faoi láthair gur rófhantóir é an t-iarratasóir, má tuairiscíodh gur rófhantóir é san am atá caite trí EES a cheadú mar a thagraítear dó in Airteagal 18(2)(g);

   (b) má chomhfhreagraíonn an t-iarratasóir do dhuine a bhfuil a shonraí ar taifead in Eurodac mar a thagraítear dó in Airteagal 18(2)(j).]

Ní bheidh feidhm ag na táscairí riosca sonracha maidir le baol imirce neamhrialta arna gcinneadh de bhun Airteagal 28(2).

4. Ní dhéanfar iarratas ar údarú taistil a dhiúltú ar fhoras riosca imirce neamhrialta dá dtagraítear in Airteagal 31(1)(b).

5. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas freisin:

(a) san fhógra atá leagtha síos in Airteagal 32(1), cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas gur gá dó a bheith in ann a chruthú, agus é ag trasnú na teorann seachtraí, a stádas mar bhall de theaghlach saoránaigh a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú aige dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(l), lena n-áireofar freisin meabhrúchán nach bhfuil sé de cheart ag ball de theaghlach saoránaigh a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú aige agus a bhfuil údarú taistil aige dul isteach ach amháin más rud é go bhfuil an ball teaghlaigh sin in éineacht leis an saoránach a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú aige;

(b) déanfar achomharc dá dtagraítear in Airteagal 32 i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE;

(c) is éard a bheidh i gceist le tréimhse choinneála an chomhaid iarratais dá dtagraítear in Airteagal 47(1):

i) tréimhse bhailíochta an údaraithe taistil;

ii) [aon bhliain amháin ón taifead deireanach ar dhul isteach an iarratasóra atá stóráilte in EES, i gcás ina gcríochnóidh an tréimhse bliana amháin sin ar dháta is déanaí ná tréimhse bhailíochta an údaraithe taistil; nó]

iii) cúig bliana ón gcinneadh deireanach an t-údarú taistil a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú i gcomhréir le hAirteagal 31, Airteagal 34 agus Airteagal 35.

CAIBIDIL IV
Scrúdú an iarratais ag Aonaid Náisiúnta ETIAS

Airteagal 22
Próiseáil láimhe na n-iarratas ag Aonaid Náisiúnta ETIAS

1. Is é an Ballstát atá freagrach as próiseáil láimhe iarratas de bhun an Airteagail seo ('an Ballstát freagrach') Ballstát na chéad iontrála mar a dhearbhaigh an t-iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 15(2)(j).

2. I gcás ina dtuairisceofar amas amháin nó roinnt amas de bharr na huathphróiseála atá leagtha síos in Airteagal 18(2) go (5), déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh an t-iarratas a mheasúnú de láimh. Beidh rochtain ag Aonad Náisiúnta ETIAS ar an gcomhad iarratais agus ar aon chomhad iarratais nasctha atá ann, mar aon leis na hamais ar fad a spreagadh le linn na huathphróiseála atá leagtha síos in Airteagal 18(2) go (5).

3. I ndiaidh phróiseáil láimhe an iarratais, déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh an méid seo a leanas:

(a) údarú taistil a eisiúint; nó

(b) údarú taistil a dhiúltú.

4. I gcás ina dtuairisceofar amas de bharr na huathphróiseála atá leagtha síos in Airteagal 18(2), déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh an méid seo a leanas:

(a) i gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-amas do cheann amháin nó níos mó de na catagóirí atá leagtha síos in Airteagal 18(2)(a) go (c), an t-údarú taistil a dhiúltú.

(b) i gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-amas do cheann amháin nó níos mó de na catagóirí atá leagtha síos in Airteagal 18(2)(d) go (m), measúnú a dhéanamh ar an mbaol slándála nó an baol imirce neamhrialta agus a chinneadh cibé acu údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú.

5. I gcás inar tuairiscíodh de bharr na huathphróiseála atá leagtha síos in Airteagal 18(3) gur thug an t-iarratasóir freagra dearfach ar cheann de na ceisteanna dá dtagraítear in Airteagal 15(4), déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh measúnú ar an mbaol imirce neamhrialta, an baol slándála nó an baol don tsláinte phoiblí agus cinnfidh sé cibé acu údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú.

6. I gcás inar tuairiscíodh amas de bharr na huathphróiseála atá leagtha síos in Airteagal 18(4), déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh measúnú ar an mbaol slándála agus cinnfidh sé cibé acu údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú.

7. I gcás inar tuairiscíodh amas de bharr na huathphróiseála atá leagtha síos in Airteagal 18(5), déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh measúnú ar an mbaol imirce neamhrialta, an baol slándála nó an baol don tsláinte phoiblí agus cinnfidh sé cibé acu údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú.

Airteagal 23
Iarratas ar fhaisnéis nó doiciméid bhreise ón iarratasóir

1. I gcás nach gcuirfidh an fhaisnéis a thug an t-iarratasóir san fhoirm iarratais ar a chumas d'Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh a chinneadh cibé acu údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú, féadfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS sin faisnéis nó doiciméid bhreise a iarraidh ar an iarratasóir.

2. Cuirfear an iarraidh ar fhaisnéis nó doiciméid bhreise chuig an seoladh ríomhphoist teagmhála atá ar taifead sa chomhad iarratais. Sonrófar go soiléir san iarraidh ar fhaisnéis nó doiciméid bhreise an fhaisnéis nó na doiciméid nach mór don iarratasóir a sholáthar. Cuirfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis nó na doiciméid bhreise faoi bhráid Aonad Náisiúnta ETIAS tríd an tseirbhís cuntais shláin dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(g) laistigh de 7 lá oibre ón dáta a fuarthas an t-iarratas.

3. Próiseálfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an fhaisnéis nó na doiciméid bhreise laistigh de 72 uair an chloig ón dáta a chuirfidh an t-iarratasóir isteach iad.

4. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS cuireadh chun agallaimh a thabhairt don iarratasóir ag consalacht ina thír chónaithe.

5. Cuirfidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit an cuireadh in iúl don iarratasóir agus cuirfear é chuig an seoladh ríomhphoist teagmhála atá ar taifead sa chomhad iarratais.

6. I gcás nach bhfreagraíonn an t-iarratasóir an cuireadh roimh an spriocdháta nó i gcás nach bhfreastalaíonn an t-iarratasóir ar an agallamh, diúltófar don iarratas i gcomhréir le hAirteagal 31(1) agus cuirfidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh an méid sin in iúl don iarratasóir gan mhoill.

7. Leanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS ar aghaidh leis an scrúdú ar an iarratas ón nóiméad a sholáthróidh an t-iarratasóir an fhaisnéis nó na doiciméid bhreise.

Airteagal 24
Comhairliúchán le Ballstáit eile

1. D'fhonn an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 22(4)(b) a chur i gcrích, rachaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh i gcomhairle le húdaráis an Bhallstáit nó na mBallstát atá freagrach as na sonraí a spreag amas de bhun Airteagal 18(2)(d),(e),(g),(h),(i) nó (k).

2. D'fhonn an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 22(4)(b), (6) agus (7) a chur i gcrích, féadfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh dul i gcomhairle le húdaráis Bhallstáit eile nó roinnt Ballstát eile.

3. I gcás ina dtéann an Ballstát freagrach i gcomhairle le Ballstát amháin nó roinnt Ballstát le linn na próiseála láimhe ar iarratas, beidh rochtain ag Aonaid Náisiúnta ETIAS na mBallstát sin ar shonraí ábhartha an chomhaid iarratais chomh maith leis na hamais a bhraith an t-uathchóras de bhun Airteagal 18 (2), (4) agus (5) a bhfuil gá leo chun críche an chomhairliúcháin. Beidh rochtain ag Aonaid Náisiúnta ETIAS na mBallstát sin a ndeacthas i gcomhairle leo ar an bhfaisnéis nó na doiciméid bhreise ábhartha arna soláthar ag an iarratasóir tar éis iarraidh ón mBallstát freagrach i ndáil leis an ábhar a bhfuiltear ag dul i gcomhairle leo ina leith.

4. Déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leis an méid seo a leanas:

   (a) tuairim dhearfach réasúnaithe a thabhairt uaidh ar an iarratas; nó

   (b) tuairim dhiúltach réasúnaithe a thabhairt uaidh ar an iarratas.

   Déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a ndeachthas i gcomhairle leis an tuairim dhearfach nó dhiúltach a thaifeadadh sa chomhad iarratais.

5. Freagróidh Aonad Náisiúnta ETIAS na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leis laistigh de 24 uair an chloig ón dáta ar ar cuireadh an comhairliúchán in iúl. Má théipeann ar na Ballstáit freagra a thabhairt laistigh den spriocdháta measfar gurb ionann é sin agus tuairim dhearfach ar an iarratas.

6. I gcás ina dtéitear i gcomhairle le roinnt Ballstát, áiritheoidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh an comhordú eatarthu.

7. Le linn an phróisis chomhairliúcháin sin, seolfar an iarraidh ar chomhairliúchán agus na freagraí uirthi trí bhonneagar cumarsáide ETIAS.

8. Sa chás ina dtabharfaidh Ballstát amháin nó roinnt Ballstát a ndeachthas i gcomhairle leo tuairim dhiúltach ar an iarratas, diúltóidh an Ballstát freagrach an t-údarú taistil de bhun Airteagal 31.

Airteagal 25
Comhairliúchán le Europol

1. Chun an measúnú ar bhaol slándála a dhéanamh tar éis amas a bhrath de bhun Airteagal 18(2)(j) agus (4), rachaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh i gcomhairle le Europol i gcásanna a thagann faoi shainordú Europol. Déanfar an comhairliúchán trí bhealaí cumarsáide atá ann cheana idir an Ballstát agus Europol mar a bunaíodh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/794.

2. I gcás ina dtéann an Ballstát freagrach i gcomhairle le Europol, déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit sin a tharchur chuig Europol sonraí ábhartha an chomhaid iarratais chomh maith leis an amas nó na hamais a bhfuil gá leo chun críche an chomhairliúcháin. Féadfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS a tharchur chuig Europol an fhaisnéis nó na doiciméid bhreise ábhartha arna soláthar ag an iarratasóir i ndáil leis an iarraidh ar údarú taistil a ndeachthas i gcomhairle le Europol ina leith.

3. In aon chás, ní bheidh rochtain ag Europol ar na sonraí pearsanta a bhaineann le hoideachas an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(h) ná na sonraí a bhaineann le sláinte an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 15(4)(a).

4. I gcás ina dtéitear i gcomhairle le Europol i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh sé tuairim réasúnaithe uaidh ar an iarratas. Déanfaidh an Ballstát freagrach tuairim Europol a thaifeadadh sa chomhad iarratais.

5. Freagróidh Europol laistigh de 24 uair an chloig ón dáta ar ar cuireadh an comhairliúchán in iúl. Má théipeann ar Europol freagra a thabhairt laistigh den spriocdháta, measfar gurb ionann é sin agus tuairim dhearfach ar an iarratas.

6. I gcás ina dtugann Europol tuairim dhiúltach ar an iarratas agus ina gcinneann an Ballstát freagrach an t-údarú taistil a eisiúint, tabharfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS údar cuí lena chinneadh agus cuirfidh sé ar taifead é sa chomhad iarratais.

Airteagal 26
Spriocdhátaí i dtaobh fógra a thabhairt don iarratasóir

Laistigh de 72 uair an chloig ó dháta taiscthe an iarratais atá inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 17, gheobhaidh an t-iarratasóir fógra ina sonrófar an méid seo a leanas:

(a) cibé acu ar eisíodh nó ar diúltaíodh a údarás taistil; nó

(b) an bhfuil faisnéis nó doiciméid bhreise á n-iarraidh.

Airteagal 27
Cinneadh a dhéanamh faoin iarratas

1. Déanfar cinneadh faoi iarratas tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig ó thaisceadh an iarratais atá inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 17.

2. Go heisceachtúil, nuair a thugtar fógra faoi iarraidh ar fhaisnéis nó doiciméid bhreise, cuirfear síneadh ama leis an tréimhse atá leagtha síos i mír 1 i gcomhréir le hAirteagal 23. Déanfar cinneadh faoi iarratas den sórt sin i ngach cás tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis don iarratasóir an fhaisnéis nó na doiciméid bhreise a chur isteach.

3. Sula rachaidh na spriocdhátaí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 in éag, déanfar cinneadh i dtaobh:

   (a) údarú taistil a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 30; nó

   (b) údarú taistil a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 31;

CAIBIDIL V
Rialacha ETIAS maidir le scagadh agus liosta faire ETIAS

Airteagal 28
Rialacha ETIAS maidir le scagadh

1. Is éard a bheidh i rialacha ETIAS maidir le scagadh algartam lenar féidir comparáid a dhéanamh idir na sonraí atá ar taifead i gcomhad iarratais de chuid Lárchóras ETIAS agus táscairí riosca sonracha a léiríonn go bhféadfadh baol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí a bheith ann. Déanfar rialacha ETIAS maidir le scagadh a chlárú i Lárchóras ETIAS.

2. Cinnfear an bhfuil baol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí ann ar an mbonn seo a leanas:

   (a) [staitisticí arna ngineadh ag EES lena léirítear rátaí neamhghnácha rófhantóirí agus diúltuithe cead isteach i ndáil le grúpa sonrach taistealaithe;]

   (b) staitisticí arna ngineadh ag ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 73 lena léirítear rátaí neamhghnácha diúltuithe údaruithe taistil mar gheall ar bhaol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí a bhaineann le grúpa sonrach taistealaithe;

   (c) [staitisticí arna ngineadh ag ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 73 agus ag EES lena léirítear comhghaolta idir faisnéis arna bailiú tríd an bhfoirm iarratais agus rófhanacht nó diúltuithe cead isteach;]

   (d) faisnéis arna soláthar ag Ballstáit maidir le táscairí riosca sonracha maidir le slándáil nó bagairtí sonracha don tslándáil a shainaithin an Ballstát sin;

   (e) faisnéis arna soláthar ag Ballstáit maidir le rátaí neamhghnácha rófhantóirí nó diúltuithe cead isteach i gcás grúpa sonrach taistealaithe i leith an Bhallstáit sin;

(f) faisnéis arna soláthar ag Ballstáit maidir le baol sonrach don tsláinte phoiblí chomh maith le faisnéis um fhaireachas eipidéimeolaíochta agus measúnuithe riosca arna soláthar ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78 chun baol imirce neamhrialta, baol slándála nó baol don tsláinte phoiblí dá dtagraítear i mír 2 a shainiú a thuilleadh.

4. Ar bhonn na mbaol arna n-aithint i gcomhréir le mír 2, bunóidh Láraonad ETIAS na táscairí riosca sonracha a bheidh comhdhéanta de shonraí éagsúla lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) aoisghrúpa, inscne, náisiúntacht reatha;

(b) tír chónaithe agus cathair chónaithe;

(c) leibhéal oideachais;

(d) slí bheatha reatha.

5. Beidh na táscairí riosca sonracha spriocdhírithe agus comhréireach. Ní bheidh imthosca ar bith i gceist ina mbeidh siad bunaithe ar chine nó bunús eitneach duine, ar thuairimí polaitíochta, reiligiún ná creideamh fealsúnach, ballraíocht ceardchumainn, cleachtadh gnéis ná claonadh gnéasach.

6. Déanfaidh Láraonad ETIAS na táscairí riosca sonracha a shainiú agus a mhodhnú, a scriosadh agus cuirfidh sé leo, tar éis dó dul i gcomhairle le Bord ETIAS um Scagadh.

Airteagal 29
Liosta faire ETIAS

1. Beidh liosta faire ETIAS comhdhéanta de shonraí a bhaineann le daoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad cion coiriúil nó gur ghlac siad páirt i gcion coiriúil nó daoine a bhfuil táscairí fíriciúla nó forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint go ndéanfaidh siad cionta coiriúla.

2. Bunófar liosta faire ETIAS ar an mbonn seo a leanas:

(a) liosta na Náisiún Aontaithe de choirpigh chogaidh;

(b) faisnéis a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile arna soláthar ag Ballstáit;

(c) faisnéis a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile arna fáil trí chomhar idirnáisiúnta.

3. Ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear i mír 2 agus sonraí ábhartha de chuid Europol, bunóidh Europol liosta faire ETIAS a bheidh comhdhéanta de mhíreanna ina mbeidh ceann amháin nó níos mó de na heilimintí sonraí seo a leanas:

(a) an sloinne, an céadainm nó na céadainmneacha, sloinne breithe; dáta breithe, áit bhreithe, tír bhreithe, inscne, náisiúntacht;

(b) ainmneacha eile (ailias nó ailiasanna, ainm nó ainmneacha ealaíonta, gnáthainm nó gnáthainmneacha);

(c) doiciméad taistil (cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil);

(d) seoladh baile;

(e) seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin;

(f) ainm, seoladh ríomhphoist, seoladh poist, uimhir theileafóin ghnólachta nó eagraíochta;

(g) seoladh IP.

CAIBIDIL VI
Údarú taistil a eisiúint, a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm

Airteagal 30
Údarú taistil a eisiúint

1. Más rud é go léirítear de bharr scrúdú ar iarratas de bhun na nósanna imeachta atá leagtha síos i gCaibidil III, IV agus V nach bhfuil aon táscairí fíriciúla ná aon fhorais réasúnacha ann lena cheapadh go bhfuil baol imirce neamhrialta, baol slándála ná baol don tsláinte phoiblí ann de dheasca an duine a bheith ar chríoch na mBallstát, eiseoidh Lárchóras ETIAS nó Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh údarú taistil.

2. Beidh údarú taistil bailí ar feadh cúig bliana nó go dtí deireadh thréimhse bhailíochta an doiciméid taistil a cláraíodh i rith an phróisis iarratais, cibé acu is túisce, agus beidh sé bailí i leith chríoch na mBallstát.

3. Ní thabharfar ceart uathoibríoch i dtaobh cead isteach do dhuine toisc údarú taistil a bheith aige.

Airteagal 31
Údarú taistil a dhiúltú

1. Diúltófar údarú taistil más rud é, i gcás an iarratasóra:

(a) go dtíolacfaidh sé doiciméad atá tuairiscithe mar cheann atá caillte, goidte nó curtha ó bhail;

(b) go bhfuil baol imirce neamhrialta ann dá bharr;

(c) go bhfuil baol slándála ann dá bharr;

(d) go bhfuil baol don tsláinte phoiblí ann dá bharr;

(e) gur duine é ar eisíodh foláireamh ina leith in SIS chun cead isteach a dhiúltú;

(f) nach dtugann sé freagra ar iarraidh ar fhaisnéis nó doiciméid bhreise laistigh de na spriocdhátaí dá dtagraítear in Airteagal 23.

Ina theannta sin, diúltófar údarú taistil má bhíonn amhras réasúnach ann faoi bharántúlacht na sonraí, faoi iontaofacht na ráiteas arna ndéanamh ag an iarratasóir, faoi na doiciméid tacaíochta arna soláthar aige nó faoi fhírinneacht na faisnéise iontu.

2. Beidh an ceart chun achomhairc ag iarratasóirí ar diúltaíodh údarú taistil dóibh. Seolfar achomhairc sa Bhallstát a rinne an cinneadh i leith an iarratais agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Cuirfidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh faisnéis ar fáil d'iarratasóirí maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás achomharc a bheith ann.

Airteagal 32
Fógra i dtaobh údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú

1. I gcás inar eisíodh údarú taistil, gheobhaidh an t-iarratasóir fógra láithreach tríd an tseirbhís ríomhphoist, lena n-áireofar:

(a) léiriú soiléir go bhfuil an t-údarú taistil eisithe agus uimhir iarratais an údaraithe taistil;

(b) dáta theacht i bhfeidhm agus dáta éaga thréimhse bhailíochta an údaraithe taistil;

(c) i gcás inarb infheidhme, meabhrúchán faoin ríomh i dtaobh ré na tréimhse gearrfhanachta atá údaraithe (90 lá in aon tréimhse 180 lá) agus faoi na cearta a dhíorthaítear ó údarú taistil arna eisiúint de bhun Airteagal 30(3); agus

(d) nasc chuig suíomh gréasáin poiblí ETIAS ina bhfuil faisnéis ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh an t-iarratasóir an t-údarú taistil a chúlghairm.

2. I gcás inar diúltaíodh údarú taistil, gheobhaidh an t-iarratasóir fógra láithreach tríd an tseirbhís ríomhphoist, lena n-áireofar:

(a) léiriú soiléir go bhfuil an t-údarú taistil diúltaithe agus uimhir iarratais an údaraithe taistil;

(b) tagairt don údarás a dhiúltaigh an t-údarú taistil agus an áit a bhfuil sé;

(c) an foras nó na forais ar diúltaíodh an t-údarú taistil, mar atá leagtha síos in Airteagal 31(1);

(d) faisnéis i dtaobh an nós imeachta a bheidh le leanúint i leith achomhairc.

Airteagal 33
Sonraí atá le cur leis an gcomhad iarratais tar éis an chinnidh údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú

I gcás ina mbeidh cinneadh déanta údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú, cuirfidh Lárchóras ETIAS nó, nuair is ábhartha, Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh na sonraí seo a leanas leis an gcomhad iarratais:

(a) faisnéis maidir le stádas, á chur in iúl gur eisíodh nó gur diúltaíodh an t-údarú taistil;

(b) tagairt don údarás a d'eisigh nó a dhiúltaigh an t-údarú taistil agus an áit a bhfuil sé;

(c) láthair agus dáta an chinnidh chun an t-údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú;

(d) dáta theacht i bhfeidhm agus dáta éaga thréimhse bhailíochta an údaraithe taistil;

(e) an foras nó na forais ar diúltaíodh an t-údarú taistil, mar atá leagtha síos in Airteagal 31(1).

Airteagal 34
Údarú taistil a neamhniú

1. Déanfar údarú taistil a neamhniú i gcás ina dtagann sé chun solais nár comhlíonadh na coinníollacha maidir lena eisiúint an tráth a eisíodh é. Déanfar an t-údarú taistil a neamhniú ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais i dtaobh dhiúltú an údaraithe taistil atá leagtha síos in Airteagal 31(1).

2. I gcás ina bhfuil fianaise ag Ballstát nár comhlíonadh na coinníollacha i dtaobh údarú taistil a eisiúint an tráth a eisíodh é, cuirfidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit sin an t-údarú taistil ar neamhní.

3. Beidh an ceart chun achomhairc ag duine ar cuireadh a údarú taistil ar neamhní. Seolfar achomhairc sa Bhallstát a rinne an cinneadh i leith an neamhní agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin.

Airteagal 35
Údarú taistil a chúlghairm

1. Déanfar údarú taistil a chúlghairm i gcás ina dtiocfaidh sé chun solais nach bhfuil na coinníollacha maidir lena eisiúint á gcomhlíonadh a thuilleadh. Déanfar an t-údarú taistil a chúlghairm ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais i dtaobh dhiúltú an údaraithe taistil atá leagtha síos in Airteagal 31(1).

2. I gcás ina bhfuil fianaise ag Ballstát nach bhfuil na coinníollacha i dtaobh údarú taistil a eisiúint á gcomhlíonadh a thuilleadh, déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit sin an t-údarú taistil a chúlghairm.

3. Gan dochar do mhír 2, i gcás ina dtuairiscítear in SIS go bhfuil foláireamh nua um dhiúltú cead isteach ann nó go bhfuil doiciméad taistil caillte, goidte nó curtha ó bhail, cuirfidh SIS é sin in iúl do Lárchóras ETIAS. Fíoróidh Lárchóras ETIAS má chomhfhreagraíonn an foláireamh nua sin d'údarú taistil bailí. Más amhlaidh an cás, aistreoidh Lárchóras ETIAS an comhad iarratais chuig Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh, a dhéanfaidh an t-údarú taistil a chúlghairm.

4. Déanfar eilimintí nua a chuirfidh Europol isteach i liosta faire ETIAS a chur i gcomparáid le sonraí na gcomhad iarratais i Lárchóras ETIAS. Sa chás ina mbeidh amas ina thoradh ar chomparáid, déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS Bhallstát na chéad iontrála mar a dhearbhaigh an t-iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 15(2)(j) measúnú ar an mbaol slándála agus, má chinneann sé nach bhfuil na coinníollacha maidir le deonú á gcomhlíonadh a thuilleadh, déanfaidh sé an t-údarú taistil a chúlghairm.

5. Beidh an ceart chun achomhairc ag duine a ndearnadh a údarú taistil a chúlghairm. Seolfar achomhairc sa Bhallstát a rinne an cinneadh i leith na cúlghairme agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin.

6. Féadfar údarú taistil a chúlghairm má iarrann an t-iarratasóir é sin.

Airteagal 36
Fógra i dtaobh údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm

I gcás ina ndearnadh údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm, gheobhaidh an t-iarratasóir fógra láithreach tríd an tseirbhís ríomhphoist, lena n-áireofar:

(a) léiriú soiléir go ndearnadh an t-údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm agus uimhir iarratais an údaraithe taistil;

(b) tagairt don údarás a rinne an t-údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm agus an áit a bhfuil sé;

(c) an foras nó na forais a ndearnadh an t-údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm, mar atá leagtha síos in Airteagal 31(1);

(d) faisnéis i dtaobh an nós imeachta a bheidh le leanúint i leith achomhairc.

Airteagal 37
Sonraí atá le cur leis an gcomhad iarratais tar éis údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm

1. I gcás inar cinneadh údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm, cuirfidh an Ballstát atá freagrach as cúlghairm nó neamhniú an údaraithe taistil sin na sonraí seo a leanas leis an gcomhad iarratais:

(a) faisnéis maidir le stádas, á chur in iúl go ndearnadh an t-údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm;

(b) tagairt don údarás a rinne an t-údarú taistil a neamhniú nó a chúlghairm agus an áit a bhfuil sé;

(c) an dáta a ndearnadh an cinneadh, agus an áit ina ndearnadh é.

2. Cuirfear in iúl freisin sa chomhad iarratais an foras nó na forais a bheidh le neamhniú nó le cúlghairm mar atá leagtha síos in Airteagal 31(1).

Airteagal 38
Údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige a eisiúint ar chúiseanna daonchairdiúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta

1. Féadfar údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige a eisiúint ar bhonn eisceachtúil, nuair a mheasann an Ballstát lena mbaineann go bhfuil gá leis sin ar chúiseanna daonchairdiúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta d'ainneoin nach bhfuil an próiseas measúnaithe láimhe de bhun Airteagal 22 curtha i gcrích go fóill nó go ndearnadh údarú taistil a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an t-iarratasóir iarratas ar údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige a chur chuig an mBallstát a bhfuil sé beartaithe aige taisteal chuige. Cuirfidh sé in iúl na cúiseanna daonchairdiúla, na cúiseanna leasa náisiúnta nó na hoibleagáidí idirnáisiúnta san iarratas uaidh.

3. Is é an Ballstát a bhfuil sé beartaithe ag náisiúnach tríú tír taisteal chuige an Ballstát a bheidh freagrach as a chinneadh cibé acu údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige a eisiúint nó a dhiúltú.

4. Beidh údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige bailí do chríoch an Bhallstáit eisiúna agus ar feadh 15 lá ar a mhéid.

5. Sa chás ina n-eiseofar údarú taistil a mbeidh bailíocht chríochach aige, cuirfear na sonraí seo a leanas isteach sa chomhad iarratais:

   (a) faisnéis maidir le stádas, á chur in iúl gur eisíodh nó gur diúltaíodh an t-údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige;

   (b) an chríoch a bhfuil sealbhóir an údaraithe taistil i dteideal taisteal chuici;

   (c) údarás an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach aige;

   (d) tagairt do na cúiseanna daonchairdiúla, na cúiseanna leasa náisiúnta nó na hoibleagáidí idirnáisiúnta.

Caibidil VII
Úsáid ETIAS ag iompróirí

Airteagal 39
Rochtain ar shonraí chun críocha fíoraithe ag iompróirí

1. I gcomhréir le hAirteagal 26 den Choinbhinsiún lena gcuirtear chun feidhme Comhaontú Schengen, déanfaidh iompróirí Lárchóras ETIAS a cheadú d'fhonn a fhíorú má tá nó mura bhfuil údarú taistil bailí ag náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an cheanglais i dtaobh údarú taistil.

2. Trí rochtain idirlín shlán ar an ngeata iompróra, lena n-áirítear an fhéidearthacht réitigh theicniúla mhóibíleacha a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(h), cuirfear ar a gcumas d'iompróirí an ceadú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh sula rachaidh paisinéir ar bord. Chun na críche sin, beidh cead ag an iompróir Lárchóras ETIAS a cheadú ag úsáid na sonraí atá sa chuid den doiciméad taistil atá meaisín-inléite.

   Freagróidh Lárchóras ETIAS trína chur in iúl cibé acu an bhfuil údarú taistil bailí ag an duine nó nach bhfuil. Féadfaidh iompróirí an fhaisnéis a chuirfear chucu a stóráil mar aon leis an bhfreagra a gheobhaidh siad.

3. Bunófar scéim fíordheimhnithe, a bheidh d'iompróirí amháin, d'fhonn rochtain a thabhairt ar an ngeata iompróra chun críocha mhír 2 do na baill chuí-údaraithe d'fhoireann na n-iompróirí. Glacfaidh an Coimisiún an scéim fíordheimhnithe sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

Airteagal 40

Nósanna imeachta cúltaca i gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, ag iompróirí na sonraí a rochtain

1. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ceadú dá dtagraítear in Airteagal 39(1) a dhéanamh, de bharr gur chlis ar Chóras Faisnéise ETIAS nó ar chúiseanna eile nach raibh neart ag na hiompróirí orthu, déanfar na hiompróirí a dhíolmhú ón oibleagáid a fhíorú má tá údarú taistil bailí ag taistealaí. I gcás ina gcliseann ar Chóras Faisnéise ETIAS, cuirfidh Láraonad ETIAS é sin in iúl do na hiompróirí.

2. Déanfar mionsonraí na nósanna imeachta cúltaca a leagan síos i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

CAIBIDIL VIII
Úsáid ETIAS ag údaráis teorann ag na teorainneacha seachtracha

Airteagal 41

Rochtain ar shonraí chun críocha fíoraithe ag na teorainneacha seachtracha

1. D'aon toisc chun a fhíorú má tá údarú taistil bailí ag an duine, beidh cead ag na húdaráis inniúla i dtaobh seiceálacha a dhéanamh ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 Lárchóras ETIAS a cheadú agus iad ag úsáid na sonraí atá sa chuid den doiciméad taistil atá meaisín-inléite.

2. Freagróidh Lárchóras ETIAS trína chur in iúl cibé acu an bhfuil údarú taistil bailí ag an duine nó nach bhfuil.

Airteagal 42

Nósanna imeachta cúltaca i gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, sonraí a rochtain ag na teorainneacha seachtracha nó i gcás ina gcliseann ar ETIAS

1. I gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ceadú dá dtagraítear in Airteagal 41(1) a dhéanamh, de bharr gur chlis ar Chóras Faisnéise ETIAS, cuirfidh Láraonad ETIAS é sin in iúl d'údaráis an Bhallstáit atá inniúil i leith seiceálacha a dhéanamh ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha.

2. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an cuardach a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 41(1) de bharr gur chlis ar an mbonneagar teorann náisiúnta i mBallstát, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit sin an méid sin in iúl do eu-LISA, do Láraonad ETIAS agus don Choimisiún.

3. Sa dá chás, leanfaidh údaráis an Bhallstáit atá inniúil i leith seiceálacha a dhéanamh ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha a gcuid pleananna teagmhasacha náisiúnta.

CAIBIDIL IX
An nós imeachta agus na coinníollacha maidir le rochtain ar Lárchóras ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí

Airteagal 43
Údaráis forghníomhaithe dlí arna n-ainmniú ag na Ballstáit

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis forghníomhaithe dlí atá i dteideal iarraidh a dhéanamh na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a cheadú chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

2. Ar an leibhéal náisiúnta, coinneoidh gach Ballstát liosta de na pointí teagmhála laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe iarraidh a dhéanamh na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a cheadú tríd an lárphointe rochtana nó trí na lárphointí rochtana.

Airteagal 44
An nós imeachta maidir le rochtain ar Lárchóras ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla iarraidh leictreonach réasúnaithe isteach chuig na lárphointí rochtana dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(c) chun sraith ar leith sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a cheadú. I gcás ina n-iarrtar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(i) agus (4)(b) go (d) a cheadú, áireofar san iarraidh leictreonach réasúnaithe údar cuí gur gá na sonraí sonracha sin a cheadú.

2. Áiritheoidh gach Ballstát, roimh Lárchóras ETIAS a rochtain, gurb amhlaidh, de réir an dlí náisiúnta agus an dlí nós imeachta dá chuid, go ndéanfar fíorú neamhspleách, éifeachtach agus tráthúil, i gcás iarraidh ar cheadú, maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 45, lena n-áirítear a fhíorú má tugadh údar cuí le haon iarraidh ar cheadú sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(i) agus (4)(b) go (d).

3. Má chomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 45, próiseálfaidh an lárphointe rochtana na hiarrataí. Déanfar na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS arna rochtain ag an lárphointe rochtana a tharchur chuig na pointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 43(2) sa chaoi nach ndéanfar dochar do shláine na sonraí.

4. I gcás eisceachtúil práinne, ina bhfuil gá le sonraí pearsanta a fháil láithreach atá riachtanach chun cosc a chur ar choir thromchúiseach nó chun a lucht déanta a ionchúiseamh, próiseálfaidh an lárphointe rochtana an iarraidh láithreach agus gan an fíorú neamhspleách dá bhforáiltear i mír 2. Déanfar fíorú neamhspleách *ex post* gan moill mhíchuí i ndiaidh an iarraidh a phróiseáil, lena n-áirítear a fhíorú má bhí cás eisceachtúil práinne i gceist iarbhír.

5. I gcás ina gcinntear de bharr fíorú neamhspleách *ex post* nach raibh údar cuí le ceadú agus rochtain na sonraí atá ar taifead i Lárchóras ETIAS, scriosfaidh na húdaráis go léir a rinne na sonraí sin a rochtain nó a cheadú na sonraí a tháinig as Lárchóras ETIAS agus cuirfidh siad an lárphointe rochtana ar an eolas faoin scriosadh.

Airteagal 45
Na coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí atá ar taifead i Lárchóras ETIAS ag údaráis ainmnithe na mBallstát

1. Féadfaidh údaráis ainmnithe a iarraidh go gceadófar na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS má chomhlíontar na coinníollacha go léir seo a leanas:

   (a) tá an ceadú de dhíth chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

   (b) tá rochtain ar mhaithe le ceadú de dhíth i gcás ar leith;

   (c) tá forais réasúnacha ann lena cheapadh go bhféadfadh ceadú sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a bheith ina mhórchuidiú i dtaobh aon cheann de na cionta coiriúla atá i gceist a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras bailíochtaithe ann go dtagann amhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile faoi chatagóir na náisiúnach tríú tír atá cumhdaithe sa Rialachán seo;

   (d) ceadaíodh na bunachair sonraí náisiúnta iomchuí go léir agus sonraí Europol ach ní bhfuarthas an fhaisnéis atá á hiarraidh.

2. Beidh ceadú Lárchóras ETIAS teoranta do chuardach a dhéanamh leis na sonraí seo a leanas atá ar taifead sa chomhad iarratais:

   (a) an sloinne (ainm an teaghlaigh); an céadainm (na céadainmneacha);

   (b) ainmneacha eile (ailias nó ailiasanna, ainm nó ainmneacha ealaíonta, gnáthainm nó gnáthainmneacha);

   (c) uimhir an doiciméid taistil;

   (d) seoladh baile;

   (e) seoladh ríomhphoist; uimhir theileafóin;

   (f) seoladh IP.

3. D'fhéadfaí Lárchóras ETIAS a cheadú leis na sonraí atá liostaithe faoi mhír 2 i gcomhcheangal leis na sonraí seo a leanas sa chomhad iarratais chun an cuardach a chúngú:

   (a) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;

   (b) inscne;

   (c) dáta breithe nó aoisghrúpa.

4. Má dhéantar Lárchóras ETIAS a cheadú agus má bhraitear amas i gcoinne sonraí atá ar taifead i gcomhad iarratais, beidh rochtain ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) go (g) agus (j) go (m) mar atá ar taifead sa chomhad iarratais sin agus ar shonraí a cuireadh isteach sa chomhad iarratais sin maidir le húdarú taistil a eisiúint, a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú i gcomhréir le hAirteagal 33 agus Airteagal 37. Ní thabharfar rochtain ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(i) agus in (4) (b) go (d) mar atá ar taifead sa

chomhad iarratais ach amháin má rinne na haonaid oibríochta ceadú na sonraí sin a iarraidh go sainráite san iarraidh leictreonach réasúnaithe a cuireadh isteach faoi Airteagal 44(1) agus a formheasadh de bharr fíorú neamhspleách. Ní thabharfaidh ceadú Lárchóras ETIAS rochtain ar shonraí a bhaineann leis an oideachas dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(h) ná ar shonraí i dtaobh an bhféadfadh baol don tsláinte phoiblí a bheith ann mar gheall ar an iarratasóir, dá dtagraítear in Airteagal 15(4)(a).

Airteagal 46
An nós imeachta agus na coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí atá ar taifead i Lárchóras ETIAS ag Europol

1. Chun críocha Airteagal 1(2), féadfaidh Europol iarraidh a dhéanamh na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a cheadú agus iarraidh leictreonach réasúnaithe a chur isteach chuig Láraonad ETIAS maidir le ceadú sraith shonrach sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS.

2. Tabharfar fianaise san iarraidh réasúnaithe gur comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

   (a) tá an ceadú de dhíth chun tacú le bearta na mBallstát agus chun iad a neartú i dtaca le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a thagann faoi réim shainordú Europol a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

   (b) tá an ceadú de dhíth i gcás ar leith;

   (c) beidh an ceadú teoranta do chuardach le sonraí dá dtagraítear in Airteagal 45(2);

   (d) tá forais réasúnta ann lena cheapadh go bhféadfadh an chomparáid a bheith ina mórchuidiú maidir le haon cheann de na cionta coiriúla atá i gceist a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

   (e) ceadaíodh bunachar sonraí Europol ach ní bhfuarthas an fhaisnéis ata á hiarradh.

3. Beidh iarrataí Europol ar cheadú na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS faoi réir fíorú roimh ré ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le nós imeachta Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2016/794, lena scrúdófar ar bhealach éifeachtach tráthúil an gcomhlíonann an t-iarratas gach ceann de choinníollacha mhír 2.

4. Má dhéantar Lárchóras ETIAS a cheadú agus má bhraitear amas i gcoinne sonraí atá stóráilte i gcomhad iarratais, beidh rochtain ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) go (g) agus (j) go (m) agus ar shonraí a cuireadh isteach sa chomhad iarratais maidir le húdarú taistil a eisiúint, a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú i gcomhréir le hAirteagal 33 agus Airteagal 37. Ní thabharfar rochtain ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(i) agus in (4)(b) go (d) mar atá stóráilte sa chomhad iarratais ach amháin má rinne Europol ceadú na sonraí sin a iarraidh go sainráite.

5. I gcás ina ndéanann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an iarraidh a fhormheas, próiseálfaidh Láraonad ETIAS an iarraidh maidir le ceadú sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS.

CAIBIDIL X
Na sonraí a choinneáil agus a leasú

Airteagal 47
Coinneáil sonraí

1. Stórálfar gach comhad iarratais i Lárchóras ETIAS ar feadh:

   (a) tréimhse bhailíochta an údaraithe taistil;

   (b) [cúig bliana ón taifead deireanach ar dhul isteach an iarratasóra in EES; nó]

   (c) cúig bliana ón gcinneadh deireanach an t-údarú taistil a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú i gcomhréir le hAirteagail 31, 34 agus 35.

2. Ar dhul in éag a thréimhse choinneála déanfar an comhad iarratais a scriosadh go huathoibríoch ó Lárchóras ETIAS.

Airteagal 48
Sonraí a leasú agus réamhscriosadh sonraí

1. Beidh sé d'oibleagáid ar Láraonad ETIAS agus ar Aonaid Náisiúnta ETIAS na sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS a nuashonrú agus a chinntiú go bhfuil siad ceart. Ní bheidh sé de cheart ag Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS modhnú a dhéanamh ar shonraí arna gcur isteach san fhoirm iarratais ag an iarratasóir féin de bhun Airteagal 15(2) nó (4).

2. I gcás ina bhfuil fianaise ag Láraonad ETIAS go bhfuil na sonraí a chuir Lárchóras ETIAS ar taifead i Lárchóras ETIAS míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur próiseáladh sonraí i Lárchóras ETIAS de shárú ar an Rialachán seo, seiceálfaidh sé na sonraí lena mbaineann agus, más gá, leasóidh sé iad nó scriosfaidh sé iad gan mhoill ó Lárchóras ETIAS.

3. I gcás ina bhfuil fianaise ag an mBallstát freagrach go bhfuil na sonraí atá ar taifead i Lárchóras ETIAS míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur próiseáladh sonraí i Lárchóras ETIAS de shárú ar an Rialachán seo, seiceálfaidh a Aonad Náisiúnta ETIAS na sonraí lena mbaineann agus, más gá, leasóidh sé iad nó scriosfaidh sé iad gan mhoill ó Lárchóras ETIAS.

4. I gcás ina bhfuil fianaise ag Ballstát seachas an Ballstát freagrach go bhfuil na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur próiseáladh sonraí i Lárchóras ETIAS de shárú ar an Rialachán seo, déanfaidh sé teagmháil le Láraonad ETIAS nó le hAonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh laistigh de theorainn ama 14 lá. Seiceálfaidh Láraonad ETIAS nó Aonad inniúil Náisiúnta ETIAS cruinneas na sonraí agus dlíthiúlacht na próiseála orthu laistigh d'aon mhí amháin, agus, más gá, leasóidh sé iad nó scriosfaidh sé iad gan mhoill ó Lárchóras ETIAS.

5. I gcás ina nglacann náisiúnach tríú tír náisiúntacht Ballstáit nó ina dtagann sé faoi raon feidhme Airteagal 2(2)(a) go (e), fíoróidh údaráis an Bhallstáit sin má tá údarú taistil bailí ag an duine sin agus, nuair is ábhartha, scriosfaidh sé an comhad iarratais gan mhoill ó Lárchóras ETIAS. Is é an t-údarás a bheidh freagrach as an gcomhad iarratais a scriosadh:

(a) Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a d'eisigh an doiciméad taistil dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a);

(b) Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a thug náisiúntacht don náisiúnach tríú tír;

(c) Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a d'eisigh an cead cónaithe nó an cárta cónaithe;

(d) Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit a d'eisigh an víosa fadfhanachta.

6. I gcás ina dtagann náisiúnach tríú tír faoi raon feidhme Airteagal 2(2)(f) go (h), cuirfidh sé údaráis inniúla an chéad Bhallstáit eile a rachaidh sé isteach ann ar an eolas faoin athrú sin. Rachaidh an Ballstát sin i dteagmháil le Láraonad ETIAS laistigh de theorainn ama 14 lá. Seiceálfaidh Láraonad ETIAS cruinneas na sonraí laistigh d'aon mhí amháin, agus, más gá, scriosfaidh sé an comhad iarratais agus na sonraí atá ann ó Lárchóras ETIAS gan mhoill. Beidh rochtain ag an náisiúnach tríú tír ar leigheas breithiúnach éifeachtach chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí a scriosadh.

CAIBIDIL XI
Cosaint sonraí

Airteagal 49
Cosaint sonraí

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le próiseáil a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus eu-LISA ar shonraí pearsanta.

2. Beidh feidhm ag [Rialachán 2016/679] maidir le próiseáil a dhéanann Aonaid Náisiúnta ETIAS ar shonraí pearsanta.

3. Beidh feidhm ag [Treoir (AE) 2016/680] maidir le próiseáil a dhéanann údaráis ainmnithe na mBallstát chun críocha Airteagal 1(2).

4. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/794 maidir le próiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta de bhun Airteagal 24 agus Airteagal 46.

Airteagal 50
Rialaitheoir sonraí

1. Measfar an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bheith ina rialaitheoir sonraí i gcomhréir le hAirteagal 2(d) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le próiseáil sonraí pearsanta i Lárchóras ETIAS.

2. Maidir le próiseáil a dhéanann Ballstát ar shonraí pearsanta i Lárchóras ETIAS, measfar Aonad Náisiúnta ETIAS a bheith ina rialaitheoir i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de [Rialachán (AE) 2016/679] agus beidh freagracht lárnach air as próiseáil a dhéanfaidh an Ballstát sin ar shonraí pearsanta i Lárchóras ETIAS.

Airteagal 51
Próiseálaí sonraí

1. Measfar eu-LISA a bheith ina próiseálaí sonraí i gcomhréir le hAirteagal 2(d) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gCóras Faisnéise ETIAS.

2. Áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar Córas Faisnéise ETIAS a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán sin.

Airteagal 52
Slándáil na próiseála

1. Áiritheoidh eu-LISA agus Aonaid Náisiúnta ETIAS araon slándáil na próiseála ar shonraí pearsanta de bhun chur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh eu-LISA agus Aonaid Náisiúnta ETIAS ag comhoibriú ar chúraimí a bhaineann le slándáil.

2. Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, glacfaidh eu-LISA na bearta is gá chun slándáil a áirithiú i leith an lárchórais, an bhonneagair cumarsáide idir an lárchóras agus an Comhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta, an suímh ghréasáin phoiblí agus na haipe, na seirbhíse ríomhphoist, na seirbhíse cuntais sláine, an gheata iompróra, na seirbhíse gréasáin agus na mbogearraí lena gcumasaítear próiseáil na n-iarratas;

3. Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Airteagal 32 agus Airteagal 34 de [Rialachán (AE) 2016/679], glacfaidh eu-LISA agus Aonaid Náisiúnta ETIAS araon na bearta is gá, lena n-áirítear plean slándála agus plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear trí phleananna teagmhasacha a dhéanamh chun bonneagar criticiúil a chosaint;

   (b) rochtain a dhiúltú do dhaoine neamhúdaraithe ar an suíomh gréasáin slán ina ndéantar oibríochtaí i gcomhréir le cuspóirí ETIAS;

   (c) léamh, cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe ar mheáin ar a mbeidh sonraí stóráilte a chosc;

   (d) iontráil neamhúdaraithe sonraí maille le hiniúchadh, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta atá ar taifead a chosc;

   (e) próiseáil neamhúdaraithe sonraí i Lárchóras ETIAS agus modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí arna bpróiseáil i Lárchóras ETIAS a chosc;

   (f) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag na daoine a bhfuil údarú rochtana acu ar Chóras Faisnéise ETIAS ach ar na sonraí sin atá cumhdaithe faoina n-údarú rochtana, trí mheán aitheantais úsáideora aonair agus modhanna rochtana rúnda amháin a úsáid;

   (g) a áirithiú go gcruthóidh na húdaráis uile a mbeidh ceart rochtana ar Chóras Faisnéise ETIAS acu próifílí lena dtabharfar tuairisc ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí na ndaoine a bheidh údaraithe i dtaobh sonraí a iontráil, a leasú, a scriosadh, a cheadú agus a chuardach, agus go gcuirfear na próifílí sin ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta;

(h) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé na comhlachtaí ar féidir sonraí pearsanta a tharchur chucu agus trealamh cumarsáide sonraí á úsáid;

(i) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé na sonraí a próiseáladh i gCóras Faisnéise ETIAS, cén uair a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil sin agus cad chuige a ndearnadh í;

(j) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta, go háirithe le teicnící criptithe iomchuí, agus sonraí pearsanta á dtarchur chuig Lárchóras ETIAS nó uaidh, nó le linn iompar meán sonraí;

(k) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin um fhaireachán inmheánach is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán seo.

4. Cuirfidh eu-LISA Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi na bearta a dhéanfaidh sé de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 53
Féinfhaireachán

Áiritheoidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, Europol agus na Ballstáit go ndéanfaidh gach údarás ag a mbeidh ceart rochtana ar Chóras Faisnéise ETIAS na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go gcomhoibreoidh siad, i gcás inar gá sin, leis an údarás maoirseachta.

Airteagal 54
Ceart chun faisnéise, rochtana, ceartúcháin agus scriosta

1. Gan dochar don cheart chun faisnéise in Airteagal 11 agus Airteagal 12 de Rialachán (CE) 45/2001, cuirfear iarratasóirí a bhfuil a sonraí stóráilte i Lárchóras ETIAS ar an eolas, an tráth a bhaileofar a gcuid sonraí, faoi na nósanna imeachta maidir le cearta a fheidhmiú faoi Airteagail 13, 14, 15 agus 16 de Rialachán (CE) 45/2001 agus faoi shonraí teagmhála oifigeach cosanta sonraí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí agus údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit fhreagraigh.

2. Ar mhaithe lena gcearta a fheidhmiú faoi Airteagail 13, 14, 15 agus 16 de Rialachán (CE) 45/2001 agus Airteagail 15, 16, 17 agus 18 de [Rialachán (AE) 2016/679], beidh de cheart ag aon iarratasóir dul i dteagmháil le Láraonad ETIAS nó le hAonad Náisiúnta ETIAS atá freagrach as an iarratas, a scrúdóidh an iarraidh agus a thabharfaidh freagra air.

I gcás ina bhfaighfear amach tar éis scrúdú go bhfuil na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur taifeadadh go neamhdhleathach iad, déanfaidh Láraonad ETIAS nó Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach as an iarratas na sonraí sin a cheartú nó a scriosadh i Lárchóras ETIAS.

Sa chás ina ndéanfaidh Láraonad ETIAS nó Aonad Náisiúnta ETIAS údarú taistil a leasú le linn a thréimhse bhailíochta, cuirfidh Lárchóras ETIAS i gcrích an uathphróiseáil atá leagtha síos in Airteagal 18 lena chinneadh an spreagfaidh an comhad iarratais leasaithe amas de bhun Airteagal 18(2) go (5). I gcás nach dtuairiscítear amas ar bith de bharr na

huathphróiseála, eiseoidh Lárchóras ETIAS údarú taistil leasaithe a mbeidh an bhailíocht chéanna aige agus a bhí ag an gceann bunaidh agus cuirfidh sé é sin in iúl don iarratasóir. I gcás ina bhfuil amas amháin nó níos mó ina thoradh nó ina dtoradh ar an uathphróiseáil, déanfaidh Aonad Náisiúnta ETIAS Bhallstát na chéad iontrála mar a dhearbhaigh an t-iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 15(2)(j) measúnú ar an mbaol imirce neamhrialta, an baol slándála nó an baol don tsláinte phoiblí agus cinnfidh sé cibé acu údarú taistil leasaithe a eisiúint nó gan é a eisiúint, nó, má chinneann sé nach bhfuil na coinníollacha maidir le deonú an údaraithe taistil á gcomhlíonadh a thuilleadh, déanfaidh sé an t-údarú taistil a chúlghairm.

3. I gcás nach n-aontaíonn Láraonad ETIAS nó Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach as an iarratas go bhfuil na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur taifeadadh go neamhdhleathach iad, glacfaidh Láraonad ETIAS nó Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach as an iarratas cinneadh riaracháin á mhíniú i scríbhinn don duine lena mbaineann gan mhoill cén fáth nach bhfuil sé toilteanach na sonraí a bhaineann leis a cheartú ná a scriosadh.

4. Sa chinneadh sin freisin, tabharfar faisnéis don duine lena mbaineann ina míneofar go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh i ndáil leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 agus, nuair is ábhartha, faisnéis ar conas caingean a thionscnamh nó gearán a dhéanamh os comhair na n-údarás inniúil nó na gcúirteanna agus aon chúnamh, lena n-áirítear ó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla.

5. Pé iarraidh a dhéanfar de bhun mhír 2, beidh an fhaisnéis is gá inti chun an duine lena mbaineann a aithint. Is chun feidhmiú na gceart dá dtagraítear i mír 2 a chumasú a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus chuige sin amháin, agus déanfar í a scriosadh láithreach ina dhiaidh sin.

6. Coinneoidh Láraonad ETIAS nó Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach as an iarratas taifead i bhfoirm doiciméad i scríbhinn go ndearnadh iarraidh dá dtagraítear i mír 2 agus i dtaobh conas ar tugadh aghaidh uirthi, agus cuirfidh sé an doiciméad sin ar fáil d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla um chosaint sonraí gan mhoill.

Airteagal 55

Sonraí a chur in iúl do thríú tíortha, d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do pháirtithe príobháideacha

1. Ní dhéanfar sonraí pearsanta atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a aistriú chuig tríú tír, eagraíocht idirnáisiúnta ná aon pháirtí príobháideach, ná a sholáthar dóibh, cé is moite d'aistrithe chuig Interpol chun críche na huathphróiseála a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(b) agus (m). Tá aistrithe sonraí pearsanta chuig Interpol faoi réir fhorálacha Airteagal 9 de Rialachán 45/2001.

2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a gheobhaidh Ballstát ó Lárchóras ETIAS chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistriú chuig tríú tír, eagraíocht idirnáisiúnta ná aonán príobháideach ar bith atá bunaithe laistigh ná lasmuigh den Aontas ná ní chuirfear ar fáil dóibh iad. Beidh feidhm ag an toirmeasc seo freisin má dhéantar tuilleadh próiseála ar na sonraí sin ar an leibhéal náisiúnta nó idir Ballstáit.

Airteagal 56
Maoirseacht ag an údarás maoirseachta náisiúnta

1. Áiritheoidh an t-údarás maoirseachta nó na húdaráis mhaoirseachta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 51 de [Rialachán 2016/679] go ndéanfar iniúchadh, gach ceithre bliana ar a laghad, ar na hoibríochtaí próiseála sonraí a dhéanfaidh Aonaid Náisiúnta ETIAS i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a dhóthain acmhainní ag an údarás maoirseachta chun na cúraimí a chuirtear air faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

3. Soláthróidh gach Ballstát aon fhaisnéis a iarrfaidh na húdaráis mhaoirseachta agus, go háirithe, aon fhaisnéis maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis na freagrachtaí atá orthu faoin Rialachán seo. Tabharfaidh gach Ballstát rochtain do na húdaráis mhaoirseachta ar a dtaifid agus ceadóidh siad dóibh rochtain a bheith acu tráth ar bith ar gach áitreabh dá gcuid a bhaineann le ETIAS.

Airteagal 57
Maoirseacht ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí gur i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha a dhéanfar iniúchadh, gach ceithre bliana ar a laghad, ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta eu-LISA agus Láraonad ETIAS. Seolfar tuarascáil ar an iniúchadh sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig eu-LISA, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit. Tabharfar an deis do eu-LISA agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta barúlacha a nochtadh sula nglacfar na tuarascálacha ina leith.

Airteagal 58
Comhoibriú idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Gníomhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndlúthchomhar le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ar shaincheisteanna lena gceanglaítear rannpháirtíocht náisiúnta, go háirithe má chinneann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás maoirseachta náisiúnta go bhfuil neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó má aimsíonn sé aistrithe a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a rinneadh trí bhealaí cumarsáide ETIAS, nó i gcomhthéacs ceisteanna arna n-ardú ag údarás maoirseachta náisiúnta amháin nó níos mó ar chur chun feidhme agus léiriú an Rialacháin seo.

2. I gcásanna dá dtagraítear faoi mhír 1, féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta atá inniúil i dtaobh mhaoirseacht na cosanta sonraí, agus iad araon ag feidhmiú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, faisnéis ábhartha a mhalartú, cabhrú lena chéile i dtaobh iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh, scrúdú a dhéanamh ar dheacrachtaí maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, staidéar a dhéanamh ar fhadhbanna a bhaineann le feidhmiú maoirseachta neamhspleáiche nó le feidhmiú chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, tograí comhchuibhithe a dhréachtú i gcomhair comhréiteach ar aon fhadhbanna agus feasacht a spreagadh i dtaobh cearta cosanta sonraí, de réir mar is gá.

3. Tiocfaidh na húdaráis mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le chéile chun na críche sin faoi dhó sa bhliain ar a laghad mar chuid den Bhord a bunaíodh

faoi [Rialachán (AE) 2016/679]. Is é an Bord a bunaíodh faoi [Rialachán (AE) 2016/679] a sheasfaidh costais na gcruinnithe sin. Glacfar rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú. Forbrófar tuilleadh modhanna oibre go comhpháirteach de réir mar is gá.

4. Seolfar comhthuarascáil ar na gníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus chuig eu-LISA gach re bliain. Sa tuarascáil sin, beidh caibidil ó gach Ballstát arna hullmhú ag údarás maoirseachta an Bhallstáit sin.

Airteagal 59
Taifid a choinneáil

1. Coinneoidh eu-LISA taifid ar gach oibríocht próiseála sonraí a dhéantar laistigh de Chóras Faisnéise ETIAS. Léireofar sna taifid sin cuspóir na rochtana, dáta agus am gach oibríochta, na sonraí arna n-úsáid chun uathphróiseáil a dhéanamh ar na hiarratais, na hamais a fuarthas agus an uathphróiseáil atá leagtha síos in Airteagal 18 á cur i gcrích, na sonraí a úsáideadh i gcomhair fhíorú na céannachta maidir le Lárchóras ETIAS nó córais faisnéise eile agus bunachair shonraí eile, torthaí an phróisis fíoraithe dá dtagraítear in Airteagal 20 agus na baill foirne a rinne an rochtain.

2. Coinneoidh Láraonad ETIAS taifid i leith na mball foirne atá cuí-údaraithe chun na fíoruithe céannachta a dhéanamh.

3. Coinneoidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh taifid i gCóras Faisnéise ETIAS ar na hoibríochtaí próiseála sonraí go léir agus é ag cur i gcrích an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 22. Léireofar sna taifid sin dáta agus am gach oibríochta, na sonraí a úsáideadh i gcomhair córais faisnéise eile agus bunachair shonraí eile a chuardach, na sonraí a bhaineann leis an amas a fuarthas, na baill foirne a rinne an measúnú riosca agus an t-údar cuí is bonn leis an gcinneadh údarú taistil a eisiúint, a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú.

Ina theannta sin, coinneoidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit fhreagraigh taifid ar na baill foirne atá cuí-údaraithe i dtaobh na sonraí a iontráil nó a aisghabháil.

4. Coinneoidh eu-LISA taifid ar gach oibríocht próiseála sonraí a dhéantar laistigh de Chóras Faisnéise ETIAS maidir le rochtain a dhéanfaidh iompróirí ar an ngeata agus maidir le rochtain na n-údaráis inniúil chun seiceálacha a dhéanamh ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 39 agus Airteagal 41. Léireofar sna taifid sin dáta agus am gach oibríochta, na sonraí a úsáideadh chun an cuardach a sheoladh, na sonraí a tharchuir Lárchóras ETIAS agus ainm bhaill foirne údaraithe an iompróra nó an údaráis inniúil a rinne na sonraí a iontráil agus a aisghabháil.

Ina theannta sin, coinneoidh na hiompróirí agus na húdaráis inniúla taifid ar na baill foirne atá cuí-údaraithe i dtaobh na sonraí a iontráil agus a aisghabháil.

5. Ní fhéadfar na taifid sin a úsáid ach chun faireachán cosanta sonraí a dhéanamh ar inghlacthacht phróiseáil na sonraí agus chun slándáil agus sláine na sonraí a áirithiú. Úsáidfear bearta iomchuí chun na taifid sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus scriosfar na taifid bliain amháin tar éis don tréimhse choinneála dá dtagraítear in Airteagal 47 a dhul in éag, mura mbeidh gá leo i gcomhair nósanna imeachta faireacháin ar cuireadh tús leo cheana.

Cuirfidh eu-LISA agus Aonaid Náisiúnta ETIAS na taifid sin ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus, faoi seach, do na húdaráis mhaoirseachta inniúla arna iarraidh sin.

Airteagal 60
Coinneáil na dtaifead, na logaí agus na ndoiciméad i dtaobh iarrataí ar cheadú sonraí i leith rochtana chun críche fhorghníomhú an dlí

1. Coinneoidh eu-LISA taifid ar na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh laistigh de Lárchóras ETIAS maidir leis an rochtain a dhéanfaidh lárphointí rochtana chun críocha Airteagal 1(2). Léireofar sna taifid sin dáta agus am gach oibríochta, na sonraí a úsáideadh chun an cuardach a sheoladh, na sonraí a tharchuir Lárchóras ETIAS agus ainm bhaill foirne údaraithe na lárphointí rochtana a rinne na sonraí a iontráil agus a aisghabháil.

2. Ina theannta sin, coinneoidh gach Ballstát agus Europol taifid ar na hoibríochtaí próiseála sonraí go léir laistigh de Lárchóras ETIAS a eascraíonn as iarrataí chun sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a cheadú nó a rochtain chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2). Beidh ar áireamh sna taifid logaí agus doiciméid i leith na n-oibríochtaí próiseála sonraí go léir.

3. Léireofar sna taifid sin:

   (a) cad é go baileach is cuspóir don iarraidh ar shonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a cheadú nó a rochtain, lena n-áirítear an cion sceimhlitheoireachta nó an cion coiriúil tromchúiseach eile lena mbaineann agus, i gcás Europol, cad é go baileach is cuspóir don iarraidh ar cheadú;

   (b) an cinneadh a glacadh i ndáil le hinghlacthacht na hiarrata;

   (c) tagairt an chomhaid náisiúnta;

   (d) an dáta agus an t-am baileach a d'iarr an Pointe Rochtana Náisiúnta rochtain ar Lárchóras ETIAS;

   (e) más infheidhme, úsáid an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 44(4) agus an cinneadh a glacadh maidir leis an bhfíorú *ex post*;

   (f) cé acu de na sonraí nó an tacar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 45(2) agus (3) a úsáideadh i ndáil leis an gceadú;

   (g) i gcomhréir le rialacha náisiúnta nó le Rialachán (AE) 2016/794, marc aitheantais an oifigigh a rinne an cuardach agus an oifigigh a d'ordaigh an cuardach nó an soláthar.

4. Ní úsáidfear na taifid dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 ach amháin chun inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil, chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus chun slándáil agus sláine na sonraí a áirithiú. Ní ceadmhach a úsáid i gcomhair an fhaireacháin agus na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 81 ach taifid ina bhfuil sonraí neamhphearsanta. An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus as sláine agus slándáil na sonraí, beidh rochtain acu ar na taifid sin ar iarraidh uathu chun a ndualgais a chomhlíonadh. Beidh rochtain ag an údarás atá freagrach as inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil ar na taifid sin freisin chun na críche sin. Seachas i gcás na gcríoch thuasluaite, tar éis aon mhí amháin déanfar sonraí pearsanta chomh maith

leis na taifid ar na hiarrataí ar cheadú sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a scriosadh ó na comhaid náisiúnta agus na comhaid Europol uile, ach amháin más rud é go bhfuil na sonraí agus na taifid sin de dhíth chun críocha an imscrúdaithe choiriúil shonraigh atá fós ar siúl agus ar iarr an Ballstát nó Europol na sonraí sin ina leith.

CAIBIDIL XII
Feasacht an phobail

Airteagal 61
Faisnéis don phobal i gcoitinne

Cuirfidh Láraonad ETIAS ar fáil don phobal i gcoitinne gach faisnéis ábhartha maidir le hiarratas ar údarú taistil a dhéanamh, go háirithe:

(a) na critéir, na coinníollacha agus na nósanna imeachta i dtaobh iarratas ar údarú taistil a dhéanamh;

(b) faisnéis a bhaineann leis an suíomh gréasáin agus an aip do ghléas móibíleach ar ar féidir an t-iarratas a sheoladh;

(c) na spriocdhátaí i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas dá bhforáiltear in Airteagal 27;

(d) nach mór fógra a thabhairt don iarratasóir faoi chinntí maidir le hiarratais, nach mór a shonrú sna cinntí sin, nuair is ábhartha, na cúiseanna ar a bhfuil an diúltú bunaithe, agus go bhfuil sé de cheart ag na hiarratasóirí ar diúltaíodh a n-iarratas achomharc a dhéanamh, chomh maith le faisnéis faoin nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás achomhairc, lena n-áirítear an t-údarás inniúil, chomh maith leis an teorainn ama chun achomharc a thaisceadh;

(e) nach dtugtar cead isteach do dhuine díreach toisc údarú taistil a bheith ina sheilbh aige agus go n-iarrfar ar shealbhóirí údaraithe taistil cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach ag an teorainn sheachtrach, dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399, á gcomhlíonadh acu.

Airteagal 62
Feachtas eolais

Ag gníomhú dó i gcomhar le Láraonad ETIAS agus leis na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún ar bun ag tús oibríocht ETIAS feachtas eolais, chun náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chur ar an eolas faoin gceanglas atá orthu i dtaobh údarú taistil, is é sin údarú taistil bailí a bheith ina seilbh acu chun dul thar na teorainneacha seachtracha.

CAIBIDIL XIII
Freagrachtaí

Airteagal 63
Na freagrachtaí atá ar eu-LISA le linn na céime deartha agus forbartha

1. Beidh Córas Faisnéise ETIAS á óstáil ag eu-LISA ina chuid suíomh teicniúil agus cuirfidh sé na feidhmiúlachtaí atá leagtha síos sa Rialachán seo ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le slándáil, infhaighteacht, cáilíocht agus luas de bhun mhír 3.

2. Déanfar na bonneagair lena dtacófar leis an suíomh gréasáin poiblí, an aip agus an geata iompróra a óstáil i suímh de chuid eu-LISA nó de chuid an Choimisiúin. Beidh na bonneagair sin scaipthe ó thaobh áite de chun na feidhmiúlachtaí atá leagtha síos sa Rialachán seo a chur ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le slándáil, infhaighteacht, cáilíocht agus luas atá leagtha síos i mír 3.

3. Beidh eu-LISA freagrach as Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt, agus as aon fhorbairt is gá chun idir-inoibritheacht a bhunú idir Lárchóras ETIAS agus na córais faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 10.

   Is é eu-LISA a shaineoidh dearadh ailtireacht fhisiceach an chórais lena n-áirítear a bhonneagar cumarsáide mar aon leis na sonraíochtaí teicniúla agus an éabhlóid a thiocfaidh orthu i dtaca leis an lárchóras agus na Comhéadain Aonfhoirmeacha, a ghlacfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir tuairim dhearfach ón gCoimisiún. Is é eu-LISA freisin a chuirfidh chun feidhme aon choigeartuithe is gá ar EES, SIS, Eurodac, ECRIS nó VIS a éiríonn as idir-inoibritheacht a bhunú le ETIAS.

   Déanfaidh eu-LISA an lárchóras, na Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta, agus an bonneagar cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme chomh luath agus is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tar éis don Choimisiún na bearta a ndéantar foráil maidir leo in Airteagal 15(2) agus (4), Airteagal 16(4), Airteagal 28(5), Airteagal 39(3), Airteagal 40(2) agus Airteagal72 (1) agus (4) a ghlacadh.

   Is éard a bheidh san fhorbairt mionsaothrú agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla, tástáil agus comhordú foriomlán an tionscadail.

4. Le linn chéim an deartha agus na forbartha, bunófar Bord Bainistíochta an Chláir ar a mbeidh 10 gcomhalta ar a mhéid. Ar an mBord sin beidh seisear comhaltaí a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA as measc a chuid comhaltaí malartacha féin, Cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach ETIAS-EES dá dtagraítear in Airteagal 80, comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar eu-LISA a cheapfaidh a Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a cheapfaidh a Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún. Na comhaltaí a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA, toghfar iad as na Ballstáit sin atá faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí reachtacha lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras mórscála TF uile atá á mbainistiú ag eu-LISA agus as a measc sin amháin, agus a bheidh rannpháirteach in ETIAS. Tiocfaidh Bord Bainistíochta an Chláir le chéile uair amháin sa mhí. Áiritheoidh sé go ndéanfar bainistiú iomchuí ar chéim deartha agus forbartha ETIAS. Cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta uair sa mhí maidir le dul chun

cinn an tionscadail. Ní bheidh aon chumhacht cinnteoireachta ná aon sainordú aige chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

5. Déanfaidh an Bord Bainistíochta rialacha nós imeachta Bhord Bainistíochta an Chláir a bhunú lena n-áireofar go háirithe rialacha maidir leo seo a leanas:

(a) an chathaoirleacht;

(b) ionaid le haghaidh cruinnithe;

(c) ullmhú cruinnithe;

(d) saineolaithe a ligean isteach ar chruinnithe;

(e) pleananna cumarsáide a áiritheoidh go mbeidh an fhaisnéis iomlán ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta nach mbeidh rannpháirteach.

Beidh an chathaoirleacht ag an mBallstát ag a bhfuil an Uachtaránacht, ar choinníoll go bhfuil sé faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí reachtacha lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras mórscála TF uile atá á mbainistiú ag eu-LISA nó, mura gcomhlíonfar an ceanglas sin, beidh an chathaoirleacht ag an gcéad Bhallstát eile ag a mbeidh an Uachtaránacht agus a chomhlíonfaidh an ceanglas sin.

Is é an Ghníomhaireacht a íocfaidh as gach costas taistil agus cothabhála a thabhóidh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir agus beidh feidhm ag Airteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta eu-LISA maidir leo mutatis mutandis. Déanfaidh eu-LISA rúnaíocht Bhord Bainistíochta an Chláir a áirithiú.

Tiocfaidh Grúpa Comhairleach EES-ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 80 le chéile go rialta go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí ETIAS. Tabharfaidh sé tuarascáil do Bhord Bainistíochta an Chláir tar éis gach cruinnithe. Cuirfidh sé saineolas teicniúil ar fáil chun tacú le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir agus déanfaidh sé an obair leantach a bhaineann le hullmhacht na mBallstát.

Airteagal 64
Freagrachtaí eu-LISA tar éis do ETIAS dul i mbun oibríochtaí

1. Tar éis do ETIAS dul i mbun oibríochtaí, beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil an lárchórais agus na gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta. Áiritheoidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit, go n-úsáidfear an teicneolaíocht is fearr a bheidh ar fáil, faoi réir anailís costais is tairbhe. Ina theannta sin, is é eu-LISA a bheidh freagrach as bainistiú oibríochtúil an bhonneagair cumarsáide idir an lárchóras agus na Comhéadain Aonfhoirmeacha Náisiúnta agus as an suíomh gréasáin poiblí, an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha, an tseirbhís ríomhphoist, an tseirbhís cuntais shláin, an geata iompróra, an tseirbhís gréasáin agus na bogearraí chun na hiarratais dá dtagraítear in Airteagal 6 a phróiseáil.

Is éard a bheidh i mbainistiú teicniúil ETIAS na cúraimí go léir a theastaíonn chun Córas Faisnéise ETIAS a choinneáil ar bun 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá sa tseachtain i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá lena áirithiú go mbeidh an córas ag feidhmiú ar leibhéal atá sásúil ó thaobh na cáilíochta teicniúla de, go háirithe maidir le haga freagartha i ndáil leis an mbunachar sonraí láir a chuardach i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla.

2. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, cuirfidh eu-LISA rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí comhionanna rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena chuid ball foirne ar fad ar gá dóibh oibriú le sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin chomh maith tar éis do na baill foirne sin imeacht as oifig nó scor den fhostaíocht nó tar éis fhoirceannadh a ngníomhaíochtaí.

3. Is é eu-LISA freisin a dhéanfaidh cúraimí maidir le hoiliúint ar úsáid theicniúil Chóras Faisnéise ETIAS a chur ar fáil.

Airteagal 65
Na freagrachtaí a bheidh ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta

1. Beidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freagrach as an méid seo a leanas:

   (a) bunú agus oibriú Láraonad ETIAS;

   (b) uathphróiseáil na n-iarratas;

   (c) na rialacha maidir le scagadh.

2. Sula dtabharfar údarás dóibh na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a phróiseáil, cuirfear oiliúint iomchuí ar bhaill foirne Láraonad ETIAS a bhfuil sé de cheart acu Lárchóras ETIAS a rochtain faoi shlándáil sonraí agus rialacha cosanta sonraí, agus go háirithe faoi chearta bunúsacha ábhartha.

Airteagal 66
Freagrachtaí na mBallstát

1. Beidh gach Ballstát freagrach as an méid seo a leanas:

   (a) an nasc leis an gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta;

   (b) eagrú, bainistiú, oibriú agus cothabháil Aonaid Náisiúnta ETIAS i ndáil le scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar údaruithe taistil a diúltaíodh le linn uathphróiseáil na n-iarratas agus cinneadh a dhéanamh ina dtaobh;

   (c) na lárphointí rochtana agus a nasc leis an gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta a eagrú chun críche fhorghníomhú an dlí;

   (d) bainistiú agus socruithe a dhéanamh i ndáil le rochtain ag baill foirne chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar Chóras Faisnéise ETIAS i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta de na baill foirne sin, maille lena bpróifílí, a chruthú agus a nuashonrú go rialta;

   (e) bunú agus oibriú Aonaid Náisiúnta ETIAS.

2. Úsáidfidh gach Ballstát próisis uathoibrithe chun Lárchóras ETIAS a chuardach ag an teorainn sheachtrach.

3. Sula dtabharfar údarás dóibh na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a phróiseáil, cuirfear oiliúint iomchuí ar bhaill foirne Aonaid Náisiúnta ETIAS a bhfuil sé de cheart acu

Córas Faisnéise ETIAS a rochtain faoi shlándáil sonraí agus rialacha cosanta sonraí, agus go háirithe faoi chearta bunúsacha ábhartha.

Airteagal 67
Freagrachtaí Europol

4. Áiritheoidh Europol próiseáil na gcuardach dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(j) agus (4) agus cur in oiriúint a chóras faisnéise dá réir sin.

5. Beidh Europol freagrach as liosta faire ETIAS a bhunú de bhun Airteagal 29.

6. Beidh Europol freagrach as tuairim a sholáthar tar éis iarraidh ar chomhairliúchán de bhun Airteagal 26.

CAIBIDIL XIV
Leasuithe ar ionstraimí eile de chuid an Aontais

Airteagal 68
Leasuithe ar Rialachán (AE) 515/2014

Leasaítear Rialachán (AE) 515/2014 mar seo a leanas:

In Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír 3b seo a leanas:

“3bis. I rith na céime forbartha gheobhaidh na Ballstáit leithdháileadh breise EUR 96,5 milliún anuas ar a leithdháileadh bunúsach agus caithfidh siad an cistiú sin go léir ar ETIAS lena fhorbairt thapa, éifeachtach a áirithiú i gcomhréir le cur chun feidhme Lárchóras ETIAS, mar a fhoráiltear dó sa [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)].”

Airteagal 69
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/399

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 mar seo a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) tá víosa bhailí ina seilbh acu má cheanglaítear amhlaidh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle nó tá údarú taistil bailí ina seilbh acu má cheanglaítear amhlaidh de bhun [an Rialacháin lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil], ach amháin i gcás ina bhfuil cead cónaithe bailí nó víosa fadfhanachta bhailí acu;"

2. In Airteagal 8, leasaítear mír 3 mar seo a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (i):

"(i) fíorú go bhfuil doiciméad i seilbh an náisiúnaigh tríú tír atá bailí chun an teorainn a thrasnú agus nach bhfuil imithe in éag, agus go bhfuil ag gabháil leis an doiciméad sin, nuair is infheidhme, an víosa, an t-údarú taistil nó an cead cónaithe atá riachtanach."

(b) cuirtear isteach an pointe (bb) seo a leanas:

"(bb) má tá údarú taistil dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(b) ag an náisiúnach tríú tír, cuimseofar sna seiceálacha críochnúla ar dhul isteach freisin fíorú a dhéanamh ar bharántúlacht, bailíocht agus stádas an údaraithe taistil agus, más infheidhme, ar chéannacht shealbhóir an údaraithe taistil, trí ETIAS a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 41 den [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)]"

3. In Iarscríbhinn V páirt B sna cúiseanna leis an diúltú, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (C):

"(C) níl víosa, údarú taistil ná cead cónaithe bailí aige."

Airteagal 70
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/794

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 mar seo a leanas:

1. (1) In Airteagal 4 mír 1, cuirtear isteach an pointe (n) seo a leanas:

"(n) liosta faire ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 29 den [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)] a bhunú, a bhainistiú agus a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 18(2)(a)."

2. Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“Airteagal 21

Rochtain ag Eurojust, ag OLAF agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta chun críocha ETIAS amháin ar fhaisnéis arna stóráil ag Europol"

(b) cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

"Glacfaidh Europol gach beart iomchuí chun cur ar chumas na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, faoina sainordú agus chun críocha [an Rialacháin lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)], rochtain indíreach a bheith aici ar bhonn córas ina mbraitear/nach mbraitear amas ar fhaisnéis arna cur ar fáil chun críocha phointe (a) d'Airteagal 18 (2) gan dochar d'aon srianta arna sonrú ag an mBallstát, ag comhlacht de chuid an Aontais, ag tríú tír nó ag eagraíocht idirnáisiúnta a chuireann an fhaisnéis i gceist ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 19(2).

I gcás amas a bheith ann, tionscnóidh Europol an nós imeachta trína bhféadfar an fhaisnéis ba chúis leis an amas a chomhroinnt, i gcomhréir leis an gcinneadh ó sholáthraí na faisnéise do Europol, agus gan í a chomhroinnt ach amháin a mhéid is gá na sonraí is cúis le brath an amais chun go ndéanfadh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúraimí a bhaineann le ETIAS.

Beidh feidhm ag mír 2 go dtí mír 7 den Airteagal seo dá réir."

Airteagal 71
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/1624

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/1624 mar seo a leanas:

1. In Airteagal 8 mír 1, cuirtear isteach an pointe (qq) seo a leanas:

"(qq) na cúraimí agus na hoibleagáidí a bheidh ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta dá dtagraítear sa [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)] a chomhlíonadh agus a áirithiú go mbunófar agus go mbainisteofar Láraonad ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 7 den [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)]."

2. I gCaibidil II, cuirtear Roinn 5 seo a leanas leis:

"Roinn 5

ETIAS

Airteagal 33a
Cruthú Láraonad ETIAS

1. Bunaítear leis seo Láraonad ETIAS.

2. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cruthú agus bainistiú Láraonad ETIAS de bhun Airteagal 7 den [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)]."

CAIBIDIL XV
Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 72
Idirthréimhse agus bearta idirthréimhseacha

1. Ar feadh sé mhí ón dáta ar a dtosóidh ETIAS i mbun oibríochtaí, beidh úsáid ETIAS roghnach agus ní bheidh feidhm ag an gceanglas a bheith i seilbh údarú taistil bailí. Féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78 chun síneadh ama a chur leis an tréimhse sin ar feadh sé mhí eile ar a mhéid.

2. Le linn na tréimhse sé mhí sin, cuirfidh na gardaí teorann náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an cheanglais i dtaobh údarú taistil ar an eolas agus iad ag trasnú na dteorainneacha seachtracha go mbeidh ceanglas orthu údarú taistil bailí a bheith acu ó dhul in éag na tréimhse sé mhí. Chun na críche sin, scaipfidh na gardaí teorann bileog eolais choiteann ar an gcatagóir taistealaithe sin.

3. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an bhileog eolais choiteann sin a dhréachtú agus a chur ar bun. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 79(2) agus beidh ar a laghad an fhaisnéis dá

dtagraítear in Airteagal 61 ann. Beidh an bhileog eolais choiteann soiléir simplí, agus beidh fáil uirthi i dteanga a thuigfidh an duine lena mbaineann nó i dteanga a shíltear le réasún go dtuigfidh sé.

4. Féadfar tréimhse cairde a bhunú i ndiaidh dheireadh na tréimhse atá sainithe i mír 1. Le linn na tréimhse sin, beidh feidhm ag an gceanglas údarú taistil bailí a bheith i seilbh duine. Le linn na tréimhse cairde ceadóidh na gardaí teorann, ar bhonn eisceachtúil, do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an cheanglais i dtaobh údarú taistil agus nach bhfuil údarú taistil acu dul trasna na dteorainneacha seachtracha i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha eile go léir atá leagtha síos in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399 ar choinníoll go bhfuil siad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát den chéad uair ó dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Cuirfidh na gardaí teorann in iúl do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an cheanglais i dtaobh údarú taistil go bhfuil ceanglas orthu údarú taistil bailí a bheith acu i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(b) de Rialachán (AE) 2016/399.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe ar fhad na tréimhse cairde dá dtagraítear i mír 4. Ní rachaidh an tréimhse sin thar dhá mhí dhéag ó dheireadh na tréimhse atá sainithe i mír 1.

Airteagal 73
Úsáid sonraí chun críocha tuairiscithe agus staitisticí

1. Chun críocha tuairiscithe agus staitisticí agus chucu sin amháin, ach gan cead a bheith acu iarratasóirí aonair a aithint, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, eu-LISA agus Láraonad ETIAS ar na sonraí seo a leanas, d'fhonn iad a cheadú:

   (a) faisnéis faoin stádas;

   (b) náisiúntachtaí, inscne agus dáta breithe an iarratasóra;

   (c) an tír chónaithe;

   (d) oideachas;

   (e) slí bheatha reatha (réimse), teideal an phoist;

   (f) cineál an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a d'eisigh;

   (g) an cineál údaraithe taistil agus, i gcás údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige, tagairt don Bhallstát nó do na Ballstáit a d'eisigh an t-údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige;

   (h) tréimhse bhailíochta an údaraithe taistil;

   (i) na cúiseanna le húdarú taistil a dhiúltú, a chúlghairm nó a neamhniú.

2. Chun críche mhír 1, déanfaidh eu-LISA lárstóras a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil a ina mbeidh na sonraí dá dtagraítear i mír 1, ar sonraí iad nach bhféadfaí duine a shainaithint dá mbíthin, ach a bhféadfadh na húdaráis atá liostaithe i mír 1 a úsáid chun tuarascálacha agus staitisticí inoiriúnaithe a fháil d'fhonn feabhas a chur ar an measúnú ar an mbaol imirce neamhrialta, an baol slándála nó an baol don tsláinte, chun feabhas a chur

ar éifeachtúlacht na seiceálacha teorann, chun cuidiú le Láraonad ETAS agus iarratais ar údarú taistil á bpróiseáil aige agus chun tacú le déanamh beartas imirce an Aontais ar bhonn fianaise. Beidh sa lárstóras sin freisin staitisticí laethúla faoi na sonraí dá dtagraítear i mír 4. Is le slánrochtain trí S-TESTA a thabharfar rochtain ar an lárstóras chun críocha tuairiscithe agus staitisticí, agus chucu sin amháin; rialálfar an rochtain sin agus próifílí na n-úsáideoirí sonracha.

Glacfar rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú an lárstórais agus maidir leis na rialacha cosanta sonraí agus na rialacha slándála is infheidhme maidir leis an lárstóras i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

3. Áireofar leis na nósanna imeachta a chuirfidh eu-LISA ar bun chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht Chóras Faisnéise ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 81(1) go bhféadfar staitisticí a sholáthar ar bhonn rialta d'fhonn an faireachán sin a áirithiú.

4. Gach ráithe, foilseoidh eu-LISA staitisticí ar Chóras Faisnéise ETIAS lena léireofar go háirithe líon agus náisiúntacht na n-iarratasóirí ar diúltaíodh údarú taistil dóibh, lena n-áirítear na forais don dhiúltú, agus líon agus náisiúntacht na náisiúnach tríú tír a ndearnadh a gcuid údaruithe taistil a neamhniú nó a chúlghairm.

5. Is mar staitisticí i leith gach ráithe den bhliain sin a thiomsófar na sonraí staitistiúla ag ceann gach bliana.

6. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh eu-LISA ar fáil dó staitisticí maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo chomh maith leis na staitisticí de bhun mhír 3.

Airteagal 74
Costais

Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thitfidh na costais a thabhófar i dtaca le Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt, i dtaca leis an mbonneagar teorann náisiúnta reatha a chomhtháthú agus a cheangal leis an gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta, i dtaca leis an gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta a óstáil, Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS a bhunú agus ETIAS a fheidhmiú.

Ní chuirfear san áireamh na costais seo a leanas:

(a) oifig bainistíochta tionscadal na mBallstát (cruinnithe, misin, oifigí);

(b) córais náisiúnta a óstáil (spás, forghníomhú, leictreachas, fuarú);

(c) córais náisiúnta a fheidhmiú (oibreoirí agus conarthaí tacaíochta);

(d) na seiceálacha teorann atá ann cheana a oiriúnú;

(e) líonraí cumarsáide náisiúnta a dhearadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fheidhmiú agus a chothabháil;

Airteagal 75
Ioncaim

Is éard a bheidh san ioncam a ghinfidh ETIAS ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012.

Airteagal 76
Fógraí

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh an údaráis a mheasfar i gcáil rialaitheora dá dtagraítear in Airteagal 50.

2. Tabharfaidh Láraonad ETIAS agus na Ballstáit fógra do eu-LISA i dtaobh na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 11 a mbeidh rochtain acu ar Chóras Faisnéise ETIAS.

   Foilseofar liosta comhdhlúite na n-údarás sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* laistigh de thrí mhí tar éis do ETIAS teacht i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 77. I gcás ina ndéanfar leasuithe ar an liosta, foilseoidh eu-LISA liosta comhdhlúite nuashonraithe uair sa bhliain.

3. Tabharfaidh na Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis na húdaráis atá ainmnithe acu dá dtagraítear in Airteagal 43 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill maidir le haon leasú orthu sin.

4. Tabharfaidh eu-LISA fógra don Choimisiún maidir le cur i gcríoch rathúil na tástála dá dtagraítear in Airteagal 77(1)(b).

5. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a dtugtar fógra fúithi de bhun mhír 1 ar fáil do na Ballstáit agus don phobal ar shuíomh gréasáin poiblí a nuashonrófar go leanúnach.

Airteagal 77
Teacht i bhfeidhm

1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a thosóidh ETIAS ag feidhmiú ar choinníoll go mbeidh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

   (a) tá na bearta dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus (4), Airteagal 16(4), Airteagal 28(3), Airteagal 39(3), Airteagal 40(2), Airteagal 72(1) agus (5) agus Airteagal 73(2) glactha;

   (b) tá sé dearbhaithe ag eu-LISA gur éirigh le tástáil chuimsitheach atá curtha i gcrích ar ETIAS;

   (c) tá bailíochtú déanta ag eu-LISA agus Láraonad ETIAS ar na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15 a bhailiú agus a tharchur chuig Lárchóras ETIAS agus tá fógra tugtha acu don Choimisiún ina leith;

   (d) tá fógra tugtha ag na Ballstáit agus Láraonad ETIAS don Choimisiún i dtaobh na sonraí a bhaineann leis na húdaráis éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 76(1) agus (3).

2. Is é eu-LISA a dhéanfaidh an tástáil ar ETIAS dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 i gcomhar leis na Ballstáit agus le Láraonad ETIAS.

3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na tástála arna déanamh de bhun phointe (b) de mhír 1 in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. Tosóidh na Ballstáit agus Láraonad ETIAS ag úsáid ETIAS ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 78
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus (4), Airteagal 16(4), Airteagal 28(3) agus Airteagal 72(1) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus (4), Airteagal 16(4), Airteagal 28(3) agus Airteagal 72(1) agus (5) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15(2) agus (4), Airteagal 16(4), Airteagal 28(3) agus Airteagal 72(1) agus (4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [dhá mhí] ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 79
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 80
Grúpa comhairleach

Déanfar freagrachtaí Ghrúpa Comhairleach EES de chuid eu-LISA a leathnú go dtí ETIAS. Soláthróidh Grúpa Comhairleach EES-ETIAS do eu-LISA an saineolas a bhaineann le ETIAS, go háirithe agus a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta á n-ullmhú aige.

Airteagal 81
Faireachán agus meastóireacht

1. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt Chóras Faisnéise ETIAS de réir cuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú ETIAS de réir cuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2. Faoin [*Six months after the entry into force of this Regulation* – OPOCE, please replace with the actual date] agus gach sé mhí dá éis le linn chéim forbartha Chóras Faisnéise ETIAS, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an lárchórais, na gComhéadan Aonfhoirmeach agus an bhonneagair cumarsáide idir an lárchóras agus na Comhéadain Aonfhoirmeacha. Ach críoch a bheith curtha leis an bhforbairt, cuirfear tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar a mhíniú go mionsonrach cé mar a baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costas, agus ina dtabharfar údar cuí i gcás inar imíodh óna raibh socraithe.

3. Chun críocha na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh i gCóras Faisnéise ETIAS.

4. Dhá bhliain tar éis do ETIAS dul i mbun oibríochtaí agus gach re bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil Chóras Faisnéise ETIAS, lena n-áirítear cúrsaí slándála ina thaobh, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

5. Trí bliana tar éis do ETIAS dul i mbun oibríochtaí agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar ETIAS agus cuirfidh sé aon mholtaí is gá faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Áireofar sa mheastóireacht sin:

   (a) na torthaí a bhain ETIAS amach ag féachaint dá chuspóirí, dá shainordú agus dá chúraimí;

   (b) tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmíocht ETIAS agus a chleachtas oibre i ndáil lena chuspóirí, lena shainordú agus lena chúraimí;

   (c) rialacha an uathphróiseálaí iarratais a úsáidtear chun críche an mheasúnaithe riosca;

   (d) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann chun sainordú Láraonad ETIAS a mhodhnú;

   (e) na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú den sórt sin;

   (f) an tionchar ar chearta bunúsacha.

Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar an meastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

6. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA, do Láraonad ETIAS agus don Choimisiún pé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin aon mhodh oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti ina nochtfar foinsí, céannacht ball foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

7. Soláthróidh eu-LISA agus Láraonad ETIAS don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 5 a dhéanamh.

8. Agus urraim á tabhairt d'fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, ullmhóidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le héifeachtacht na rochtana ar shonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí, ina mbeidh faisnéis agus staitisticí faoi na nithe seo a leanas:

   (a) cad é go baileach is cuspóir don cheadú lena n-áirítear cineál an chiona sceimhlitheoireachta nó cineál an chiona thromchúisigh choiriúil;

   (b) na forais réasúnacha a tugadh maidir leis an amhras a bhfuil údar leis go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach i gcatagóir atá cumhdaithe faoin Rialachán seo;

   (c) an líon iarrataí ar rochtain ar Lárchóras ETIAS chun críocha fhorghníomhú an dlí;

   (d) an líon agus na cineálacha cásanna inar éirigh leis na húdaráis an duine a shainaithint;

   (e) eolas faoin ngá atá leis an gcás práinne eisceachtúil agus faoin úsáid a bhaintear as, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an bpráinn sin iontu san fhíorú *ex post* a rinne an lárphointe rochtana.

   Tarchuirfear tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus Europol chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 lá de Mheitheamh na bliana dar gcionn.

Airteagal 82
Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*